Leathanbhanda VDSL	317,947	–6.01%	–21.08%
Leathanbhanda FTTP	957,957	5.40%	25.44%
Leathanbhanda Satailíte	19,877	21.31%	72.14%
Leathanbhanda FWA	69,993	–7.61%	–20.50%
Leathanbhanda Seasta Iomlán	1,716,609	0.76%	2.65%
Leathanbhanda Móibíleach	393,253	–0.17%	2.60%
Leathanbhanda Iomlán	2,109,862	0.59%	2.64%

Fíor 1. Síntiúis Leathanbhanda de réir Cineál Síntiúis

Margadh Leathanbhanda

Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2025, bhí beagán os cionn 2.1 mhilliún líne síntiús leathanbhanda ann. Ba mhéadú 2.6% é seo ar R2 2024. Mhéadaigh síntiús Cábla Snáthoptaice go hÁitreabh (FTTP) go 957,957 i R2 2025, méadú de 25.4% ó Ráithe 2 2024. Bhí leathanbhanda Gigighiotáin (FTTP nó Cábla) ar fáil in 88% d'áitribh ag deireadh Ráithe 2 2025. Bhí Éire (93%) díreach faoi mheán an AE (93%) i ndáil leis an gcéatadán teaghlach a bhfuil rochtain acu ar an idirlíon sa bhaile in 2024.¹

I R2 2025, bhí 27.7% de na línte síntiús leathanbhanda seasta miondíola ag Eir, agus Virgin Media ina dhiaidh sin a raibh 20.9% de línte aici. Bhí 20.8% ag Vodafone (gan leathanbhanda soghluaiste san áireamh), 15.9% ag Sky Ireland, 2.5% ag Pure Telecom, 2.2% ag Imagine, agus 2.2% ag Digiweb. B'ionann gach Oibritheoir Eile le chéile agus an sciar 7.8% eile de línte síntiús leathanbhanda seasta miondíola.

I R2 2025 d'úsáid meán-shíntiúsóir leathanbhanda seasta 498 GB sonraí in aghaidh na míosa, suas ó 433 GB i R2 2024. Maidir le luasanna íoslódála líne rannpháirtí, ag deireadh R2 2025, bhí seirbhísí ag 68.8% de na línte leathanbhanda go léir ag luasanna díolta cothrom le nó níos mó ná 500 le nó níos mó ná 1 Gbps.

Teileafónaíocht Guth Seasta

Bhí 1.03 milliún líne síntiús ghutha seasta i margadh na hÉireann i Meitheamh 2025, laghdú 8% ó Meitheamh 2024. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2025, b'ionann Eir agus 52.9% den mhargadh teileafónaíochta guth seasta agus Virgin Media ina dhiaidh sin ag 14%. I Ráithe 2 2025 laghdaigh trácht gutha a bhí ag teacht ó líonraí seasta go dtí 215 milliún nóiméad agus thionscain an meánsíntiúsóir cónaithe 40 nóiméad de ghlaonna gutha seasta agus thionscain an meánsíntiúsóir gnó 238 nóiméad de ghlaonna gutha seasta in aghaidh na míosa i Ráithe 2 2025.

¹ Geilleagar Digiteach an AE agus an tSochaí

Seirbhísí Cumarsáide Soghluaiste

Ag deireadh Mheitheamh 2025, bhí 10.6 milliún síntiús le haghaidh seirbhísí cumarsáide móibíleacha lena n-áirítear síntiúis leathanbhanda mhóibíligh agus Meaisín le Meaisín (M2M) in Éirinn. I Ráithe 2 2025, bhí na síntiúis M2M iomlána cothrom le 4.2 milliún, arb ionann é agus fás bliantúil atá ag tarlú ag ráta 10%.

Bhí an cion is mó de shíntiúis leathanbhanda (lena n-áirítear leathanbhanda móibíleacha agus M2M) ag Three Ireland (Hutchison) Teoranta agus ag Three Ireland Services (Hutchison) Teoranta (ar a dtugtar Three i dteannta a chéile) – 49.2%. Laghdaigh meánlíon na nóiméad guthghlaonna míosúla don síntiúsóir móibíleach in Éirinn go dtí 152 nóiméad sa mhí i mí Meithimh 2025. I mí Meithimh 2025 bhí an meánlíon tráchtá don síntiúsóir móibíleach a bhí ag úsáid seirbhísí gutha agus sonraí cothrom le 19.7 GB.



04

Tomhaltóirí



Caibidil 04

Tomhaltóirí

Cur Chuige Straitéiseach

Is é cur chuige straitéiseach foriomlán ComReg tomhaltóirí a chosaint agus eolas a roinnt leo ionas gur féidir leo seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.

I rith na tréimhse idir an 1 Iúil 2024 agus an 30 Meitheamh 2025, chuir ComReg roinnt gníomhartha i gcrích chun a spriocanna tomhaltóra gaolmhara a sheachadadh chun dul chun tairbhe tomhaltóirí i rith chéimeanna aistear an tomhaltóra: Ag Roghnú, Ag Clárú, Ag Aistriú agus Ag Úsáid. Bhí gníomhartha ComReg atá léirithe thíos dírithe ar Rannpháirtíocht leis an bPobal, Cúram agus Cúiteamh Tomhaltóirí, Cearta Tomhaltóirí/ Cosaint agus Comhlíonadh.



Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.


Rannpháirtíocht Phoiblí

Tá sé mar aidhm ag ComReg tomhaltóirí a chumasú trína chinntiú go bhfuil faisnéis, comhairle, agus acmhainní ar líne neamhspleácha ar fáil, agus ag an am céanna trí phróiseas láimhseála gearán éifeachtach a chur ar fáil.

Mar aon le taighde a dhéanamh, téimid i mbun rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara éagsúla trí chainéil cosúil leis an bhFoireann Cúraim Tomhaltóirí, an clár Cumarsáide agus Rannpháirtíochta, an Painéal Comhairleach Tomhaltóirí, eagraíochtaí páirtithe leasmhara tomhaltóirí eile agus taighde ar thomhaltóirí a dhéanamh chun teacht ar thuiscint ar riachtanais athraitheacha custaiméirí.



Aithníonn agus tuigeann ComReg údar dochair do thomhaltóirí.



Fíor 2. Ról ComReg agus Turas Tomhaltóirí

Faisnéis faoi Chearta Tomhaltóirí

Baineann tomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus faoi mhíchumas, tairbhe as faisnéis thráthúil, ábhartha, shoiléir agus inrochtana a chumasaíonn roghanna eolasacha a dhéanamh maidir le cumarsáid leictreonach.

Tá ComReg airdeallach ar an riachtanas seo, agus lean ComReg ar aghaidh leis an roinn agus leis an ábhar do thomhaltóirí ar **comreg.ie** a nuashonrú chun tuilleadh comhairle agus faisnéise a chur ar fáil maidir le hábhair éagsúla a bhain le seirbhísí cumarsáide leictreonaí.



Tacaítear le tomhaltóirí, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh leochaileacha agus míchumasaithe, trí fhaisnéis shoiléir, chruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil i rith Aistear an Tomhaltóra.

Foilsímid nuacht do thomhaltóirí go rialta² maidir le hábhair cosúil le haistriú, glaonna camscéime, saincheisteanna tomhaltóirí, comhairle, gníomhartha comhlíonta, gníomhaíochtaí for-rochtana, uirlisí tomhaltóirí ComReg, agus comhairliúchán agus tuarascálacha ábhartha.

Acmhainní agus feidhmchláir ar líne chun cabhrú le tomhaltóirí

Soláthraíonn ComReg roinnt feidhmchlár agus acmhainní ar líne ar **comreg.ie**.


Cuireann an feidhmchlár Seiceálaí Leathanbhanda³ ar chumas úsáideoirí infhaighteacht líonra leathanbhanda seasta a sheiceáil trí úsáid a bhaint as Éirchód nó seoladh. Déantar an fhaisnéis a uasdátú uair sa ráithe bunaithe ar shonraí a chuir oibritheoirí líonra leathanbhanda sheasta ar fáil do ComReg. Áirítear ar na hOibritheoirí Líonra atá liostaithe sa Seiceálaí Leathanbhanda faoi láthair Cablecomm, Magnet Networks, NBI, Open Eir, Siro agus Virgin Media.

Tá faisnéis ar an Seiceálaí Leathanbhanda maidir le:

- Snáithín [Cábla Snáthoptaice go háitreabh (FTTP)]
- Páirtsnáithín [Cábla Snáthoptaice go Colbha (FTTC)]
- Cábla [cábala comhaiseach go háitreabh] agus,
- Seirbhísí Copair.

² [Nuacht ComReg do Thomhaltóirí](#)

³ [Seiceálaí Leathanbhanda ComReg](#)



Fíor 3. Seiceáláí Leathanbhanda ComReg

Taispeántar ar Léarscáil an Chlúdaigh Mhóibíligh Lasmuigh⁴ ríomh ComReg ar chlúdach agus ar leibhéil chomhartha ghutháin phóca oibritheoirí ag suíomhanna ar fud na tíre. Ar an léarscáil taispeántar na leibhéil chlúdaigh mhóibíleacha lasmuigh d'úsáideoirí ag a suíomh, rud a chabhraíonn le tomhaltóirí oibritheoirí a roghnú bunaithe ar chlúdach tuartha ina gceantar féin. Ginimid an léarscáil trí úsáid a bhaint as sonraí atá curtha ar fáil ag na hoibritheoirí líonra mhóibíligh (OLManna), agus cuimsítear sonraí maidir le soláthraithe seirbhíse a bhfuil a gcuid seirbhísí á n-óstáil ag oibritheoirí líonra mhóibíligh. Nuashonraítear sonraí na léarscáile trí huairé sa bhliain.


Tá an léarscáil dathchódaithe – tagraíonn dúdhonn do chlúdach an-mhaith agus tagraíonn béasa do chlúdach imeallach. Taispeántar ar an léarscáil neart an chomhartha do theicneolaíocht 2G (Guth), 3G (Sonraí agus Guth), 4G (Sonraí agus Guth) agus 5G (Sonraí).

Chomh maith leis sin, tá feidhmchlár (Aip) ar fáil d'úsáideoirí gutháin phóca. Feabhsaíodh an léarscáil i rith na bliana trí fheabhsuithe úsáideora a chur i bhfeidhm.



Fíor 4. Léarscáil Clúdaigh Mhóibíligh

Athsheoladh Uirlis Chomparáide ComReg,⁵ i mí na Nollag 2024. Bhí cuma nua ar an uirlis agus cuireadh gnéithe breise ar fáil. Cabhraíonn an Uirlis Chomparáide seo le tomhaltóirí chun plean móibíleach, leathanbhanda, gutháin bhaile nó cuachta atá oiriúnach dá riachtanais a aimsiú. Is féidir le húsáideoir a c(h)uardach a scagadh de réir soláthraí, thréimhse an chonartha agus teicneolaíochta, agus sórtáil a dhéanamh de réir costais. Cuireadh tuilleadh nuashonruithe i bhfeidhmi mí Aibreáin 2025. Tá Soláthraithe Seirbhíse ag cur sonraí praghsála ar fáil do ComReg agus tá na sonraí seo á nuashonrú de réir mar atá sé beartaithe an fhaisnéis maidir le praghas an phlean a athrú. Tá na hathruithe seo á dtiomsú ag ComReg sula ndéantar iad a uaslódáil ar an bhfeidhmchlár.



Fíor 5. Uirlis Chomparáide

Feidhmchlár é Seiceálaí Seirbhíse PRS⁶ atá le fáil ar comreg.ie do thomhaltóirí a bhfuil ceisteanna acu faoi tháillí Seirbhísí Ardráta (SAR) a cuireadh i bhfeidhm ar a mbille nó a asbhaineadh óna gcreidmheas gutháin. Is féidir le tomhaltóirí na sonraí teagmhála agus na sonraí eile le haghaidh gach seirbhís ardráta a sheiceáil. Is féidir le tomhaltóirí ainm na seirbhíse nó uimhir chúig dhigit na seirbhíse ar gearradh táille orthu lena haghaidh. Cuirtear sonraí ar fáil maidir le huimhir agus le seoladh ríomhphoist líne chabhrach na seirbhíse do chustaiméirí.

Clár Rannpháirtíochta Tomhaltóirí

Mar chuid de straitéis cumarsáide agus rannpháirtíochta le tomhaltóirí ComReg, shainaithníomar príomhthosaíochtaí don tréimhse. I measc na bpríomhthosaíochtaí sin bhí:

- feachtas faisnéise poiblí chun feachtas ar leathanbhanda agus ar theicneolaíocht mhóibíleach a fheabhsú
- eolas a roinnt leis an bpobal maidir lena gcearta i ndáil le seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus feachtas ar ComReg a mhéadú
- cumarsáid chun tacú le céimeanna an Chláir Aitheantais Seoltóra agus chun eolas a roinnt leis an bpobal ionas go mbeidh sé airdeallach ar chamscéimeanna
- rannpháirtíocht leis an bpobal ag imeachtaí for-rochtana
- rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara maidir le hábhair a bhaineann le tomhaltóirí

Feachtas ar leathanbhanda agus ar theicneolaíocht mhóibíleach

Reáchtáil ComReg feachtais faisnéise poiblí a raibh sé mar aidhm leo feachtas ar theicneolaíocht [leathanbhanda](#) agus [mhóibíleach](#) na buntáistí agus na huirlisí do thomhaltóirí atá ar fáil chun cabhrú leo a fheabhsú, agus ComReg a chur chun cinn mar fhoinsé do chomhairle agus d'fhaisnéis neamhspleách. Reáchtáladh an feachtas seo i mí na Samhna 2024, mí Aibreáin 2025 agus mí Meithimh 2025.



Fíor 6. Gnéithe samplacha feachtais maidir le teicneolaíocht mhóibíleach agus leathanbhanda

Faisnéis maidir le cearta agus seirbhísí ComReg

Lena chois sin, reáchtáil ComReg feachtas faisnéise poiblí chun eolas a roinnt leis an bpobal maidir lena chearta i ndáil le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, chun cur le tuilleadh feasachta ar ComReg agus ar an tacaíocht is féidir linn a chur ar fáil le faisnéis, agus maidir le huirlisí gréasáin agus cúram agus cúiteamh tomhaltóirí. Reáchtáladh an feachtas seo i mí na Samhna 2024 agus mí Márta 2025.


Eolas faoi fhanacht slán ar chamscéimeanna

Tá ComReg ag obair le roinnt oibritheoirí teileachumarsáide chun roinnt idirghabhálacha teicniúla a chur chun feidhme chun dul i ngleic le glaonna agus téacsteachtaireachtaí SMS camscéime atá deartha chun a chinntiú go mbeidh níos mó deacrachtaí ag calaoiseoirí teagmháil a dhéanamh leis an bpobal.

Sheol ComReg Clár Aitheantais Seoltóra SMS sa dara ráithe de 2025. Seoladh feachtais chumarsáide i mí Feabhra, Bealtaine agus Iúil 2025 chun tomhaltóirí agus páirtithe leasmhara eile a choinneáil ar an eolas agus chun tacú leis na céimeanna a bhaineann leis an gClár Aitheantais Seoltóra.

Imeachtaí for-rochtana

I rith na bliana, d'oibrigh ComReg le pobail ag cúig imeacht for-rochtana, a reáchtáladh i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, dáileadh [Bileoga eolais](#) i lialanna dochtúra agus i gcomhar creidmheasa ar fud na tíre, mar aon le físeáin ar scáileáin dhigiteacha, chun eolas a roinnt leis an bpobal.



Fíor 7. Gné chruthaitheach shamplach ó fheachtas feasachta ComReg



Fíor 8. Gnéithe samplacha feachtais maidir le hAitheantas Seoltóra

Plé le Páirtithe Leasmhara

D'oibrigh ComReg le páirtithe leasmhara ar raon fadhbanna agus topaicí tomhaltóra i rith na bliana, lena n-áirítear Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda an Rialtais, Aoisbhá Éireann, agus Painéal Comhairleach Tomhaltóirí ComReg.



Fíor 9. Seastán For-Rochtana ComReg

Cúram agus Cúiteamh Tomhaltóirí



Tá meicníochtaí cúitimh éifeachtacha ag tomhaltóirí, lena n-áirítear rochtain ar phróisis láimhseála fiosrúcháin agus gearán thráthúla.

Cúram Tomhaltóirí

Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le seirbhís láimhseála fiosrúcháin agus gearán ar ardchaighdeán a chur ar fáil do thomhaltóirí. I rith na tréimhse, dhéileáil Foireann Cúraim Tomhaltóirí ComReg leis an méid seo a leanas:


- thart ar 32,000 teagmháil ó thomhaltóirí. (Is féidir le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh le Foireann Cúraim Tomhaltóirí ComReg trí na cainéil seo a leanas – guthán, ríomhphost, foirm gearán ar líne, litir, comhrá gréasáin, SMS agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann).⁷
- freagraíodh 99.1% de gach glao laistigh de 20 soicind,
- freagraíodh 100% de na teagmhálacha i scríbhinn laistigh de 24 uair an chloig.

Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le staitisticí ráithiúla faoin fhadhbanna a bhí ag tomhaltóirí a rinne teagmháil lenár bhFoireann Cúraim Tomhaltóirí. I rith na tréimhse idir an 1 Iúil 2024 agus an 30 Meitheamh 2025, bhí:

- thart ar) 14,000 saincheist a ndearna tomhaltóirí teagmháil linn maidir leo.
- Bhain (thart ar) 79% de na fadhbanna ar fad ar tarraingíodh aird orthu le cumarsáid leictreonach
- bhain 1% eile le seirbhísí ardráta
- bhain na fadhbanna eile le nithe nár bhain le sainordú ComReg nó a bhí neamhaithnid.⁸

As measc na bhfadhbanna ar fad ar tarraingíodh aird ComReg orthu i rith na tréimhse, gearáin ba ea 10% a géaraíodh thar ceann tomhaltóirí na Soláthraithe Seirbhíse ábhartha le haghaidh Seirbhísí Cumarsáide Leictreonacha (SCL) agus Seirbhísí Ardráta (SAR).

Gach Fadhb a Taifeadadh de réir Fiosrúcháin v Gearán




Fíor 10. Gach Fadhb a Taifeadadh de réir Fiosrúcháin v Gearán

Bhain formhór na bhfadhbanna SCL ar tarraingíodh aird orthu laistigh de shainordú ComReg le fadhbanna seirbhíse, billeáil, ceisteanna conarthacha, aistriú / iniomparthacht uimhreach, agus suiteáil.

Baineann formhór na bhfadhbanna PRS ar tarraingíodh aird orthu le staideanna ina ndiúltaíonn tomhaltóirí go ndearna siad teagmháil leis an PRS nó sa chás go ndíospóideann an tomhaltóir an táille PRS atá i gceist.

Fadhbanna SCL a Taifeadadh de réir Cineáil Catagóire



Fíor 11. Fadhbanna SCL a Taifeadadh de réir Cineáil Catagóire

Lena chois sin, tairgeann ComReg próiseas údaraithe tríú páirtí, a cheadaíonn, faoi réir critéar agus fíoraithe áirithe, údarú do thríú páirtí gníomhú thar ceann sealbhóra cuntais nuair a bhíonn sé nó sí ag déileáil le cúram tomhaltóirí.

D’fhaomh Foireann Cúraim Tomhaltóirí ComReg 235 údarú tríú páirtí do thomhaltóirí i rith na tréimhse.

Láimhseáil Gearán

Príomhghné de chúiteamh í láimhseáil gearán. Chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le hathbhreithniú ar na híoscheanglais a bhaineann le cóid chleachtais láimhseála gearán soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonáí (ComReg 25/23).⁹

Cuireadh an t-athbhreithniú seo ar riachtanais an chóid chleachtais reatha (ComReg D04/17) i gcrích i bhfianaise athruithe reachtacha agus taithí phraiticiúil ar láimhseáil gearán.

⁹ Léigh [An Cód Cleachtais do Láimhseáil Gearán Athbhreithniú ar Cheanglais Íosta do Sholáthraithe SCL ComReg 25/23](#)

Ba é an aidhm a bhí leis an athbhreithniú cosaint d'úsáideoirí deiridh a fheabhsú i ndáil le gearáin le soláthraithe agus breise soiléire a sholáthar d'úsáideoirí deiridh agus do sholáthraithe araon. Díriodh ar raon nithe lena n-áirítear sainmhíniú ar ghearán, amlínte, an tslí a ndéantar gearáin agus faisnéis a bheith á cur ar fáil ag soláthraithe d'úsáideoirí deiridh maidir le gearáin.

Tuairisciú Gearán

Ainneoin go réitíonn ComReg díospóidí a chuirtear faoina bhráid, déanann úsáideoirí deiridh gearáin le soláthraithe freisin nach gcuirtear faoi bhráid ComReg. Ceanglaíonn Acht 2023, ó Meitheamh 2023 i leith, ar sholáthraithe tuairisciú do ComReg maidir le gach gearán a chuireann úsáideoirí deiridh faoina bhráid thar thréimhsí 6 mhí. Sonraítear na dátaí tuairiscithe do gach bliain:

- a) a) 9 Meitheamh – gearáin curtha faoi bhráid soláthraithe ag a n-úsáideoirí deiridh sa tréimhse tuairiscithe idir an 1 Nollaig agus an 31 Bealtaine, agus
- b) b) 9 Nollaig – gearáin curtha faoi bhráid soláthraithe ag a n-úsáideoirí deiridh sa tréimhse tuairiscithe idir an 1 Meitheamh agus an 30 Samhain.

Éilíonn ComReg sonraí gearán atá soiléir, sothuigthe, iontaofa agus inchomparáide maidir le feidhmiú a fheidhmeanna agus chun a chuspóirí reachtúla a chomhlíonadh.¹⁰ In 2023, sholáthair ComReg Treoir Rialála¹¹ a raibh sé mar aidhm léi cabhrú le soláthraithe lena n-oibleagáidí maidir le tuairisciú gearáin.

I bhfianaise na dtreochtaí, cleachtas, easnamh agus saincheisteanne eile a tugadh faoi deara bunaithe ar na tuarascálacha gearáin a fuarthas, shainaithin ComReg réimsí ina bhféadfaí na tuarascálacha seo a fheabhsú agus moladh an tsonraíocht ceanglas a bhain le gearán a thuairisciú.

Ar an 28 Feabhra 2025, chuaigh ComReg i gcomhairle maidir le ceanglais a bhí le comhlíonadh ag soláthraithe i ndáil le sonraí gearán a thuairisciú do ComReg,¹² agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil do ComReg soiléir, intuigthe, iontaofa agus inchomparáide.

¹⁰ Alt 10(1)(da) d'Acht 2002

¹¹ ComReg 23/99 agus 23/99a

¹² ComReg 25/12 agus ComReg 25/12a maidir le sonraíochtaí molta

Réiteach Díospóidí

Díospóidí faoi Chumarsáid Leictreonach

Mar aon le seirbhís láimhseála gearán ComReg (Líne Tomhaltóirí ComReg), tá nósanna imeachta réitigh díospóidí foirmiúla bunaithe ag ComReg do ghearáin neamhréitithe a bhaineann le seirbhísí gutháin phóca, gutháin bhaile agus leathanbhanda.

I rith na bliana atá á athbhreithniú le haghaidh díospóidí SCL:

- Measadh 21 iarratas ar réiteach díospóidí foirmiúil a bhaineann le nithe SCL. As measc an 21 iarratas sin, bhíothas fós ag obair ar dhíospóid amháin ón mbliain roimhe sin a bhí á hathbhreithniú agus fuarthas 20 iarratas nua i rith na bliana a bhí á hathbhreithniú.
- Réitíodh nó tugadh 7 ndíospóid chun críche
- Bhíothas fós ag obair ar 11 dhíospóid ag deireadh na bliana atá á hathbhreithniú, agus
- Diúltaíodh do 3 iarratas.

Foilsíonn ComReg achoimrí ar na díospóidí a réitíodh ar a shuíomh gréasáin.¹³

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh ComReg a Fhreagra ar Chomhairliúchán, Cinneadh agus Nósanna Imeachta le haghaidh Éisteachtaí ó Bhéal atá le húsáid i réiteach díospóidí úsáideora deiridh SCL.¹⁴ Tá na nósanna imeachta seo, a foilsíodh mar iarscríbhinn le Nósanna Imeachta Réitigh Díospóidí an Úsáideora Deiridh,¹⁵ ábhartha díreach d'aon éisteacht ó bhéal a reáchtáladh in imthosca ina measann Cinnteoir go bhfuil nós imeachta riachtanach chun coinbhleacht fírice a réiteach nach féidir a réiteach ar shlí eile chun a chinntiú go bhfuil na ceanglais a bhaineann le trédhearcacht, cothroime nóis imeachta, inrochtaineacht agus ceartas aiceanta á gcomhlíonadh.¹⁶

¹³ [Réiteach Díospóidí ComReg](#)

¹⁴ Léigh [Nósanna Imeachta d'Éisteachtaí ó Bhéal le hÚsáid in SCL 'Réiteach Díospóidí Úsáideora Deiridh' ComReg 24/101 D24/24](#)

¹⁵ Foilseachán: ComReg 24/22R1

¹⁶ Caitear ar leithligh leis na nósanna imeachta seo, a bhaineann le Cuid 5 d'Acht 2023, agus éagsúil leis na rialacha a bhaineann le héisteachtaí ó bhéal a cheanglaítear faoi Chuid 7 d'Acht 2023 i ndáil le breithiúnas

Díospóidí Poist

Chomh maith leis sin, tá ról réitigh díospóidí ag ComReg d'úsáideoirí seirbhíse poist nach bhfuil sásta leis na céimeanna atá curtha i gcrích ag soláthraí seirbhíse poist údaráithe chun a ngearán a réiteach.

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh ComReg a Nósanna Imeachta Réitigh Díospóidí Poist.¹⁷ Rinne na nósanna imeachta, a bhfuil éifeacht leo ón 18 Márta 2025, leasú agus feabhsú ar nósanna imeachta rompu agus léirítear iontu an taithí a fuarthas fad is a bhí na nósanna imeachta roimhe á gcur chun feidhme ag ComReg ó 2015 agus forbairtí a bhain le réiteach díospóidí go ginearálta, agus leagadh béim ar leith ar réiteach díospóidí earnálach.

I rith na bliana atá á hathbhreithniú le haghaidh Díospóidí Poist,

- Fuarthas 40 iarratas ar réiteach díospóidí. Lena chois sin, tugadh 5 iarratas anonn ón mbliain roimhe sin
- Réitíodh nó tugadh 21 díospóid chun críche
- Bhíothas fós ag obair ar 8 ndíospóid ag deireadh na bliana, agus
- Diúltaíodh do 16 iarratas.

Foilsíonn ComReg achoimrí ar na díospóidí a réitíonn sé ar a shuíomh gréasáin.¹⁸

Beartha Cosanta Tomhaltóirí

Tá na cearta agus na cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear do thomhaltóirí leochaileacha agus míchumasaithe, oiriúnach chun díobháil tomhaltóirí a mhaolú. Rinne ComReg monatóireacht agus breithniú ar cibé acu an raibh nó nach raibh sé oiriúnach bearta a chur chun feidhme, a fheabhsú nó a fhorbairt chun díobhálacha tomhaltóirí SCL agus SAR a mhaolú.



Tá na cearta agus na cosaintí tomhaltóirí, lena n-áirítear do thomhaltóirí leochaileacha agus míchumasaithe, oiriúnach.

¹⁷ Foilseacháin: ComReg 24/102, ComReg D25/24 agus ComReg 24/102a

¹⁸ [Réiteach Díospóidí Poist ComReg](#)

Cairt Custaiméirí

Ar an 27 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh ComReg a Fhreagra ar Chomhairliúchán agus Cinneadh maidir le Cairt Custaiméirí a Chur Chun Feidhme (ComReg 25/38) do Sholáthraithe Seirbhíse. Rinneadh an Cinneadh i ndiaidh dhá chomhairliúchán.^{19 20}

Bhí ComReg den tuairim go bhféadfaí an margadh cumarsáide leictreonaí in Éirinn a fheabhsú go suntasach chomh fada is a bhain le sástacht custaiméirí le caighdeán na seirbhíse do chustaiméirí a fuarthas ó sholáthraithe seirbhíse. Shainaithin ComReg easpa trédhearcachta maidir le leibhéil chaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí a bhféadfadh úsáideoirí deiridh sa mhargadh cumarsáide leictreonaí a bheith ag súil leis, easpa gealltanais reatha ó sholáthraithe, agus míshástacht tomhaltóirí leis na leibhéil seirbhíse do chustaiméirí trí chéile. Is éard atá i gceist againn le seirbhísí do chustaiméirí ná gnéithe cosúil le déileáil le fiosrúcháin, ceisteanna agus gearáin ó chustaiméirí. Tá próisis cosúil leis na cinn seo a leanas i gceist againn freisin:

- billeáil,
- aisíocaíochtaí a chur ar fáil, agus
- cumarsáide le custaiméirí le linn gearradh seirbhíse.

Rinneadh foráil in Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023²¹ (Acht 2023) do ComReg chun Cairt Custaiméirí a bhunú chun déileáil le saincheisteanna a bhí ag teacht chun cinn, ionas go bhfuil úsáideoirí deiridh á gcosaint.

Is éard atá i gCairt Custaiméirí faisnéis atá inrochtana agus inchomparáide (ionad ilfhreastail) do gach custaiméir, micreaghnóthas, fiontar beag agus eagraíocht sheachbhrabúsach maidir leis na leibhéil de chaighdeán seirbhísí do chustaiméirí a bhfuiltear ag súil leo ó sholáthraithe seirbhíse. Tá sé mar aidhm leis an bhfaisnéis atá ar fáil do chustaiméirí i gCairt, go háirithe na gealltanais a thug soláthraithe maidir le leibhéil seirbhísí do chustaiméirí feasacht a mhéadú i measc custaiméirí maidir leis na leibhéil seirbhíse atá á dtairiscint ag soláthraithe gutháin agus idirlín agus iomaíocht a éascú trína chinntiú go bhfuil sé níos éasca leibhéil seirbhísí do chustaiméirí a chur i gcomparáid lena chéile i measc soláthraithe difriúla sa mhargadh.

¹⁹ ComReg 23/14 [Tograí maidir le Cairt Custaiméirí a chur chun feidhme | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide](#)

²⁰ ComReg 25/05 [Tograí maidir le Cairt Custaiméirí a Chur Chun Feidhme Tuilleadh Comhairliúcháin | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide](#)

²¹ [An tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach \(Leasú\), 2023](#)

Ciallaíonn an Cinneadh nach mór do sholáthraithe idirlín agus gutháin a bhfuil sciar margaidh de 0.5% nó níos mó acu an méid seo a leanas a dhéanamh:

- A gCairteacha Custaiméirí a ullmhú, a fhoilsiú agus a choinneáil cothrom le dáta, agus
- A bhfeidhmíocht a thomhas agus a thuairisciú i gcomparáid le gealltanais cosúil leo seo a leanas:
 - i) amanna freagartha do chainéil dhifriúla seirbhísí do chustaiméirí,
 - ii) frámaí ama chun iarratais seirbhíse nua a admháil agus a ghníomhachtú,
 - iii) amlíne chun aisíocaíochtaí a eisiúint, agus
 - iv) uainiú fógraí maidir le bristeacha pleanáilte agus nuashonruithe maidir le bristeacha neamhphleanáilte.
- Tuarascálacha feidhmíochta a chur faoi bhráid ComReg ar bhonn ráithiúil agus socruithe a dhéanamh le haghaidh agus íoc as an gcéad tuarascáil feidhmíochta a bhfuil iniúchadh neamhspleách le déanamh uirthi.

Ní mór do sholáthraithe seirbhíse eolas a roinnt lena gcustaiméirí maidir lena gCairteacha Custaiméirí agus, ón 5 Eanáir 2026, ní mór dóibh a gCairt a fhoilsiú ar a suíomhanna gréasáin, chun rochtain a thabhairt do chustaiméirí ar fhaisnéis maidir

le leibhéil seirbhísí custaiméirí an tsoláthraí seirbhíse agus sonraí maidir le seirbhís custaiméirí chúitimh. Mura féidir le custaiméirí rochtain a fháil ar Chairteacha ar líne, is féidir leo cóip a lorg trí theagmháil a dhéanamh leis na soláthraithe seirbhíse. Féadfaidh daoine atá faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh ar Chairt i bhformáid inrochtana de chineál eile.

Cúiteamh as aistriú agus fadhbanna a bhaineann le portáil uimhreacha

Tá Ballstáit faoi oibleagáid rialacha a chur i bhfeidhm maidir le cúiteamh a bheith á fháil ag úsáideoirí deiridh óna soláthraithe sa chás go dteipeann ar sholáthraí na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh a bhaineann le haistriú agus le portáil uimhreacha agus i gcás moilleanna nó mí-úsáidí, próiseas portála agus aistrithe, agus coinní seirbhíse agus suiteála a chailltear.²² I gcomhthéacs aistrithe agus portála, teastaíonn rialacha maidir le cúiteamh..

D'eisigh ComReg Cinneadh D01/24 den chéad uair i mí Eanáir 2024 i ndáil leis an scéim chúitimh do mhoilleanna nó do mhí-úsáidí aistrithe agus portála agus tá sé i bhfeidhm ó Dheireadh Fómhair 2024.

Lena chois sin, d'fhoilsigh ComReg a Chinneadh D07/25 (a bhain le coinní aistrithe agus portála i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí) i mí Meithimh 2025. Shonraigh ComReg:

- i) caighdeáin íoscháillíochta seirbhíse (CC) le haghaidh coinní seirbhíse agus suiteála caillte nó moillithe (CSSCM) i ndáil le naisc do phortáil agus d'aistriú, agus
- ii) teipeanna gaolmhara soláthraithe seirbhíse rochtana idirlín (SRI) nó seirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhir-neamhspleácha atá ar fáil go poiblí (SCIUNP), chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh.

Ciallaíonn Cinneadh D07/25 ComReg nach mór do Sholáthraithe (SRI agus SCIUNP) an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Caighdeáin a leanúint maidir le sceidealú agus coinní seirbhíse agus suiteála a chomhlíonadh i rith aistrithe agus portála
- cúiteamh a íoc leis an úsáideoir deiridh ábhartha nuair a tharlaíonn teip shonraithe, agus
- scéimeanna cúitimh a ullmhú agus a fhoilsiú chun foráil a dhéanamh d'íoc cúitimh sa chás gur ann do choinní caillte agus moillithe a bhaineann le portáil agus aistriú uimhreacha gutháin faoin 4 Nollaig 2025, ina leagtar amach nós imeachta trédhearcach chun cúiteamh a fháil (le cur síos oiriúnach ar an méid sin don úsáideoir), an bealach a mbeidh cúiteamh á íoc, na tréimhsí ama ina bhfaighidh úsáideoirí deiridh cúiteamh, agus an méid cúitimh a bhfuil úsáideoirí deiridh i dteideal a fháil.

Sonraíonn Cinneadh D07/25 ceanglais i ndáil le híoschaighdeáin CC agus teipeanna inchúitithe le haghaidh CSSCM i gcomhthéacs na bpróiseas aistrithe agus portála amháin. Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh, áfach, le coinní eile a bhreithniú agus tá an ghné seo fós á hathbhreithniú ag an gCoimisiún. Leanfaidh ComReg ar aghaidh ag obair air seo.

Chinn ComReg ag an gcéim seo gan cúiteamh a chur ar fáil go huathoibríoch, ná gan an leibhéal cúitimh atá iníoctha le custaiméirí a shonrú sa chás go dteipeann ar Sholáthraí na híoschaighdeáin CC a chomhlíonadh. Is iad na Soláthraithe a bheidh freagrach as na critéir chúitimh in Acht 2023 a chomhlíonadh.²³

Forálacha d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas

Ba cheart go mbeadh rochtain agus rogha chomhionann ag gach duine maidir le seirbhísí SCL agus le faisnéis ghaolmhar. Bhunaigh ComReg bearta sonracha chun freastal ar riachtanais tomhaltóirí faoi mhíchumas in 2014 agus in 2015 chun a chinntiú go mbeidís in ann SCL a roghnú agus a úsáid go muiníneach:

- **Bearta Cumarsáide Leictreonaí** chun Comhionannas Rochtana agus Rogha a Chinntiú d'Úsáideoirí Deiridh atá faoi Mhíchumas
- **Forálacha d'Úsáideoirí Deiridh atá faoi Mhíchumas** Ceanglas maidir le Ráiteas Inrochtaineachta

²³ I gcomhréir le hAlt 39 (5) d'Acht 2023

- Rochtain ar Sheirbhís Athsheachadórsa Téacs a chur ar fáil.

Go hachomair, is éard atá i gceist leis na bearta seo seirbhísí agus faisnéis shonrach atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas:

- Nós imeachta inrochtana chun gearáin a dhéanamh
- Eolaire fiosrúchán inrochtana
- Saoráid bhreisthe inrochtana d'úsáideoirí gutháin phóca réamhíochta
- Billeáil inrochtana
- Saoráid inrochtana chun comhoiriúnacht trealaimh theirminéil a thástáil nó beartas fillte oiriúnach
- Saoráid do shíntiúsóirí faoi mhíchumas chun ceanglais a chlárú
- Seirbhís athsheachadórsa téacs (SAT) a chur ar fáil²⁴
- Faisnéis inrochtana
- Ceanglas maidir le ráiteas inrochtaineachta

Rinne ComReg athbhreithniú ar na bearta seo chun a chinntiú go bhfuil rochtain ar agus rogha SCL do dhaoine faoi mhíchumas coibhéiseach.

Mar chuid den athbhreithniú sin, d'fhoilsigh ComReg Gairm ar lonchur agus doiciméad achomair – féach ar dhoiciméad 23/80 agus 23/80a ComReg. Chomh maith leis sin, cuireadh físeán i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann, le fotheidil agus guthú déanta ar an doiciméad achomair ar fáil freisin.²⁵

Ó bunaíodh bearta ComReg, agus ó foilsíodh Gairm ar lonchur ComReg, tá forbairtí teicneolaíocha agus reachtacha déanta a bhfuil sé mar aidhm leo tuilleadh inrochtaineachta a chinntiú d'úsáideoirí deiridh atá faoi mhíchumas nuair a bhíonn rochtain á fáil acu ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí. San áireamh tá bunú an Achta Eorpaigh um Inrochtaineacht²⁶ (AEI).

I mí Eanáir 2025, d'fhoilsigh ComReg Fógra Faisnéise (Doiciméad 25/04R ComReg) maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí ina ndearnadh achoimre ar fhreagraí a fuarthas ar Ghairm ar lonchur ComReg mar aon le seasamh ComReg maidir lena bhearta agus roinnt sonraí maidir le AEI.

Amhail ón 28 Meitheamh 2025, ní mór do Sholáthraithe Seirbhíse ceanglais AEI a chomhlíonadh. Tá bearta ComReg fós i bhfeidhm, agus tá oibleagáid ar na Soláthraithe Seirbhíse na bearta sin a chomhlíonadh.

²⁴ Faoi dhó sa bhliain foilsíonn ComReg tuarascáil staitisticí agus grafaic eolais maidir le Glacadh agus Úsáid Sheirbhís Athsheachadórsa Téacs na hÉireann (SATÉ), féach ar www.comreg.ie

²⁵ Cliceáil ar an nasc seo chun dul chomh fada leis an bhfíseán ar YouTube [Achoimre Fheidhmeach – YouTube](#)

²⁶ Treoir 2019/882

Tá AIE trasuite i ndlí na hÉireann ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 636/2023, a tháinig i bhfeidhm ar an 28 Meitheamh 2025. Is Údarás Comhlíonta é ComReg faoi Rialacháin AEI i ndáil le hinrochtaineacht seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus leis an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ). Déanfaidh ComReg monatóireacht ar chur chun feidhme AEI i measc Soláthraithe Seirbhíse de réir a shainchúraim.

Amhail ón 28 Meitheamh 2025, ní mór do Sholáthraithe Seirbhíse ceanglais AEI a chomhlíonadh. Tá bearta ComReg fós i bhfeidhm, agus tá oibleagáid ar na Soláthraithe Seirbhíse na bearta sin a chomhlíonadh.

Tá AIE trasuite i ndlí na hÉireann ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 636/2023, a tháinig i bhfeidhm ar an 28 Meitheamh 2025. Is Údarás Comhlíonta é ComReg faoi Rialacháin AEI i ndáil le hinrochtaineacht seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus leis an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ). Déanfaidh ComReg monatóireacht ar chur chun feidhme AEI i measc Soláthraithe Seirbhíse de réir a shainchúraim.

Is ionann Rialacháin AEI agus athrú bunúsach ar an gcur chuige ginearálta ardleibhéil maidir le hinrochtaineacht atá le fáil sa Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach. Ní mór go gcomhlíonfadh suíomhanna gréasáin, aipeanna móibíleacha agus seirbhísí tacaíochta do chustaiméirí SCL na ceanglais theicniúla mhionsonraithe atá sonraithe i Sceidil na Rialachán agus i gcaighdeáin chomhchuibhithe atá á bhforbairt faoi láthair ag Comhlachtaí Caighdeán Eorpacha.

Ní mór do sholáthraithe SCL faisnéis chuimsitheach agus shothuigthe a fhoilsiú i bhformáidí inrochtana maidir le hinrochtaineacht a gcuid seirbhísí agus an bealach a bhfuil na ceanglais inrochtaineachta á gcomhlíonadh ag na seirbhísí seo.

Ní mór go gcumasódh siad modhanna cumarsáide nua cosúil le Téacs Fíor-Ama, agus, sa chás go gcuirtear físeán ar fáil, Comhrá Iomlán agus ní mór dóibh tacú le húsáid a bhaint astu i nglanna éigeandála ar an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ) agus is í '112' an uimhir éigeandála Eorpach aonair.

Tugann na Rialacháin cearta nua do thomhaltóirí chun gearán a dhéanamh agus chun a chinntiú go mbeidh ComReg nó na cúirteanna ag déileáil lena ngearán. Tá Fógra Faisnéise maidir le Soláthraithe Seirbhíse Cumarsáide Leictreonaí faoin Acht Eorpach um Inrochtaineacht (doiciméad 25/39 ComReg) foilsithe ag ComReg.

Rialáil Fánaíochta

Ón 15 Meitheamh 2017, gearrtar an táille mhiondíola bhaile ar chustaiméirí as a nguthán póca a úsáid nuair a bhíonn siad ag taisteal in aon tír san AE agus in LEE (an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua) – Fánaíocht ar Tháillí Baile (FTB) a thugtar air seo. Amhail ón 1 Iúil 2022, cuireadh síneadh le RLAH trí Rialachán (AE) 2022/612²⁷ go dtí an 30 Meitheamh 2032.

Ar an 28 Márta 2025, chuir BEREC, faoi chathaoirleacht ComReg in 2025, a fhreagra ar iarratas an Choimisiúin Eorpaigh ar fáil chun tuairimí saineolacha maidir le Rialachán (AE) 2022/612 a fháil.²⁸

Ar an 23 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a athbhreithniú,²⁹ inar tugadh le fios go bhfuil an córas FTB “fós ábhartha agus go gcruthaíonn sé buntáistí nithiúla do thomhaltóirí AE”, agus nach mbíonn tionchar diúltach aige ar struchtúir taraifí agus ar threochtaí praghsanna náisiúnta i mBallstáit.

I rith na tréimhse seo, lean ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin agus le sonraí a bhailiú maidir le fánaíocht idirnáisiúnta chun críche tuairisciú a dhéanamh ar fhorbairt patrún praghsála agus úsáide.

Tá an cleachtadh bailithe sonraí seo á chur i gcrích ag Údaráis Rialála Náisiúnta eile cosúil le ComReg laistigh de BEREC agus úsáidtear é chun an tuarascáil tagarmhairc rialta ar fhánaíocht idirnáisiúnta a ullmhú. Foilsíodh an leagan is déanaí den tuarascáil ar an 13 Márta 2025.³⁰

Tá a shuíomh gréasáin nuashonraithe ag ComReg chun comhairle agus faisnéis maidir le fánaíocht a chur ar fáil do thomhaltóirí. Tá forléargas le fáil ar an suíomh gréasáin ar fhánaíocht, saincheistanna clúdaigh cosúil le conas táillí fánaíochta sonraí gan choinne a sheachaint, conas teagmháil a dhéanamh le seirbhísí éigeandála nuair a bhíonn tú thar lear agus fánaíocht neamhbheartaithe. Cuirtear faisnéis agus comhairle ar fáil do chustaiméirí maidir le beartais agus rialacháin a bhaineann lena nguthán póca a úsáid laistigh den AE, lena n-áirítear liúntas sonraí, caighdeán seirbhíse agus foláirimh ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leo nuair a bhíonn sé nó sí ag fánaíocht. Cuirtear eolas maidir lena nguthán póca a úsáid lasmuigh den AE ar fáil do thomhaltóirí ar an suíomh gréasáin freisin.

Chomh maith leis sin, foilsíonn ComReg tuarascálacha maidir le cur chun feidhme an Rialacháin Fánaíochta.³¹

²⁷ [Rialachán - 2022/612 - EN - EUR-Lex](#)

²⁸ [Féach Tuairim BEREC ar Rialachán \(AE\) 2022/612](#)

²⁹ [Tuarascáil an Choimisiúin maidir leis an Athbhreithniú ar an Margadh Fánaíochta | Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú](#)

³⁰ [31ú Tuarascáil Sonraí agus Monatóireachta BEREC maidir le Tagarmharc Fánaíochta Idirnáisiúnta](#)

³¹ [Tuarascálacha feidhmithe fánaíochta](#)

Cumarsáid laistigh den AE

Ón 15 Bealtaine 2019, de réir Rialachán (AE) 2018/1971, tá guthghlaonna agus SMS miondíola san AE,³² caidhpeáilte ag €0.19 (gan CBL) in aghaidh an nóiméid do ghlaonna a dhéantar (lena n-áirítear aon táille cheangail) agus €0.06 (gan CBL) le haghaidh gach SMS. Ní bhaineann na caidhpeanna ach le seirbhísí tomhaltóra, agus níl taraifí gnó san áireamh.

Le linn na tréimhse, lean ComReg ar aghaidh ag obair le BEREC chun críche monatóireacht a dhéanamh ar an margadh agus ar fhorbairtí praghais do chumarsáid rialaithe laistigh den AE. Ar an 3 Deireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh BEREC tuarascáil tagarmhairc ar chumarsáide laistigh den Aontas, ina clúdaíodh an tréimhse idir Aibreán 2023–Márta 2024.³³ De réir sonraí a chuir ComReg ar fáil do thuarascáil BEREC, gearrann gach soláthraí Éireannach tuairiscithe (seasta agus móibíleach) táillí ar thomhaltóirí ag na praghsanna rialaithe do ghlaonna agus SMS.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an 7 Márta 2025, gur lorg an Coimisiún Eorpach tuairim BEREC i ndáil le Dréachtrialachán Cur Chun Feidhme maidir le cumarsáid laistigh den Aontas an Choimisiúin.

Sa dréachtrialachán moltar beartas úsáide córa agus bearta frithchaloise do ghlaonna gutha agus SMS laistigh den Aontas. Chuir BEREC, faoi chathaoirleacht ComReg 2025, a Thuairim faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar an 14 Aibreán 2025.³⁴

Rialacha maidir leis an Idirlíon Oscailte

Faoi Rialacha an AE maidir leis an Idirlíon Oscailte, i Rialachán (AE) 2015/2120³⁵ tá tomhaltóirí i dteideal faisnéis agus ábhar a dháileadh agus rochtain a fháil ar a leithéid, feidhmchláir agus seirbhísí a úsáid agus a chur ar fáil, agus trealamh teirminéil dá rogha a úsáid, beag beann ar shuíomh an úsáideora deiridh nó an tsoláthraí nó suíomh na faisnéise, an ábhair, an feidhmchláir nó na seirbhíse.

Cosnaíonn an Rialachán cearta tomhaltóirí agus tacaíonn sé le hidirlíon atá oscailte agus nuálach. Lean ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar oscailteacht an idirlín trí fhorbairt seirbhísí agus teicneolaíochtaí, lena n-áirítear forbairtí a bhaineann le seirbhísí nialas-rátaithe. Is éard atá i gceist le nialas-rátú nuair a chuireann ISP praghas nialais i bhfeidhm i ndáil leis an trácht sonraí a bhaineann le feidhmchlár ar leith nó le haicme feidhmchlár.

³² An costas atá le híoc ag tomhaltóirí Éireannacha as glao a dhéanamh nó SMS a sheoladh as Éirinn chuig uimhir sheasta nó mhóibíleach i mBallstát AE eile. Baineann na caidhpeanna le seirbhísí cumarsáide idirphearsanta uimhirbhunaithe (SCI), i.e. seirbhísí gutha seasta agus móibíleacha agus SMS. Níl MMS agus SCI uimhirspleácha (m.sh. Alanna cosúil le WhatsApp) san áireamh.

³³ [Tuarascáil Tagarmhairc BEREC maidir le cumarsáid laistigh den Aontas](#)

³⁴ [Tuairim BEREC i ndáil leis an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le cumarsáid laistigh den Aontas](#)

³⁵ Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015

Déileáiltear le gníomhaíochtaí comhlíonta ComReg sa roinn dar teideal ‘Comhlíonadh agus Forfheidhmiú’.

Seirbhísí Ardráta

I rith na tréimhse seo, lean ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i margaí Seirbhísí Ardráta (SAR), lena n-áirítear seirbhísí nua billeála iompróra dhíreach (DCB), chun a chinntiú nach bhfuil síntiús á ghlacadh ag tomhaltóirí mar thoradh ar a gcéad rannpháirtíocht le SAR. Mar a cheanglaíonn Cód Cleachtas SAR ComReg, ní mór faisnéis chuí a chur faoi bhráid tomhaltóirí faoin tseirbhís síntiúis, lena n-áirítear maidir le praghsáil, sula ndeimhníonn siad a síntiús agus fad is atá SAR in úsáid acu.

Ceanglaíonn Rialacháin CCL go luaitear ar bhillí miondealaithe aitheantas an tsoláthraí agus tréimhse na seirbhísí a ngearrtar uimhreacha ardráta lena n-aghaidh (mura ndearna an tomhaltóir iarratas gan an fhaisnéis a lua). Len a chois sin, forálann Rialacháin CCL go bhféadfadh tomhaltóir bac a chur ar ghlaonna amach nó ar SMS nó MMS ardráta nó ar chineálacha eile feidhmchlár saor in aisce. Tá beart bunaithe ag ComReg cheana féin³⁶ chun cead a thabhairt do thomhaltóirí cosc a chur ar rochtain ar SMS nó ar MMS ardráta chun an fhéidearthacht a bhaineann le bille an-ard gan choinne a laghdú.

D’fhéadfadh ComReg athbhreithniú a dhéanamh má tá cosaintí breise a bhaineann le billeáil tríú páirtí oiriúnach, de bhua cheanglais na reachtaíochta náisiúnta.

Chomh maith leis sin, phróiseáil ComReg 371 iarratas ar cheadúnas SAR i rith na tréimhse seo, agus próiseáladh 100% de na hiarratais laistigh de 7 lá.

Foráiltear in Alt 3.3 de Chód Cleachtas SAR do mhodh malartach atá le húsáid ag Soláthraí SAR, sa chás, i ndáil le SAR ar leith, go sásaíonn Soláthraí SAR ComReg gur féidir aon cheanglas den Chód a chomhlíonadh go leordhóthanach trí mhodhanna malartacha atá le sonrú sa Chód.³⁷

Chomh fada is a bhaineann le meicníocht iontrála UAP mholta, tá ceanglais sonraithe ag ComReg (féach ar dhoiciméad 13/36 ComReg) ar comreg.ie.

I rith na tréimhse, rinne larratasóirí ar Cheadúnas SAR, iarratas ar chead Alt 3.3. Mar chuid den phróiseas a bhain le hiarratas a dhéanamh ar chead Alt 3.3, eisíodh Foirm Iarratais Chead Alt 3.3. d’larratasóirí agus lean ComReg ar aghaidh ag obair ar na hiarratais a seoladh isteach.

³⁶ Cinneadh ComReg 03/18

³⁷ [Leathanach gréasáin Leasuithe agus Cheadanna Cheadúnas SAR | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide](#)

Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála

Tá freagracht reachtúil ar ComReg as monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán sholáthraí na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ) agus as athbhreithniú a dhéanamh ar an Táille Láimhseála Glaonna (TLG) a d'fhéadfadh an soláthraí SFGÉ a ghearradh.

I mí Eanáir 2025, chinn ComReg, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na costais tabhaithe ag an soláthraí SFGÉ, an TLG uasta a shocrú ag €3.93 don ghlaon ón 12 Feabhra 2025.³⁸ Sa bhliain roimhe sin, idir an 12 Feabhra 2024 agus an 11 Feabhra 2025, chinn ComReg go bhfuil an TLG uasta cothrom le €3.12.

Ní ghearrtar táille ar an tomhaltóir le haghaidh glaonna ar an uimhir 999 nó 112 de bhrí gurb é an líonra teileachumarsáide reatha a íocann an costas sin.

I rith na tréimhse, d'fhoilsigh ComReg dhá fhógra faisnéise maidir le líon na nglaonna ar SFGÉ, ceann in Iúil 2024³⁹ agus an ceann eile i bhFeabhra 2025.⁴⁰



Tá rochtain inacmhainne ag gach úsáideoir deiridh ar sheirbhísí leathanbhanda agus cumarsáide gutha ag suíomh seasta.

Seirbhís Uilíoch do Chumarsáid Leictreonach

Gné lárnach dár gcuid oibre maidir le cosaint tomhaltóirí is ea a chinntiú go bhfuil seirbhís cumarsáide leictreonaí uilíoch ar fáil.

³⁸ D02/25: Freagra ar Chomhairliúchán agus Cinneadh Deiridh maidir le Táille Láimhseála Glaonna na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála i gcomhair 2025/20

³⁹ ComReg 24/63: Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ): Líon glaonna éigeandála Eanáir 2024 – Meitheamh 2024

⁴⁰ ComReg 25/10: Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ): Líon glaonna éigeandála Eanáir 2024 – Nollaig 2024

Rochtain ag Suíomh Seasta

Maidir le Seirbhís Uilíoch, tá na doiciméid chomhairliúcháin phoiblí seo a leanas eistithe ag ComReg:

- **Riachtanais Seirbhíse Uilíche**
Naisc ghutha amháin agus seirbhísí cumarsáide gutha a chur ar fáil ag suíomh seasta (GSS OSU)⁴¹
- Soláthar Seirbhíse Uilíche de naisc ghutha amháin agus de sheirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh seasta – Freagra ar Chomhairliúchán, Tuilleadh Comhairliúcháin agus Dréachtchinneadh⁴²
- Ar an 12 Nollaig 2023, d’eisigh ComReg Cinneadh D10/23⁴³ lena mbunaítear nach féidir seirbhísí cumarsáide gutha seasta a chinntiú sa Stát. Scríobh ComReg chuig an tAire ag lorg a thuairime maidir le cibé acu an féidir nó nach féidir le huirlisí beartais phoiblí poitéinsiúla eile rochtain a chinntiú ar sheirbhísí cumarsáide gutha sa Stát nó in aon chuid den Stát.

Ar an 25 Meitheamh 2024, d’eisigh RCAC Comhairliúchán maidir le⁴⁴ hinfhaighteacht seirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh seasta (GSS) – uirlisí beartais phoiblí poitéinsiúla a bheith ann cheana. Glacadh le haighneachtaí ar an gcomhairliúchán seo go dtí an 6 Lúnasa 2024.

Ar an 8 Samhain 2024 d’fhoilsigh an tAire⁴⁵ a thuairim nach féidir le huirlisí beartais phoiblí féideartha eile rochtain ar sheirbhísí cumarsáide gutha sa Stát a chinntiú ag suíomh seasta. Lean ComReg ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar an margadh i rith na tréimhse tuairiscithe.

Forbairt na dTaraifí miondíola

Gaolmhar le hinacmhainneacht seirbhísí uilíocha, ceanglaítear ar ComReg monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar leibhéal praghsanna miondíola seirbhísí oiriúnacha leathanbhanda agus cumarsáide gutha agus tuairisciú don Aire ar bhonn rialta maidir leis na nithe seo agus nuair a iarrann an tAire a leithéid a dhéanamh.

Caighdeán Seirbhíse (QoS) na Seirbhíse Uilíche

Tá ComReg den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht ar fheidhmíocht QoS. Leanfaidh ComReg ag déanamh monatóireachta ar fheidhmíocht QoS ar bhonn leanúnach agus d’fhéadfadh sé idirghabháil a dhéanamh más cuí.

D’fhoilsigh ComReg Fógraí Faisnéise Ráithiúla ComReg ina léirítear feidhmíocht Eir do gach tréimhse ráithiúil agus bhliantúil.

⁴¹ Ceanglais Seirbhíse Uilíche: Naisc ghutha amháin agus seirbhísí cumarsáide gutha a chur ar fáil ag suíomh seasta (GSS OSU)

⁴² Soláthar Seirbhíse Uilíche de naisc ghutha amháin agus de sheirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh seasta – Freagra ar Chomhairliúchán, Tuilleadh Comhairliúcháin agus Dréachtchinneadh

⁴³ Seirbhís Uilíoch lena mbunaítear nach féidir seirbhísí cumarsáide gutha sheasta a chinntiú ar bhonn tráchtála sa Stát. D10/23, Uimh. Doic. 23/115

⁴⁴ [Comhairliúchán maidir le hinfhaighteacht seirbhísí cumarsáide gutha ag suíomh seasta \(GSS\) uirlisí beartais phoiblí poitéinsiúla a bheith ann cheana \(www.gov.ie\)](#)

⁴⁵ [Tuairim an Aire maidir le huirlisí beartais phoiblí féideartha chun infhaighteacht GSS a chinntiú](#)

Iarratais Mhaoinithe OSU

Tá mionsonraí curtha ar fáil ag ComReg maidir le cinntí iarratais mhaoinithe OSU 2010–2015 ComReg, faoin dúshlán dlí a thug Eircom ina dhiaidh sin, atreorú CBAE á dhéanamh ag Ard-Chúirt na hÉireann, breithiúnas CBAE agus orduithe Ard-Chúirt na hÉireann ina dhiaidh sin ina Ráiteas Straitéise 2023–2025.

Sa chomhthéacs seo, thosaigh agus chríochnaigh ComReg a athbhreithniú, de réir an ordaithe ón Ard-Chúirt, ar na measúnuithe ar an ualach éagothrom (2010–2015) ar bhonn an ghlanchoistais ghaolmhair arna chinneadh bunaithe ar na Cinntí.

Rinne ComReg athbhreithniú ar na measúnaithe ar an ualach éagothrom a bhain le Cinneadh ComReg D05/19, D06/19, D07/19, D08/19 agus D09/19 (i.e. 2010–2011). Chuaigh ComReg i gcomhairle maidir lena réamhthuairimí, agus ina dhiaidh sin rinne ComReg cinntí aonair maidir leis na measúnuithe ualaigh neamhchothroime I gcomhair 2010–2015 (D01/25, D03/25, D06/25; agus D09/25) Chinn ComReg nárbh ionann glanchostas fhoráil OSU i ngach bliain idir 2010–2015 agus ualach neamhchothrom ar Eircom. Níor iarradh achomharc ar na cinntí seo.

I rith na tréimhse, chuir ComReg tús le hathbhreithniú ar mheasúnú ar iarratas Maoinithe Seirbhíse Uilíche 2015–2016 eir, measúnú ar ualach míchothrom. Chuaigh ComReg i gcomhairle maidir lena réamhthuairimí. Ba é an dáta a bhí sonraithe chun glacadh le haighneachtaí i ndáil leis an gcomhairliúchán ná an 5 Lúnasa 2025.

Níl aon iarratas ar mhaoiniú OSU faighte ag ComReg don tréimhse airgeadais 2017–2023.

Leathanbhanda Leordhóthanach

Tá an tAire freagrach as Leathanbhanda Leordhóthanach a shainmhíniú. Ina dhiaidh sin, cuirfidh ComReg a fhreagrachtaí i gcrích i ndáil le haon cheanglas a bhaineann le Seirbhís Uilíoch do Leathanbhanda Leordhóthanach.

Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Is í sprioc tomhaltóra ComReg i réimse na Comhlíonta agus an Fhorfheidhmithe a chinntiú go dtugann a soláthraithe seirbhíse aird ar chearta tomhaltóirí i rith a n-aistir.



Tá na soláthraithe seirbhíse ag tabhairt aird ar chearta tomhaltóirí i rith a n-aistir.

Treoir Rialála maidir le cearta úsáideora deiridh Chód Cumarsáide Leictreonaí na hEorpa (an Cód)

Bhunaigh an Cód cearta úsáideora deiridh nua i ndáil leis an gceart chun faisnéis réamhchonarthach íosta áirithe a fháil agus an Achoimre Conartha nua sula nglactar páirt i gconarthaí, sula n-aistrítear rochtain idirlín agus sula mbaintear tairbhe as tairiscintí cuachta.

Glactar leis mar phíosa lárnach reachtaíochta chun sochaí Gigighiotáin na hEorpa a chomhlíonadh agus chun rannpháirtíocht iomlán gach saoránach den AE a chinntiú sa gheilleagar agus sa tsochaí dhigiteach.

Chun cabhrú le tuiscint soláthraithe seirbhíse ar an raon ceart úsáideora deiridh d'fhoilsíomar Treoir Rialála maidir le Cearta Úsáideora Deiridh an Chóid.

Eisíodh an Treoir seo ar dtús agus ina dhiaidh sin nuashonraigh ComReg é i mí na Nollag 2020 i bhfianaise an Chóid. Rinne ComReg tuilleadh nuashonraithe ar an Treoir seo i mí Lúnasa 2023 i ndiaidh tús a chur le Rialacháin LET agus Acht 2023. Nuashonraíodh an Treoir seo chun léargas a thabhairt ar an soiléiriú tríd an reachtaíocht trasuite náisiúnta maidir le ról ComReg agus na ceanglais dlí bhreise do sholáthraithe.

Treoir do Sholáthraithe Seirbhíse Miondíola ar Aistriú Custaiméirí ó Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí Copair-Bhunaithe

Tá ardbhonneagar líonra dhigitigh riachtanach do gheilleagar agus sochaí dhigiteach rathúil. Mar thoradh ar rolladh amach luathaithe Líonra An-Ardluais (LALanna), tá go leor úsáideoirí deiridh ag ascnamh seirbhísí chuig naisc nua-aimseartha cosúil le snáithín. I bhfianaise an chúlra sin, thug Eircom le fios go bhfuil sé beartaithe aige seirbhísí copair a ascnamh chuig seirbhísí agus líonraí snáithínbhunaithe den chuid is mó agus amach anseo, go mbeidh a líonra rochtana copair á mhúchadh aige (Múchadh Copair).

I mí Mheán Fómhair 2024, d'eisigh ComReg Treoir (féach doiciméad ComReg 24/76) le haghaidh soláthraithe seirbhíse miondíola (SSManna), ag díriú ar ascnamh custaiméirí ó sheirbhísí copair, airdeallach ar Mhúchadh Copair amach anseo chun SSManna a spreagadh chun tacú lena gcustaiméirí le faisnéis thráthúil, shoiléir agus chruinn; agus comhairle le haghaidh SCL, rud a chumasaíonn úsáideoirí deiridh chun rogha a dhéanamh agus chun na seirbhísí seo a úsáid go muiníneach. Leagtar amach sa Treoir sin prionsabail ghinearálta (Prionsabail) a thugann treoir do SSManna maidir leis na céimeanna íosta a d'fhéadfaidís a chur i gcrích chun ascnamh custaiméirí a bhainistiú go héifeachtach, chun deis a thabhairt do chustaiméirí rogha eolasach a dhéanamh agus chun a chinntiú nach gcuirfear isteach ar a seirbhís.

Déanfaidh ComReg dlúthmhonatóireacht agus meastóireacht ar fhorbairtí margaidh agus ar chur chuige SSManna maidir le tacú go gníomhach le hascnamh réidh agus éifeachtach a gcustaiméirí. Forbróidh ComReg an Treoir seo de réir mar is gá, lena n-áirítear chun aon bhreithniú breise a chur san áireamh má thugann oibritheoir líonra fógra maidir le Múchadh Copair

Treoir d'Oibritheoirí Líonra Mhóibíligh maidir le Múchadh 2G/3G

Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí nuachóirithe líonra, a bheidh mar bhonn le héifeachtúlachtaí agus le buntáistí, tá tús á chur le rolladh amach líonraí Éabhlóide Fadtéarmaí (LTE nó 4G) agus Raidió Nua (NR nó 5G) le blianta beaga anuas, OLManna in Éirinn, san Eoraip agus ar fud an domhain nó tá pleananna chun a líonraí CDCM (2G) agus/nó STMU (3G) a scor á mbreithniú acu.

I mí Iúil 2024, sholáthair ComReg Treoir⁴⁶ ina leagtar amach ionchais do OLManna, maidir leis na hiarrachtaí réasúnacha ba cheart a dhéanamh chun iarracht a dhéanamh an ceanglas atá ann “gach iarracht réasúnach a dhéanamh” a chomhlíonadh, de réir choinníoll a gceadúnais. Sa Treoir, soláthraítear treoir phraiticiúil do OLManna atá le leanúint nuair a bhíonn gach iarracht réasúnach á déanamh (iarrachtaí Réasúnacha) i gcomhthéacs aon iarmhairt dhíobhálach ar úsáideoirí a íoslaghdú.

Dírítear sa Treoir ar chásanna ina gcuirtear stop le ceann amháin den líonra 2G nó 3G agus, dá bhrí sin, go mbíonn na hiarmhairtí díobhálacha á maolú go pointe áirithe ag an oibriú leanúnach ar an líonra 2G nó 3G atá fágtha. Sna blianta amach romhainn, nuair a bheidh níos mó eolais ar fáil faoi nó nuair a bheidh daoine ag súil leis na tionchair a bheidh ag stop a chur leis an líonra 2G nó 3G atá fágtha, féadfaidh ComReg an Treoir maidir le hiarrachtaí réasúnacha atá le déanamh a nuashonrú.

Monatóireacht ar Chomhlíonadh

Tá ComReg airdeallach ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go dtacaítear le cultúr comhlíonta ionas go seasann a soláthraí seirbhíse le cearta tomhaltóirí. Tá comhlíonadh agus forfheidhmiú éifeachtach tábhachtach sa chomhthéacs seo.

Maidir le cearta tomhaltóirí, déanann ComReg monatóireacht ar an tslí a bhfuil oibleagáidí ábhartha á gcomhlíonadh ag soláthraithe SAR agus SCL, lena n-áirítear Cód Cleachtais SAR, na Rialacháin Seirbhíse Uilíche agus Cinntí Gaolmhara ComReg. Tháinig forálacha áirithe de Rialacháin an Chóid in ionad na Rialacháin Seirbhíse Uilíche.⁴⁷ Chomh maith leis sin, déanann ComReg monatóireacht ar an tslí a bhfuil na Rialacháin Fánaíochta á gcomhlíonadh,⁴⁸ agus reachtaíocht ceart tomhaltóirí chun críche maoirseachta a bhfuil comhaontú maidir le comhar ag ComReg leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) ina leith.

⁴⁶ Doic. ComReg 24/61: Múchadh 2G/3G – Treoir d'Oibritheoirí Líonra Mhóibíligh

⁴⁷ I.R. Uimh. 444/2022 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonáí), 2022

⁴⁸ I.R. Uimh. 315/2022 – Na Rialacháin Chumarsáide (Fánaíocht Teileafóin Shoghluaiste), 2022

Rinneadh athchóiriú suntasach ar reachtaíocht maidir le Cearta Tomhaltóirí go príomha tríd an Acht um Chearta do Thomhaltóirí a bhunú.

Maidir leis na Rialacháin Fánaíochta, déanann ComReg monatóireacht ghníomhach ar an tslí a bhfuil an córas Fánaíocht ar Tháillí Baile á chur chun feidhme ag soláthraithe seirbhíse. Chomh maith leis sin, forfheidhmíonn ComReg Rialacháin maidir leis an Idirlíon Oscailte.⁴⁹

Áiríodh ar ár gcuid oibre a bhain leis an Idirlíon Oscailte:

- Monatóireacht leantach ar an margadh SRI⁵⁰ agus tionscnamh rúnsiopaíochta a chur i gcrích.
- Foilsiú thuarascáil bhliantúil ComReg maidir le cur chun feidhme Rialacháin an AE maidir le Rochtain ar an Idirlíon Oscailte in Éirinn.⁵¹

Cásanna & Torthaí Comhlíonta Tomhaltóirí

Lúnasa 2024 – IFA Telecom

I mí Lúnasa 2024, thuairiscigh ComReg gur íoc IFA Telecom Teoranta ag trádáil mar IFA Member Services (IFA Telecom) pionós luach €7,500 le ComReg i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh.

Chinn ComReg go raibh IFA Telecom neamh-chomhlíontach le roinnt dá oibleagáidí rialála sa mhéid is, i ndáil leis na Tagairtí Tomhaltóra oiriúnacha ar bhille an chustaiméara, nach raibh an fhaisnéis ábhartha ar fad ar fáil i gconarthaí na gcustaiméirí agus nach raibh aon mhíniú nó aon fhoráil i gconradh an chustaiméara maidir leis an bhfaisnéis luais ábhartha do sheirbhís rochtana idirlín an chustaiméara. Gheall IFA Telecom na hoibleagáidí rialála ábhartha a chomhlíonadh.

Lúnasa 2024 – PrepayPower

I mí Lúnasa 2024, d'íoc Yuno Teoranta, ag trádáil mar PrepayPower, pionós luach €9,300 le ComReg i ndiaidh a thabhairt faoi deara go raibh sé neamh-chomhlíontach i ndáil le roinnt ceanglas rialála a bhain le seirbhísí leathanbhanda atá á gcur ar fáil aige.

Níor cuireadh íostréimhse an chonartha ar fáil sa chonradh ar mheán marthanach. Níor sholáthair PrepayPower an fhoirm chealaithe shamhla d'fheidhmiú ceart marana a chuirtear ar fáil don chustaiméir ar mheán marthanach. Níor cuireadh cóip dá dtéarmaí agus coinníollacha ar fáil do roinnt custaiméirí ar mheán marthanach agus gearradh táillí ar 621 custaiméir le haghaidh seirbhísí in imthosca nuair nach raibh aon taifead ag PrepayPower ar an tseirbhís a bheith á hiarraidh ag an gcustaiméir.

⁴⁹ Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015

⁵⁰ Soláthraithe seirbhísí rochtana idirlín

⁵¹ ComReg 25/41: Feidhmiú Rialacháin an AE maidir le Rochtain ar an Idirlíon Oscailte in Éirinn – Tuarascáil 2025

Gheall PrepayPower na hoibleagáidí rialála ábhartha a chomhlíonadh, d'eisigh sé aisíocaíochtaí luach €272,124 chuig custaiméirí ar gearradh táillí orthu do sheirbhís nach raibh iarrtha agus gealladh an Uimhir Chuntais Uilíoch (UCU) a chur ar fáil ar an mbealach céanna leis an uimhir chuntais leathanbhanda agus a chur in iúl do chustaiméirí go bhfuil an UCU ag teastáil nuair a bhíonn siad ag athrú ó sholáthraí seirbhíse amháin go dtí soláthraí seirbhíse eile curtha ar fáil dóibh.

Meán Fómhair 2024 – SLA Digital

I mí Mheán Fómhair 2024, thuairiscigh ComReg nár chomhlíon SLA Digital Alt 5.25 agus Alt 5.28 den Chód Cleachtais agus, dá bharr sin, nach raibh coinníollacha a bhain lena cheadúnais comhlíonta aige ach oiread. Bhain sé seo le saincheist nuair nach raibh custaiméirí in ann díliostáil ó roinnt SAR tríd an ordú “stop” a sheoladh chuig an uimhir ghearrchóid ainmnithe. Gearradh táillí ar roinnt custaiméirí freisin a bhain leis na SARanna seo i ndiaidh dóibh a bheith deimhnithe mar díliostáilte ag SLA Digital.

Dheimhnigh SLA Digital, i ndiaidh custaiméirí a asnamh ó bhilleáil ghearrchóid SMS go dtí Billeáil Iompróra Dhíreach, nár díliostáladh go rathúil síntiúsóirí a sheol an t-ordú “stop” chuig an uimhir ghearrchóid ainmnithe mar gheall ar earráid mhapála ghearrchóid.

D'aisíoc SLA Digital €8,872 le 364 custaiméir a raibh tionchar ag an neamh-chomhlíonadh orthu agus ceanglaíodh air gach athrú teicniúil riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú go raibh an Cód Cleachtais á chomhlíonadh.

Nollaig 2024 – Three Ireland

I mí na Nollag 2024, thuairiscigh ComReg go raibh sé páirteach i gcomhaontú de bhua Alt 62 d'Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, agus le Three Ireland (Hutchison) Teoranta (TIHL) agus Three Ireland Services (Hutchison) Teoranta (TISHL) (Three Ireland le chéile).

Glacadh páirt sa chomhaontú seo i ndiaidh imscrúdú a rinne ComReg ar sháruithe amhrasta arna ndéanamh ag Three Ireland a bhain le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht

a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas (athmhúnlú) (Rialachán Fánaíochta 2012) agus Rialachán an AE 2022/612 (Rialachán Fánaíochta 2022) ar tugadh éifeacht dó i nDlí na hÉireann trí Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Fánaíocht Fóin Phóca), 2022 (IR 315 / 2022) (na Rialacháin Fánaíochta).

Bhí an t-imscrúdú dírithe ar fhorálacha na Rialachán Fánaíochta a bheith á gcomhlíonadh ag Three Ireland, agus, go háirithe, cibé acu ar chuir nó nár chuir Three Ireland an fhaisnéis riachtanach ar fáil do chustaiméirí mar atá sonraithe in Airteagal 15 de Rialachán Fánaíochta, 2012 agus Airteagal 14 de Rialachán Fánaíochta, 2022. Baineann na hAirteagail seo le “Meicníochtaí trédhearcachta agus cosanta do sheirbhísí fánaíochta sonraí miondíola”.

Chinn ComReg bunaithe ar shonraí a chuir Three Ireland ar fáil nach bhfuair custaiméirí áirithe an fógra cuí nuair a shroich siad an teorainn réamhshocraithe €50 nó €100 a cheanglaítear ón 1 Iúil 2022 faoi Airteagal 14(4) de Rialachán Fánaíochta 2022. Lena chois sin, fuair custaiméirí áirithe fógra nach raibh eolas ann maidir leis na costais a bhaineann le gach aonad breise a bhí le húsáid mar a cheanglaíonn Airteagal 14(4) de Rialachán Fánaíochta, 2022. Bhí tionchar ag na sárúithe seo ar thart ar 14,000 custaiméir agus bhí aisíocaíochtaí luach €3.76m le heisiúint ag Three Ireland.

Márta 2025 – An Post Mobile

I mí an Mhárta 2025, thuairiscigh ComReg gur íoc Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe An Post, ag trádáil mar, An Post Mobile, pionós luach €45,000⁵² le ComReg i ndiaidh do ComReg imscrúdú a dhéanamh. Chinn ComReg nach raibh roinnt oibleagáidí rialála á gcomhlíonadh ag An Post Mobile, lena n-áirítear faisnéis chonartha a bheith á cur ar fáil ag An Post Mobile, táillí a bhain le fánaíocht laistigh den AE, cód cleachtais chun déileáil le gearáin, aisíocaíochtaí creidmheasa nuair a d'aistrigh custaiméirí chuig soláthraí eile, agus fógraí maidir le hathrú conartha.

Chomh maith leis sin, gheall An Post Mobile thart ar €25,600 a aisíoc le 4,700 custaiméir i ndáil le farasbarr creidmheasa a bhí fós luaite le cuntais a bhí portáilte acu, agus a bhain le táillí míchearta a ghearradh d'fhánaíocht gutha, SMS agus sonraí agus beidh teagmháil á déanamh aige le custaiméirí ábhartha.

Aibreán 2025 – Virgin Media Ireland

I mí Aibreáin 2025, thuairiscigh ComReg maidir le toradh cás Ard-Chúirte a bhí tógtha aige in aghaidh Virgin Media Ireland Teoranta (Virgin Media). Sa chás seo rinneadh imscrúdú ar shárúithe a raibh Virgin Media freagrach astu i ndáil lena chuid oibleagáidí faoi Rialachán 25(6)(b) de Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Seirbhís Uilíoch agus Cearta Úsáideoirí), 2011 (na Rialacháin maidir le Seirbhís Uilíoch).

Bhí ComReg den tuairim, i mí Iúil 2022, gur theip ar Virgin Media a chinntiú nach raibh a choinníollacha agus nósanna imeachta d'fhoirceannadh conartha ag feidhmiú mar dhídhreasú do thomhaltóir a bheadh ag smaoineamh ar athrú ó sholáthraí amháin go dtí soláthraí eile, agus tugadh tréimhse trí seachtaine do Virgin Media chun déileáil leis an neamh-chomhlíonadh.

⁵² D'eisigh ComReg 30 fógra de réir Alt 44(1) d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 (arna leasú), agus tá na fógraí seo íoctha ag An Post

Shonraigh Virgin Media ina dhiaidh sin nár sháraigh sé a chuid oibleagáidí agus ina dhiaidh sin, chuir ComReg iarratas faoi bhráid na hArd-Chúirte ag lorg dearbhaithe nár chomhlíon Virgin Media Rialachán 25(6)(b) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche agus de na horduithe a threoraigh do Virgin Media a chuid oibleagáidí faoi Rialachán 25(6)(b) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche a chomhlíonadh agus chun an neamh-chomhlíonadh a chur ina cheart.

Éisteadh an cás san Ard-Chúirt i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus sholáthair an Ard-Chúirt Ordú i mí an Mhárta 2025 inar dearbhaíodh nár chomhlíon Virgin Media a chuid oibleagáidí faoi Rialachán 25(6)(b) de na Rialacháin Seirbhíse Uilíche trí bhithín a nósanna imeachta d'fhoirceannadh conartha do chustaiméirí ar mian leo a soláthraí seirbhíse a athrú, agus ordáíodh do Virgin Media freisin a oibleagáidí a chomhlíonadh chun a chinntiú nach bhfuil a choinníollacha agus nósanna imeachta d'fhoirceannadh conartha ag feidhmiú mar dhídhreasú chun soláthraí seirbhíse a athrú trína ábhair oiliúna gníomhaí agus doiciméid ghaolmhara a leasú.

Aibreán 2025 – Yellowcom

I mí Aibreáin 2025, thuairiscigh ComReg maidir le toradh imeachtaí Cúirte Dúiche in aghaidh Yellowcom Teoranta (Yellowcom). Bhí imscrúdú ar an tslí a raibh roinnt dá oibleagáidí reachtúla á gcomhlíonadh ag Yellowcom oscailte ag ComReg lena n-áirítear Rialachán an Aontais Eorpaigh (Rochtain ar an Idirlíon Oscailte), 2019 (go sonrach an fhoráil a bhain le faisnéis maidir le luas idirlín i gconarthaí custaiméirí), Rialachán an Aontais Eorpaigh (An Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2002 (go sonrach go bhfuil tréimhse uasta conarthaí cothrom le 24 mí), agus Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023 (go sonrach foilsíú agus cur chun feidhme Cóid Chleachtais a dhéileálann le gearáin ó chustaiméirí agus a bhaineann le díospóidí a réiteach).

Mar thoradh ar an imscrúdú seo d'eisigh ComReg ionchúisimh Cúirte Dúiche in aghaidh Yellowcom i ndáil le sáruithe reachtaíochta. Éisteadh an cás ar an 9 Aibreán 2025 agus phléadail Yellowcom ciontach as 8 gcúiseamh a bhain le 8 dtoghairm os comhair na cúirte.

Scríos an Breitheamh Anthony Halpin gach táille agus cheangail sé ar Yellowcom tabhartas carthanúil luach €2,500 a bhronnadh. Chabhraigh Yellowcom le costais ComReg a íoc freisin.

Rialáil Poist

Is é ComReg an t-údarás rialála don earnáil poist in Éirinn. Tá ár ról maidir le rialáil poist bunaithe ar Threoir Eorpach atá trasuite i ndlí Éireannach.

Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg an méid seo a leanas a chinntiú:

- Seirbhís poist uilíoch a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais réasúnacha úsáideoirí na seirbhíse poist
- Oibleagáidí atá forchurtha ortha a bheith á gcomhlíonadh ag soláthraithe seirbhíse poist

Is iad feidhmeanna reachtúla ComReg an méid seo a leanas a chinntiú:

- Tacú le forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go háirithe, seirbhís poist uilíoch a bheith ar fáil laistigh de, chuig agus ón Stát ar phraghas inacmhainne chun tairbhe na n-úsáideoirí ar fad
- Leasanna úsáideoirí seirbhíse poist a chur chun cinn
- Tacú le forbairt an iomaíochais agus na nuálaíochta sa mhargadh chun seirbhís poist a sholáthar

An tseirbhís poist uilíoch a rialú

Baineann ról ComReg i ndáil le cúrsaí poist go príomha leis an tseirbhís poist uilíoch a rialú, tacar seirbhísí poist atá ag déileáil le hiomaíocht theoranta.

Mura bhfuil iomaíocht éifeachtach ann, cinntíonn rialáil na seirbhíse poist uilíoch go mbeidh seirbhísí poist sonracha á gcur ar fáil do gach duine, ag praghas inacmhainne agus ag leibhéal cáilíochta leordhóthanach.

Is foirm chosanta d'úsáideoirí seirbhíse poist í an tseirbhís poist uilíoch, go háirithe d'úsáideoirí leochaileacha agus iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste digiteach.

Ciallaíonn an tseirbhís poist uilíoch, arna ceangal ag dlí na hÉireann, ar gach lá oibre go ndéantar sórtáil amháin agus seachadadh amháin chuig baile nó áitreabh gach duine sa Stát. In Éirinn, is éard atá i gceist go príomha leis an tseirbhís poist uilíoch litreacha a sheachadadh chuig daoine aonair agus gnóthaí. Ní bhíonn an tseirbhís poist uilíoch ag déileáil le mórán beartán, de bhrí go bhfuil seachadadh beartán á dhéanamh ar bhonn tráchtála den chuid is mó ag oibritheoirí seachadta beartán difriúil in Éirinn.

Tá An Post ainmnithe mar sholáthraí na seirbhíse poist uilíoch (SPU) chun an tseirbhís poist uilíoch ar fad a chur ar fáil don Stát ar fad go dtí an 1 Lúnasa 2029, mura leasaíonn ComReg a leithéid ar shlí eile.

Díospóidí tomhaltóirí a réiteach d'úsáideoirí seirbhíse poist

Chomh maith leis sin, tá ról réitigh díospóidí ag ComReg d'úsáideoirí seirbhíse poist nach bhfuil sásta leis na céimeanna atá curtha i gcrích ag soláthraí seirbhíse poist údaraithe chun a ngearán a réiteach.

I rith na bliana atá á hathbhreithniú, bhreithnigh ComReg 45 iarratas ar réiteach díospóidí a bhain le nithe poist.

Rialáil chaighdeán SPU do sheirbhísí poist uilíocha


Ceanglaítear de réir an dlí ar ComReg caighdeáin cháilíochta seirbhíse a bhunú don tseirbhís poist uilíoch. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ComReg monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh SPU, An Post, agus ar chomhlíonadh le caighdeáin cháilíochta seirbhíse agus tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le torthaí a chuid monatóireachta.

Sonraí maidir le beartáin

D'fhoilsigh ComReg sonraí comhiomlána maidir le beartáin a bhailíonn sé faoin Rialachán Eorpach maidir le Beartáin Thrasteorann.


Seo a leanas na príomhthreochtaí:

Ioncam Iomlán Beartán i €m (2018–2023)



Fíor 12. Ioncam Iomlán Beartán i €m (2018–2023)

Méad Iomlán Beartán (Ms) (2018–2023)



Fíor 13. Méad Iomlán Beartán (Ms) (2018–2023)

Nósanna Imeachta

In 2024, bhunaigh ComReg:

- **Nósanna Imeachta Rialála do mhonatóireacht agus iniúchóireacht seirbhíse (Doiciméad Uimh. 24/72 ComReg)**
trédhearcacht a sholáthar maidir le riachtanais náisiúnta do dhearadh agus d'oibriú na Monatóireachta agus iniúchóireachta Cáilíochta Seirbhíse agus Monatóireacht agus Staidéar Real Mail.
- **Nósanna Imeachta um Réiteach Díospóidí Poist (Cinneadh ComReg D25/24)**
chun díospóidí a réiteach idir úsáideoirí seirbhísí poist agus soláthraithe seirbhíse poist.

Stoirm Éowyn

Tá roinnt beart curtha i gcrích ag ComReg chun cabhrú le tomhaltóirí i ndiaidh Stoirm Éowyn chun ullmhú d'imeachtaí adhaimsire amach anseo.⁵³

San áireamh i measc na mbeart tomhaltóra seo bhí:

Faisnéis a chur ar fáil do Thomhaltóirí maidir le hUllmhú do Bhristeacha

Tá [leathanach gréasáin](#) cruthaithe againn chun eolas a roinnt le tomhaltóirí maidir leis an tionchar is féidir a bheith ag adhaimsir ar sheirbhísí cumarsáide, gníomhartha is féidir leo a dhéanamh chun ullmhú dá leithéid, agus an méid is féidir leo a dhéanamh i rith aon chineál bristeacha nó cur isteach ar sheirbhís. Tarraingimid aird tomhaltóirí ar phríomhtheachtaireachtaí ag eatraimh rialta trí nuacht tomhaltóirí agus feachtais faisnéise.

Tacaíocht do Thomhaltóirí

Tá foireann Cúraim Thomhaltóirí ComReg ar fáil do thomhaltóirí a bhfuil fadhbanna seirbhíse acu agus deacrachtaí acu na fadhbanna sin a réiteach lena soláthraithe seirbhíse. Chabhraíomar le tomhaltóirí. Bhí próiseas géaraithe eisceachtúil in úsáid ag Cúram Thomhaltóirí freisin ar féidir é a úsáid i rith bristeacha fada chun cabhrú le dlús a chur le hathchóiriú seirbhíse do thomhaltóirí leochaileacha.


Eolas ar bhristeacha

Tá machnamh á dhéanamh ag ComReg ar chleachtais reatha soláthraithe seirbhíse i ndáil le cumarsáid a dhéanamh lena chustaiméirí maidir le bristeacha seirbhíse, lena n-áirítear faisnéis chruinn a bheith á cur ar fáil acu dá gcustaiméirí ar bhealaí inrochtana agus oiriúnacha, cainéil atá á gcur ar fáil ag soláthraithe a chuireann ar chumas custaiméirí bristeacha a thuairisciú mar aon le haon fheabhas bunaithe ar an méid a foghlaimíodh i ndiaidh Stoirm Éowyn.

Ina theannta sin, tacóidh ComReg le straitéis cumarsáide an Rialtais i ndáil le haon teagmhas adhaimsire.

Bristeacha níos faide agus creidmheas/aisíocaíochtaí

Tá obair curtha i gcrích ag ComReg chun a chinntiú go bhfuair custaiméirí a bhí ag déileáil le bristeacha fada i rith Stoirm Éowyn aisíocaíochtaí/creidmheasanna ar a gcuntais. Dheimhnigh soláthraithe seirbhíse go bhfuil luach breis is €1.08 milliún d'aisíocaíochtaí/de chreidmheasanna curtha ar fáil do thomhaltóirí go dtí seo.



05

Creat Margaidh



Caibidil 05

Creat Margaidh

Bainistiú Acmhainn an Speictrim Raidió

Is meán é an speictream raidió trínar féidir faisnéis a tharchur gan sreang thar achar idir cúpla méadar agus na mílte ciliméadar. Is acmhainn nádúrtha an-luachmhar atá ann, atá mar bhonn le gníomhaíochtaí tábhachtacha eacnamaíocha, sóisialta agus cumarsáide. Ina measc seo tá seirbhísí a úsáidtear go coitianta, cosúil le cumarsáid gan sreang mhóibíleach / sheasta agus leathanbhanda, craoladh raidió agus teilifíse, agus oibriú sábháiltear aeriompair agus iompair mhuirí.

Is acmhainn náisiúnta theoranta agus luachmhar é an speictream raidió a bhfuil tionchar aici ar gach réimse cumarsáide, lena n-áirítear raidió, teilifís, móibíleach (guth agus sonraí), nascleanúint aerloingseoireachta agus mhuirí agus cumarsáid satailíte. Ciallaíonn níos mó éilimh ar an speictream raidió go mbeadh sé in úsáid go héifeachtúil agus go mbeadh tairbhe á baint as próisis bhainistíochta speictrim éifeachtacha chun na buntáistí don tsochaí a uasmhéadú. Braitheann an cumas atá ag daoine lántairbhe a bhaint as an acmhainn speictrim ar na gníomhaíochtaí bainistíochta speictrim a éascóidh cur chun feidhme córas cumarsáide raidió le trasnaíocht raidió íosta.

De bhrí gur acmhainn fhinideach é speictream, áfach, a bhfuil go leor seirbhísí agus úsáideoirí difriúla luaite leis, tá breithniú cúramach ar raon leathan fachtóirí san áireamh i mbainistíocht speictrim (m.sh. riarachán, rialáil, sóisialta, eacnamaíoch agus teicniúil) agus é mar aidhm a chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtúil as speictream raidió. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh cothromaíocht idir raon fachtóirí iomaíocha a bheith i gceist:

- i) ceanglais réasúnacha gach seirbhís raidió a chomhlíonadh go cuí, lena n-áirítear úsáidí tráchtála agus poiblí, cosúil le sábháilteacht an phobail, slándáil náisiúnta agus cúram sláinte; agus
- ii) do speictream a úsáidtear do sheirbhísí cumarsáide leictreonáí (SCL) agus líonraí cumarsáide leictreonáí (LCL), a thacaíonn le hiomaíocht lena n-áirítear a chinntiú go mbaineann úsáideoirí an oiread tairbhe agus is féidir as a leithéid i dtéarmaí praghais, rogha agus cáilíochta, agus go gcabhraíonn siad le forbairt an mhargaidh inmheánaigh, agus go dtacaíonn siad le leasanna úsáideoirí laistigh den Chomhphobal Eorpach.

Cabhraíonn infheistíochtaí i seirbhísí a úsáideann an speictream raidió chun dlús a chur le hathrú agus le nuálaíocht ar fud gheilleagar na hÉireann trí chéile. Is amhlaidh atá de bhrí ní hamháin go soláthraíonn na seirbhísí seo modh cumarsáide éifeachtúil agus iontaofa, ach go dtacaíonn siad freisin le gníomhaíocht gheilleagrach sa gheilleagar trí chéile.

Meastar go coimeádach in anailís a chuir ComReg i gcrích gur mhéadaigh úsáid dhíreach an speictrim raidió in Éirinn i dtéarmaí Oll-luacha ó thart ar €4.6 billiún in 2019 go dtí €4.9 billiún in 2022.

Nuair a chuirtear éifeachtaí iolraitheora measartha san áireamh, measann ComReg gur mhéadaigh an tslí ar chuir an speictream raidió le hOllioncam Náisiúnta (OIN) na hÉireann ó €7.2 billiún in 2019 go dtí thart ar €8 mbilliún in 2022, suim a bhí mar bhonn le breis is 3% de OIN Modhnaithe.

Go simplí, tá gá le córas bainistíochta speictrim chun sannadh agus úsáid éifeachtúil, ina dhiaidh sin, minicíochtaí neamhchoitianta i measc úsáidí agus úsáideoirí iomaíocha a chinntiú. Tá sé seo riachtanach chun tacú le hiomaíocht laistigh de na margaí iartheachacha ábhartha, go háirithe de bhrí gur ionchur riachtanach é an speictream i ndáil le soláthar go leor SCL agus d'fhéadfadh sannadh mí-éifeachtúil speictrim cur isteach ar iomaíocht agus torthaí mí-éifeachtúla a chruthú don tsochaí.

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as an acmhainn speictrim raidió in Éirinn a rialú agus a bhainistiú. Tríd an bhfeidhm seo a fheidhmiú, is é cuspóir ComReg maidir le bainistíocht speictrim bainistíocht agus úsáid éifeachtúil an speictrim raidió a chinntiú, lena n-áirítear aird a thabhairt ar ráitis bheartais rialtais ábhartha agus ar fhorbairtí idirnáisiúnta.

Chun cabhrú le ComReg an speictream raidió a bhainistiú, leagann ComReg amach agus nuashonraíonn sé a phlean go rialta chun an speictream raidió a bhainistiú. I rith na tréimhse tuairiscithe seo, d'fhoilsigh ComReg Plean Oibriúcháin Bainistíochta an Speictrim Raidió don tréimhse idir 2025 agus 2028.⁵⁴ San áireamh i bPlean Oibriúcháin ComReg tá tograí ComReg dá phríomhghníomhaíochtaí bainistíochta speictrim cláir mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann le roinnt catagóirí seirbhísí speictrim raidió.

⁵⁴ Doic. ComReg 24/99a – foilsithe 13 Nollaig 2024

Leithdháileadh an speictrim raidió in Éirinn

Is éard atá i gceist le leithdháileadh an speictrim raidió ná ainmniú banda minicíochta atá le húsáid ag cineál seirbhísí cumarsáide raidió amháin nó níos mó, más cuí, de réir coinníollacha sonraithe. Sainaithníonn leithdháileadh go bhféadfadh na seirbhísí úsáid a bhaint as banda minicíochta raidió agus gur gníomhaíocht thábhachtach atá ann i ndáil le comhordú idirnáisiúnta an speictrim raidió a éascú idir ceantair réigiúnacha agus tíortha comharsanacha. Dá réir sin, laghdaíonn sé an fhéidearthacht a bhaineann le trasnaíocht fad is atá barainneachtaí scála á gcumasú.

Faoi Acht 2002, tá oibleagáid ar ComReg Plean Radaimhinicíochta (Plean) a fhoilsiú, agus a athbhreithniú. San áireamh sa Phlean tá tacar táblaí ina leagtar amach leithdháiltí speictrim raidió na hÉireann le haghaidh 8.3 ciliheirts (kHz) go dtí 3000 Gighheirts (GHz), agus léirítear na seirbhísí lena bhfuil gach banda minicíochta leithdháilte (Leithdháiltí Minicíochta) sa speictream raidió agus is uirlis thábhachtach atá ann d'úsáideoirí radaimhinicíochtaí.

Tugtar an Plean cothrom le dáta go rialta de réir thorthaí Chomhdhálacha Cumarsáide Raidió Domhanda (CCDanna) an Chumainn Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (CTI) agus forbairtí ábhartha eile, cosúil le glacadh le cinntí agus le moltaí comhchuibhithe Eorpacha do bhanda nó do sheirbhís radaimhinicíochta áirithe.

Tá ComReg tiomanta do, i mí an Mheithimh gach bliain, leagan nuashonraithe den leagan ar líne den Phlean a chur ar fáil⁵⁵ agus, ina dhiaidh sin, i mí na Nollag gach bliain, soláthraíonn ComReg nuashonrú eile ar an leagan ar líne agus foilsíonn sé leagan pdf den Phlean.⁵⁶

Oibríochtaí Ceadúnaithe


Tá údarú ó ComReg ag teastáil chun trealamh raidió a shealbhú agus a úsáid in Éirinn. D'fhéadfadh an t-údarú sin a bheith le fáil i bhfoirm ceadúnais nó díolúine ceadúnais. Is féidir ceadúnais a eisiúint de réir Acht Radio-Theleagrafaíochta, 1926 (arna leasú) agus Acht Craolacháin, 2009.

Amhail ar an 30 Meitheamh 2025, bhí líon na gceadúnas cothrom le 22,261 arb ionann é sin agus méadú 14% sna cúig bliana ón 30 Meitheamh 2020 (Féach Fíor 14).

⁵⁵ Féach ar [leathanach gréasáin an Phlean Radaimhinicíochta d'Éirinn](#)

⁵⁶ Féach Doic. ComReg 24/105 – foilsithe 19 Nollaig 2024

Líon na gCeadúnas Beo 2020–2025




Fíor 14. Líon na gCeadúnas Beo 2020–2025

Ainneoin go n-eisítear ceadúnais le haghaidh raon leathan cúiseanna, tá níos mó éilimh ar cheadúnais speictrim raidió áirithe. Tá méadú 16% tagtha ar cheadúnais nasc raidió seasta i ndáil le líon na nasc raidió seasta in Éirinn le 5 bliana anuas. Amhail ar an 30 Meitheamh 2025, bhí 15,901 ceadúnas nasc raidió seasta ann, sin thart ar 71% de gach ceadúnas beo. Bíonn nasc raidió seasta in úsáid ag oibritheoirí seasta agus móibíleacha, craoltóirí agus saoráidí den chuid is mó chun acmhainn agus líonraí tarchurtha a chur ar fáil, agus chun iomarcaíocht agus cúltaca a chur ar fáil do líonraí eile.

Tá tóir fós ar cheadúnais do raidió gnó, do raidió aerárthaigh agus do stáisiúin amaitéaracha. Amhail ar an 30 Meitheamh 2025, bhí 5,001 ceadúnas beo le haghaidh na gcatagóirí ceadúnais sin ann, sin thart ar 22% de gach ceadúnas beo. Mhéadaigh líon na gceadúnas raidió aerárthaigh a deonaíodh 25% i rith na tréimhse idir 2020 agus 2025. Mhéadaigh líon na stáisiún amaitéarach raidió go dtí 2,243 ar an 30 Meithimh 2025, sin méadú de 15% i gcomparáid le Meitheamh 2020.

Clúdaíonn na ceadúnais raidió fágtha cineálacha ceadúnais tábhachtacha éagsúla lena n-áirítear ceadúnais úsáide liobrálaithe (a éascaíonn seirbhísí guth-théacs agus sonraí móibíleacha a chur ar fáil), raidió móibíleach truncáilte, seirbhísí aerthrachta agus ceadúnais seirbhísí muirí talún (a éascaíonn oibriú sábháilte aeriompair agus muiroiompair).

Líon na gceadúnas naisc raidió seasta beo 2020–2025



Fíor 15. Líon na gceadúnas naisc raidió seasta beo 2020–2025

Leasú coinníollacha teicniúla i gceadúnais leathanbhanda gan sreang móibíleach

I rith thréimhse an athbhreithnithe, leasaigh ComReg na coinníollacha teicniúla a bhain le dhá chineál ceadúnais leathanbhanda móibíleacha agus gan sreanga, mar atá:

- na ceadúnais MBSA2 don bhanda 2.3 GHz, agus
- na ceadúnais MBSA1 don bhanda 800 MHz, don bhanda 900 MHz agus don bhanda 1800 MHz.

Éascaíonn na leasuithe sin na forbairtí teicniúla agus rialála le deireanaí agus i measc rudaí eile, forálann siad d'implonú Theicneolaíocht Raidió Nua 5G (5G), úsáid a bhaint as stáisiúin bhunáite Córas Aeróg Gníomhach (CAG), agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí 5G agus Idirlíon na nEarraí (IoT).

Creat Aistrithe Speictrim agus Léasa

I rith thréimhse an athbhreithnithe agus i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, d'fhoilsigh ComReg nuashonrú ar a Chreat Aistrithe Speictrim agus Léasaithe i bhfianaise Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022 (Rialacháin CCLE). Taobh le foilsiú fhreagra ComReg ar chomhairliúchán agus ar Chinneadh deiridh (Doiciméad 24/85), d'fhoilsigh ComReg an méid seo a leanas freisin:

- Doiciméad 24/86 – Nósanna imeachta agus treoirlínte deiridh atá le húsáid ag ComReg nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar aon aistriú nó léas molta.
- Doiciméad 24/86a – Foirm Fógra – tá an fhoirm fógra ineagarthóireachta le fáil ann atá le líonadh ag páirtithe leasmhara agus le cur faoi bhráid ComReg mar chuid d'aon aistriú nó léas beartaithe ar chearta úsáide speictrim do Líonraí Cumarsáide Leictreonaí (LCLanna) agus do Sheirbhísí Cumarsáide Leictreonaí (SCLanna).

Ar an 28 Márta 2025, thoiligh an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide d'fhorbairt na Rialachán Aistrithe agus Léasa, a foilsíodh mar I.R. Uimh. 99 de 2025.

Tástáil & Triail na hÉireann



Fíor 16. Lógó Thástáil & Triail na hÉireann

Soláthraíonn suíomh geografach na hÉireann ar imeall thiar na hEorpa agus a dlús daonra íseal buntáiste nádúrtha tábhachtach trí fhlúirse choibhneasta speictrim raidió inúsáidte. Is seirbhís é Tástáil & Triail na hÉireann ar féidir le fiontraithe, le taighdeoirí agus le forbróirí a úsáid chun teicneolaíochtaí gan sreang a thástáil nó a thríail i mbandaí minicíochta éagsúla, lena n-áirítear codanna de na bandaí móibíleacha agus craolta. I rith na bliana a bhí á hathbhreithniú, d'eisigh ComReg 27 ceadúnas Tástála/Trialach a d'éascaigh, mar shampla, tástálacha a dhéanamh ar líonraí 5G príobháideacha den chéad ghlúin eile lena n-áirítear obair a bhí á déanamh ag Connect i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath,⁵⁷ agus, mar shampla, éascaíodh triail ar líonra raidió DAB+ Éireannach (FáilteDAB) a chuir Foothold Communications Teoranta i gcrích.⁵⁸ Tá tuilleadh sonraí le fáil ó Tástáil & Triail na hÉireann www.testandtrial.ie lena n-áirítear físeán gearr ina bhfuiltear ag tacú leis an tionscnamh seo.

⁵⁷ Féach ComReg, "[Ceadúnas tástála atá oiriúnach le haghaidh 5G bronnta ar thaighdeoirí teileachumarsáide TCD ag ComReg](#)"

⁵⁸ Féach FáilteDAB ag <https://faiitedab.ie/>

Faireachas Margaídh Táirgí

Is é ComReg an tÚdarás Faireachais Margaídh (ÚFM) agus údarás inniúil chun críocha na Treorach maidir le Trealamh Raidió⁵⁹ (TTR) agus na Treorach maidir le maidir le Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (CL)⁶⁰ in Éirinn.

Tá TTR á tras-suí i ndlí na hÉireann ag Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Trealamh Raidió), 2017 (I.R. Uimh. 248 de 2017 arna leasú le I.R. Uimh. 30 de 2024) (na Rialacháin TR), agus tá an Treoir CL (TCL) á tras-suí i ndlí na hÉireann faoi Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach), 2016 agus 2017 arna leasú (I.R. Uimh. 145 de 2016 & I.R. Uimh. 69 de 2017 arna leasú le I.R. Uimh. 316 de 2023) (na Rialacháin CL).

I rith na tréimhse atá á hathbhreithniú, chuir ComReg a dhualgais i gcrích mar ÚFM trína Aonad Sábháilteachta Táirgí (AST), ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí faireachais margaídh lena n-áirítear:

- Seiceálacha comhlíonta ar tháirgí atá á n-onnmhairiú ag an bpointe iontrála sa Stát, trí chomhar le Lucht Custaim
- Cuairteanna Oifigigh Údaraithe ar áitreabh oibritheoirí eacnamaíocha chun scrúdú a dhéanamh ar shamplaí de threalamh raidió a cuireadh ar fáil ar an margadh sa Stát, agus
- Faireachas margaídh ar líne de threalamh raidió atá le díol le húsáideoirí deiridh in Éirinn trí ardáin ríomhthráchtála.

I rith na tréimhse tuairiscithe seo, reáchtáil ComReg roinnt feachtas cumarsáide maidir le sábháilteacht táirgí.⁶¹ Is é cuspóir na bhfeachtas seo cabhrú le hoibritheoirí eacnamaíocha teacht ar an tuiscint is fearr agus is féidir ar a gcuid oibleagáidí maidir leis an trealamh raidió a chuireann siad ar an margadh, agus freisin chun oideachas a chur ar agus chun eolas a roinnt le húsáideoirí Deiridh.

In 2025, d'fhoilsigh ComReg tuarascáil⁶² ina bhfuil sonraí maidir lena ghníomhaíochtaí faireachais margaídh don tréimhse 1 Eanáir 2024 go 31 Nollaig 2024.

⁵⁹ [Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i ndáil le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE](#)

⁶⁰ [Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát i ndáil le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach \(athmhúnlú\) Téacs atá ábhartha maidir le LEE](#)

⁶¹ [Feachtais Sábháilteachta Táirgí](#)

⁶² [Tuarascáil Bhliantúil an Aonaid Sábháilteachta Táirgí 2024](#)

Imscrúduithe ar Thrasnaíocht Radaimhinicíochta (TRM)

Is éard atá i gceist le Trasnaíocht Radaimhinicíochta (TRM) comharthaí radaimhinicíochta a chuireann isteach ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí, go hiomlán, go páirteach nó go sealadach. D'fhéadfadh TRM cur isteach ar aon sheirbhís cumarsáide raidió lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do sheirbhísí éigeandála, rialú aerthráchta, seirbhísí gutháin phóca, raidió gnó, naisc mhicreathoinne agus seirbhísí craolta.

Tarlaíonn TRM nuair a tharchuireann gléas cumarsáide gan sreang amháin ag nó gar don mhinicíocht chéanna le gléas eile nó mar gheall ar réimsí leictreamaighnéadacha ginte ag gléasanna leictreonacha éagsúla, cosúil le soilse agus ríomhairí. D'fhéadfadh TRM tarlú go neamhbheartaithe: mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú mar gheall ar chórais raidió atá suiteáilte go mícheart nó ar bhealach míchúramach nó mar gheall ar threalamh leictreach nó leictreonach atá lochtach nó neamhchomhlíontach.


Tá gach gearán TRM a fhaigheann ComReg aicmithe i dtrí chatagóir, Cineál A (freagairt láithreach), Cineál B (freagra laistigh de 5 lá oibre) agus Cineál C (fiosrúcháin a réitítear trí fhaisnéis a sholáthar), ag brath ar dhéine nó ar thionchar na trasnaíochta díobhálaí.

Don tréimhse idir 2023 agus 2024, fuair ComReg náid tuarascáil (0) de Chineál A, 16 de Chineál B agus 57 de Chineál C mar a léirítear i bhFíor 17 thíos.


- Fuair ComReg freagra PTF 100% KPI do thuarascálacha Chineál B i rith na tréimhse seo.
- Treiseoirí comhartha fóin phóca a bhí freagrach as breis is leath de na foinsí trasnaíochta, agus aimplitheoirí bairr chrainn Ba iad na foinsí trasnaíochta eile a taifeadadh ná modhnóir teilifíse lochtach, meaisín toitíní lochtach agus trasnaíocht oibrítheora eile.
- Ghlac ComReg le 47 tuarascáil maidir le trasnaíocht ar an mbanda speictrim 5GHz laistigh 64 agus chuir sé obair i gcrích go rathúil le soláthraithe seirbhíse agus le suiteálaithe trealaimh Líonra Achair Logánta Raidió (LALR) a bhí neamhchomhlíontach agus cumraithe go mícheart, rud a réitigh na fadhbanna a raibh tionchar acu ar sheirbhísí sruthaithe teilifíse.

Grafaic Eolais Staitisticí Faisnéise agus Imscrúduithe Speictrim Bhliantúil 2023–2024

Imscrúduithe ar Thrasnaíocht Radaimhnicíochta (TRM)



Gníomhaíochtaí Comhlíonta & Forfheidhmithe



Radaíocht Neamhianúcháin

Is ábhar tábhachtach é astaíochtaí Radaíochta Neamhianúcháin (“RNI”) ó láithreáin tarchuradóra. In 2019, leathnaíodh feidhmeanna na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) chun neamhchosaint phoiblí ar radaíocht neamhianúcháin a chlúdach sa speictream leictreamaighnéadach⁶⁴ agus is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) an comhlacht atá freagrach as neamhchosaint cheirde ar RNI.⁶⁵

Chun tacú leis an obair atá á déanamh ag ÚSS, ceanglaíonn ComReg, mar choinníoll d’Údarú Ginearálta, mar aon le ceadúnais Radaiteileagrafaíochta éagsúla, nach mór d’oibritheoirí stáisiún tarchurtha a chinntiú go gcomhlíonann a suiteálacha na teorainneacha astaíochta RNI atá sonraithe sna treoirlínte is déanaí atá foilsithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianúcháin (ICNIRP).⁶⁶

In 2003, chuir ComReg tús lena Chlár Tomhais Radaíochta Neamhianúcháin, ina n-áirítear iniúchadh bliantúil ar oibritheoirí lena gcoinníollacha Údaraithe Ginearálta/Radaiteileagrafaíocht i ndáil le RNI.

Áirítear ar gach iniúchadh bliantúil suirbhé a dhéanamh ar líon samplach (thart ar 80) láithreán agus cineálacha tarchuradóra (lena n-áirítear teileafónaíocht mhóibíleach 2G, 3G, 4G agus 5G, craoladh raidió agus teilifíse, leathanbhanda gan sreang etc.) ar fud na tíre. Go dtí seo, tá thart ar 2000 suirbhé láithreáin aonair déanta agus tá astaíochtaí tomhaiste ag gach láithreán a ndearna suirbhé air, agus gan eisceacht, tugadh faoi deara go raibh siad go maith faoin bhun na dteorainneacha ICNIRP do neamhchosaint phoiblí ghinearálta do RNI.

Tá torthaí gach suirbhé láithreáin atá curtha i gcrích ag ComReg achoimrithe agus foilsithe go ráithiúil i dTuarascálacha RNI ComReg. Is féidir féachaint ar chóipeanna de thuarascálacha suirbhé láithreáin aonair ar Siteviewer,⁶⁷ saoráid léarscáile ar líne a chuireann ComReg ar fáil, a cheadaíonn don phobal féachaint ar shonraí stáisiún bunáite gutháin phóca ar fud na hÉireann.

I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, d’eisigh ComReg tairiscint nua do Shuirbhéanna RNI don tréimhse 4 bliana amach romhainn. Reáchtáladh an comórtas seo trí eTenders agus Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE), agus bronnadh conradh nua ar an iarratasóir rathúil ag deireadh 2024.

⁶⁴ Grafaic Eolais Speictrim Leictreamaighnéadaigh

⁶⁵ [Leathanach gréasáin GCC maidir le radaíocht](#)

⁶⁶ [TREOIRLÍNTE ICNIRP](#)

⁶⁷ [Siteviewer ComReg](#)

Slándáil Líonra agus Cibearshlándáil agus Athléimneacht

Slándáil na líonraí cumarsáide leictreonaí

Tá feidhmeanna ainmnithe ag ComReg faoi Chuid 2 agus Cuid 3 d'Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023 i ndáil le Slándáil Líonraí agus Seirbhísí agus Bearta Slándála i ndáil le Díoltóirí Áirithe. Ceanglaíonn na feidhmeanna seo ar ComReg maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe chun súil a choinneáil ar an tslí a bhfuil a gcuid oibleagáidí á gcomhlíonadh acu agus bearta a chur i gcrích chun riosca a bhainistiú. San áireamh anseo tá bearta teicniúla agus eagraíochta oiriúnacha agus comhréireacha a bheith á gcur i gcrích ag soláthraithe chun na rioscaí atá ann do shlándáil líonraí agus seirbhísí faoi Chuid 2 den Acht a bhainistiú agus céimeanna réasúnacha a bheith á nglacadh ag ComReg chun monatóireacht a dhéanamh ar an tslí a bhfuil bearta díoltóra ábhartha á gcomhlíonadh ag soláthraithe faoi Chuid 3. Chuir ComReg a fheidhmeanna i gcrích trí ghníomhaíochtaí maoirseachta spriocdhírithe.

I ndiaidh glacadh le Moladh Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le Cibearshlándáil Líonraí 5G (2019) 2335 críochnúil (Mol. 2335), ar an 26

Márta 2019, tá ComReg ag obair i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (LNCS) chun cabhrú leis na táirgí insoláthartha atá ag eascairt as Mol. 2335. Is bearta iad Rialacháin na mBeart Slándála Cumarsáide Leictreonaí is féidir leis an Aire a dhéanamh i ndáil leis na cineálacha beart slándála atá le cur i gcrích ag Soláthraithe líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Chabhraigh ComReg le LNCS le forbairt na mbeart slándála seo.

Dá ainneoin sin, chinn an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS) in 'Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara Teicniúla maidir le Freagairt Beart Slándála Cumarsáide Leictreonaí Molta do Shaincheisteanna ar Tarraingíodh Aird Orthu i rith Comhairliúcháin'⁶⁸ gan leanúint ar aghaidh le Rialacháin Bheart Slándála na Cumarsáide Leictreonaí le haghaidh LCL/SCL. Chinn an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS) in 'Comhairliúcháin na bPáirtithe Leasmhara Teicniúla maidir le Freagairt Beart Slándála Cumarsáide Leictreonaí Molta do Shaincheisteanna ar Tarraingíodh Aird Orthu i rith Comhairliúcháin gan leanúint ar aghaidh le Rialacháin Bheart Slándála na Cumarsáide Leictreonaí le haghaidh LCL/SCL. Molann an Roinn go mbeadh soláthraithe LCL agus SCL faoi réir creata maoirseachta agus comhlíontachta do bheartas bainistíochta riosca cibearshlándála faoin mBille Náisiúnta Cibearshlándála atá le foilsiú a bheidh mar bhonn leis an Treoir NIS2 a thras-suí.

⁶⁸ [Comhairliúchán Teicniúil le Páirtithe Leasmhara maidir le Bearta Slándála Cumarsáide Leictreonaí Molta](#)

Bhí sé beartaithe ag ComReg tús a chur lena chlár oibre maoirseachta gaolmhar nuair a bhí tús curtha le Rialacháin Bhearta Slándála na Cumarsáide Leictreonaí le haghaidh LCL/SCL. Tá sé seo curtha ar atráth i roinnt cásanna anois, áfach, go dtí go mbeidh NIS2 tras-suite. Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh lena chuid oibre maoirseachta faoi Chuid 2 den Acht ar feitheamh NIS2 a thras-suí.

An Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS2)

I mí na Nollag 2023, rinneadh cinneadh rialtais ComReg a ainmniú mar Údarás Inniúil do NIS2 le haghaidh na n-earnálacha seo a leanas:

- Bonneagar Digiteach
- Soláthraithe Digiteacha
- Bainistiú Seirbhíse TFC (Gnólacht le Gnólacht)
- Spás

Beidh tionchar suntasach ag na feidhmeanna agus oibleagáidí nua seo ar ComReg nach raibh aon ról NIS aige roimhe seo. Dá bhrí seo, tá tús curtha le clár oibre suntasach lena n-áirítear pleanáil, athrú eagraíochta, athbhreithniú reachtúil rannpháirtíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá clár oibre ComReg srianta, áfach, fad is atáthar ag feitheamh ar fhaomhadh cheanglais acmhainní NIS2 agus tras-suí NIS2 i ndlí na hÉireann.

An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (AEC)

I mí Dheireadh Fómhair 2024, trasúodh an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil i ndlí na hÉireann, rud a d'ainmnigh ComReg mar Údarás Náisiúnta Inniúil don earnáil Bonneagair Dhigitigh. Bhí ComReg ag obair le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an príomhúdarás inniúil náisiúnta agus an pointe teagmhála aonair, an Roinn Cosanta ar chur chun feidhme na Treorach.

Cosúil leis na sruthanna oibre NIS2, tá srian ar an obair is féidir le ComReg a dhéanamh i ndáil leis na feidhmeanna CER seo agus leis an gclár oibre gaolmhar fad is atáthar ag feitheamh ar chead a fháil maidir lena cheanglais acmhainní CER.

Oibriúcháin Líonra

Tuairisciú Teagmhais Líonra; Uainiú, Tairseacha agus Dualgaís

Is aonad speisialaithe é Aonad Oibríochtaí Líonra (AOL) ComReg atá dírithe ar, i measc réimsí eile, athléimneacht na Líonraí Cumarsáide Leictreonaí (LCL) agus na Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí (SCL) agus ar anailís a dhéanamh ar na bunchúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le teagmhais slándála shuntasacha sa chomhthéacs seo.

Maidir le teagmhas líonra a thuairisciú, tá oibleagáidí reachtúla ar sholáthraithe agus ar an méid nach mór dóibh a chur ar fáil nuair a bhíonn teagmhas slándála i gceist.

Anuas air sin, tá cur síos déanta ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe agus ar na cumhachtaí gaolmhara atá ag ComReg i ndáil le teagmhais slándála, mínithe i gCuid 2 (Slándáil Líonraí agus Seirbhísí) d'Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, (Acht 2023).

Nuair a fhaigheann ComReg fógra ó sholáthraí maidir le teagmhas slándála a raibh tionchar suntasach aige ar oibriú LCL nó SCL, ní mór do ComReg fógra a chur ar fáil don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (an tAire). Féadfaidh an tAire an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh nuair a bhíonn eolas á roinnt aige leis an Rialtas agus le Dáil Éireann. I ndiaidh chomhaontú an Aire agus má tá tionchar ag an obair ar Bhallstáit (BS) eile ansin, más gá, ní mór do ComReg fógra a thabhairt freisin do na ÚRNanna nó Údaráis Inniúla (Úi) faoi seach i mBallstáit (BS) eile agus do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA).

Tá cur chuige ComReg maidir le bainistiú teagmhas slándála tuairiscithe, a bhfuil tionchar acu ar LCL agus SCL – lena n-áirítear an tairseach do theagmhais slándála a thuairisciú agus uainiú tuairiscithe ar theagmhais slándála á dhéanamh ag soláthraithe, leagtha amach in Ionstraim Treorach D08/24 i nDoiciméad 24/23 ComReg (Doiciméad 24/23.⁶⁹ Sa bhreis air sin, leagtar amach in D08/24 nach mór gach teagmhas slándála suntasach a thuairisciú do ComReg trí úsáid a bhaint as an tairseach tuairiscithe teagmhas forordaithe.⁷⁰

⁶⁹ [Tairsigh Tuairiscithe Teagmhais Líonra: Freagra ar Chomhairliúchán, Doiciméad 24/23 ComReg](#)


⁷⁰ [R-Cheadúnú ComReg](#)

Stoirm Éowyn agus forléargas ar Theagmhais Líonra a tuairiscíodh in 2024–2025

Cioclón seachthrópaiceach an-chumhachtach agus scriosach ba ea Stoirm Éowyn a bhuail Éire, Oileán Mhanann agus an Ríocht Aontaithe ar an 24 Eanáir 2025:

- Ba é an cioclón seo an teagmhas a rinne an méid is mó scriosta ó tharla Hairicín Debbie sa bhliain 1961
- Ag Ceann Mhása, Co. na Gaillimhe, taifeadadh séideán de 184 km/u agus luas gaoithe de 142 km/u
- Go náisiúnta, rinneadh damáiste do sholáthar leictreachais 768,000 custaiméir (thart ar 33%)
- I rith na mbuaicbhristeacha teileachumarsáide a tuairiscíodh ar an 24 & 25 Eanáir 2025 bhí:
 - i) Seirbhís Seasta: 10.09% (281k) den Bhonn Náisiúnta Úsáideora (BNÚ) ag déileáil le tionchar
 - ii) Seirbhís Mhóibíleach: 34.9% (2.05M) den BNÚ ag déileáil le tionchar, (ag cur san áireamh go mbeadh seirbhís áirithe (guth agus téacs) ar fáil i gceantair áirithe.)
 - iii) Tugadh an tionchar is suntasaí faoi deara feadh bhord farraige an iarthair
- Bhí tionchar suntasach ag caillteanais an líonra leictreachais ar líonraí gan sreang agus móibíleacha, agus is fianaise ar an méid seo an pointe go raibh líonraí móibíleacha ag feidhmiú mar is iondúil arís faoin 11 Feabhra 2025. Bhí tionchar ag damáiste fisiciúil don bhonneagar ar líonraí seasta, go háirithe sa chás go raibh cuailí in úsáid mar chuid den líonra seasta. Tá eolas maidir le hamlínite téarnaimh na seirbhísí teileachumarsáide le fáil i bhFíor 19 thíos
- Is léir ó anailís iarthionchair go cailleadh 115 milliún Uair Úsáideora mar thoradh ar Stoirm Éowyn.

Amlíne Teacht Aniar do Líonraí ar Cuireadh Isteach orthu




Fíor 18. Amlíne teacht aniar do líonraí ar cuireadh isteach orthu le linn Stoirm Éowyn

Forléargas ar Theagmhais Líonra a tuairiscíodh in 2024–25


Teagmhais líonra a tharla mar gheall ar Stoirm Éowyn ba chúis leis an líon is mó teagmhas a tuairiscíodh i rith thréimhse thuairiscithe na tuarascála bliantúla seo, agus tá forléargas achomair ar gach teagmhas suas go dtí Meitheamh 2025 le fáil thíos:

	
11	145,585,257
Teagmhais a tuairiscíodh do ComReg ó Iúil 2024–Meitheamh 2025	Líon iomlán uaireanta úsáideora a cailleadh Iúil 2024–Meitheamh 2025


Fíor 19. Teagmhais slándála a taifeadadh ó Iúil 2024–Meitheamh 2025



Fíor 20. Briseadh síos ar theagmhais slándála ó Iúil 2024–Meitheamh 2025



Fíor 21. Líon na dteagmhas slándála ó Iúil 2024–Meitheamh 2025



Fíor 22. Líon uaireanta úsáideora a cailleadh de bharr stoirmeacha Iúil 2024–Meitheamh 2025

Cumarsáid Chiapaireachta

Tá sochaí na hÉireann agus a geilleagar ag brath ar theicneolaíocht teileachumarsáide níos mó ná riamh. Tá ról ríthábhachtach aige inár saol laethúil agus tá tionchar aige ar gach réimse den gheilleagar agus den tsochaí. Ar an drochuair, tá tairbhe á baint ag coirpigh as an úsáid atá a baint againn as líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, a úsáideann ionsaithe cosúil le hinnealtóireacht shóisialta leithéidí glaoscaireacht, smioscaireacht agus spúfáil⁷¹ ALG, agus é mar aidhm faisnéis phearsanta tomhaltóirí a fháil go mídhleathach chun calaois airgeadais a éascú.

Tá obair ghníomhach á déanamh ag ComReg chun líon na nglaoanna agus na dtéacsanna camscéime in

Éirinn a mhaolú agus chun muinín a chothú i seirbhísí teileachumarsáide na hÉireann an athuair. Chuige sin, bunaíodh an roinn lontoibhe Líonra i mí Iúil 2024. Tá lontoibh Líonra lonnaithe i Rannán Chreat Margaidh ComReg agus tá sé mar aidhm leis feasacht tomhaltóirí a mhúscailt agus an líon glaonna agus téacsanna camscéime a chomhrac.

Ceann d’fheidhmeanna lontoibh Líonra ná maoirseacht a dhéanamh ar an obair atá á déanamh ag Fóram Thionscal na Cumarsáide Núise (FTCN) – bunaithe ag ComReg mar ghrúpa gníomhaíochta tionscail chun dul i ngleic leis an líon méadaitheach glaonna agus téacsanna camscéime. Thionóil FTCN – grúpa trastionscail, a chéad chruinniú i mí Meithimh 2024 agus reáchtáiltear cruinnithe rialta leis an tionscal.⁷²

⁷¹ SLG – Sainaithint Líne Glao, an uimhir a chuirtear i láthair nó a thaispeántar don duine a fhaigheann an glao gutháin. Tabhair faoi deara: tá seans ann gurb é seo agus nach é seo líon iarbhir na bpáirtithe glao.

⁷² Páirteach san obair seo tá trí mheitheal tionscail ar leithligh – meitheal amháin chun na hidirghabhálacha SMS agus Gutha a chur chun feidhme, agus grúpa stiúrtha chun saincheisteanna a chomhordú

I mí Aibreáin 2024⁷³ agus i ndiaidh tréimhse chomhairliúcháin,⁷⁴ shainordaigh ComReg cúig idirghabháil ghutha chun glaonna camscéime a chomhrac.⁷⁵ Bhí sé sin bunaithe ar chomhairle a fuarthas ó chomhairleoirí saineolacha agus ar bhreis is 31 aighneacht ó eagraíochtaí sa tionscal cumarsáide agus airgeadais. Bhí bonnsraith rialála faoi na hidirghabhálacha seo agus bhí siad

mar bhonn leis na hlonstraimí Cinnidh (ICanna) a taispeánadh i bhFíor 23. Chomh maith leis sin, breithneoidh FTCC nithe eile a bhaineann le glaonna agus le téacsanna camscéime chun déileáil le bearnaí nua nó fágtha a bhféadfadh calaoiseoirí tairbhe a bhaint astu, lena n-áirítear bearta a bhíonn mar thoradh ar chomhairliúchán Scagaire Camscéime SMS ComReg atá beartaithe.

Idirghabháil	Cur síos	Feidhmiú amhail Meitheamh 2025
Ná Tionscain (NT)	Cinneadh 09/24: Ceadaíonn NT do ghnóthaí agus eagraíochtaí a n-uimhreacha fóin a choinneáil slán trí bhac a chur ar uimhreacha nach n-úsáidtear riamh chun glaonna amach a chur ar chustaiméirí.	I bhfeidhm Deireadh Fómhair 2024
Uimhreacha Cosanta (UC)	Cinneadh 10/24: Tagraíonn liosta na nUimhreacha Cosanta d'uimhreacha fóin nach bhfuil leithdháilte ag ComReg, dá réir sin, níor cheart go mbeadh siad seo i mbun seirbhíse agus tá bac á chur orthu anois. Ar an tslí sin, cuirtear stop le calaoiseoirí a leithéid sin d'uimhreacha a úsáid.	I bhfeidhm Deireadh Fómhair 2024
Blocáil Glaonna SLG Seasta	Cinneadh 11/24: Saináithníonn an idirghabháil seo agus cuireann bac ar ghlaonna camscéime ó thar lear, ach a bhí cosúil le huimhir líne talún Éireannach. Cosc a chur ar chalaoiseoirí ó eagraíochtaí Éireannacha dlisteanacha a phearsanú.	I bhfeidhm Deireadh Fómhair 2024
Blocáil Glaonna SLG Móibíleacha	Cinneadh 12/24: Bac Glaonna ALG Móibíleach sainaithnítear agus cuirtear bac ar ghlaonna núise as thar lear, ach cosúil le glaoiteoir fóin phóca as Éirinn. Cuireann sé seo stop le calaoiseoirí thar lear uimhreacha fóin phóca Éireannacha a spúfáil chun glaonna camscéime a dhéanamh.	I bhfeidhm Deireadh Fómhair 2024
Balla Dóiteáin Gutha	Cinneadh 13/24: Is idirghabháil dhinimiciúil í seo a úsáideann IS agus meaisínfhoghlaím chun gníomhú ar bhonn fíor-ama chun bac a chur ar ghlaonna camscéime as laistigh d'Éirinn nó thar lear, agus a chosnaíonn in aghaidh tuilleadh camscéimeanna níos casta amach anseo.	Beartaithe do Dheireadh Fómhair 2025

Fíor 23. Forléargas ar na hidirghabhálacha ó Dhoiciméad 24/24

73 [Glaonna agus téacsanna camscéime a chomhrac: Freagra ar chomhairliúchán maidir le hidirghabhálacha líonrabhunaithe chun an díobháil ó Chumarsáid Núise a laghdú | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide](#)

74 [Cumarsáid Chiapaireachta | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide](#)

75 Tá sainordú déanta ag ComReg freisin d'idirghabháil bhreise i ndáil le téacsteachtairachtaí SMS ar a dtugtar Aitheantas Seoltóra SMS atá á chur chun feidhme i láthair na huaire. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis an idirghabháil seo le fáil ag [Clár Aitheantais Seoltóra SMS | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide](#)

Cur i bhfeidhm na n-idirghabhálacha


Ó imlonnaíodh na hidirghabhálacha, d'éirigh le hidirghabhálacha ComReg glaonna camscéime agus an díobháil atá á déanamh acu a laghdú go suntasach, rud a chosnaíonn tomhaltóirí agus atá ag cabhrú le muinín a chothú sna seirbhísí teileachumarsáide arís.

Amhail ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, tá ceithre cinn as na cúig idirghabháil ghutha ag feidhmiú (féach Fíor 23). I dteannta a chéile, chuir na ceithre idirghabháil seo bac ar bhreis is 77 milliún glao camscéim⁷⁶ (Fíor 24).

Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara i líon na nglanna ar cuireadh bac orthu i rith na bliana, mhéadaigh agus laghdaigh an líon i rith na bliana de réir gníomhaíochtaí feachtais calaoiseoirí (m.sh. cuireadh bac ar bhreis is 9 Milliún glao i mí na Bealtaine 2025). Is glaonna camscéime iad seo a bheadh faighte ag tomhaltóirí mura mbeadh na hidirghabhálacha tábhachtacha seo curtha chun feidhme.

Is fianaise iad na sonraí blocála, mar thoradh díreach ar na hidirghabhálacha tábhachtacha seo, go bhfuil tomhaltóirí Éireannacha ag fáil i bhfad níos lú glaonna camscéime ná mar a bheadh á fháil acu rud atá ag tacú le caillteanais airgid a laghdú, níos lú ama a chur amú agus díobháil mhothúchánach.

Glaonna Camscéime Blocáilte



Fíor 24. Glaonna Camscéime ar cuireadh bac orthu, Feabhra 2023–Meitheamh 2025

76 Tá blocáil agus tuairisciú éigeantach ó Dheireadh Fómhair 2024 mar thoradh ar Ionstraimí Cinnidh i nDoiciméad 24/24, ach thuairiscigh oibritheoirí áirithe a chuir a gcuid idirghabhálacha chun feidhme figiúirí ar bhonn deonach ó mhí Feabhra 2023.

Na Chéad Chéimeanna Eile

Táthar ag súil go mbeidh an idirghabháil Balla Dóiteáin Gutha i mbun seirbhíse sa chéad tréimhse thuairiscithe eile agus go soláthróidh sí cosaint bhreise in aghaidh glaonna camscéime, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil uimhreacha idirnáisiúnta acu. Is idirghabháil dhinimiciúil í seo a úsáideann ard-anailísíocht sonraí glao fíor-ama agus meaisínfhoghlaím chun patrúin neamhghnácha de shonraí comharthaíochta glao a bhrath agus gníomhú ar a leithéid, lena n-áirítear suíomh na huimhreach bunaidh.

Taobh leis na hidirghabhálacha seo atá dírithe ar ghlaonna camscéime, shainordaigh ComReg freisin do chlár Aitheantais Seoltóra SMS (Cinneadh 14/24) chun tús a chur leis na hiarrachtaí dul i ngleic le líon mór téacsanna camscéime. Tugann an frithbheart seo deis do ghnóthaí a nAitheantas Seoltóra SMS a chlárú, m.sh. “An Post”, “BOI”, “DHL”. Tosóidh oibritheoirí teileachumarsáide, mar chéad chéim, ag lipéadú aon téacs SMS ar a bhfuil aitheantas seoltóra neamhchláraithe le “Camscéim Seans” ón 3 Iúil 2025. Ar an tslí seo, ní bheidh calaoiseoirí in ann feidhmiú mar ghnó dlisteanach chun tomhaltóirí a mhíthreorú. Tharraing ComReg aird ar an bpointe gur baineadh úsáid as clár Aitheantais Seoltóra i Singeapór⁷⁷ agus go bhfuil sé beartaithe ag an Astráil⁷⁸ an rud céanna a dhéanamh níos déanaí in 2025, fianaise ar an úsáid ar fud an domhain is féidir a bhaint as an gcur chuige seo.

Eispéireas Úsáideoirí Móibíleacha – Léarscáiliú an Chlúdaigh Mhóibíligh Lasmuigh

Cuireann ComReg ríomhanna innealtóireachta neamhspleácha i bhfeidhm ar na sonraí líonra a fhaightear ó oibritheoirí líonra mhóibíligh (OLManna). Ansin calabráíodh na ríomhanna seo trí úsáid a bhaint as tacar tomhas Toinne Leanúnaí (TL) fíorshaoil. I ndiaidh calabraithe, gintear na tuartha maidir leis an léarscáil chlúdaigh lasmuigh le haghaidh teicneolaíochtaí 2G / 3G / 4G & 5G in uirlis phleanála raidió ComReg, Atoll, agus cuirtear ar fáil iad ar shuíomh gréasáin ComReg. Tá na léarscáileanna cumhdaigh fíoraithe freisin trí úsáid a bhaint as na torthaí tomhais a bailíodh ó thástálacha spriocdhírith, ag roinnt suíomhanna ar fud na hÉireann. Ina theannta sin, tá an anailís ar na tuartha clúdaigh lasmuigh mar bhonn le bainistíocht leanúnach ComReg ar an speictream raidió. Áirítear ComReg ar cheann de na chéad Údarás Rialála Náisiúnta (ÚRN) chun faisnéis maidir le clúdach 5G a chur ar fáil trína uirlisí léarscáilithe do thomhaltóirí.

⁷⁷ [Forléargas \(sgnic.sg\)](https://sgnic.sg)

⁷⁸ [An Clár Aitheantais Seoltóra SMS | ACMA](#)

An Scéim Náisiúnta Uimhrithe Teileachumarsáide a Bhainistiú

Bainistíonn ComReg an Scéim Náisiúnta Uimhrithe Teileachumarsáide in Éirinn. Cuimsítear ansin uimhreacha geografacha, uimhreacha neamhgheografacha, uimhreacha fóin póca, uimhreacha seirbhísí ardráta, cóid ghearra agus cóid líonra. Tá uimhreacha agus cóid ghutháin riachtanach chun líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar. Cumasaíonn siad cumarsáid ródaithe éifeachtach náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tacaíonn siad le feidhmiú cuí na gcóras billeála agus socraíochta. Bíonn uimhreacha in úsáid ag roinnt seirbhísí ar líne freisin chun úsáideoirí a shainaithint nó a fhíordheimhniú.

Ní mór do ComReg a chinntiú go bhfuil uimhreacha á mbainistiú go héifeachtach agus á n-úsáid go héifeachtúil, agus nach mbaintear mí-úsáid astu ar shlí ar bith. Bainistíonn ComReg sannadh leanúnach uimhreacha d'oibritheoirí agus ní mór dó infhaighteacht leanúnach uimhreacha a chinntiú d'iontrálaithe nua agus d'úsáideoirí deiridh. Chomh maith leis sin, cuireann ComReg uimhreacha ar fáil do sholáthraithe seirbhíse néalchumarsáide do sheirbhísí nua agus nuálacha, chun deis a thabhairt d'iomáiocht bláthú.

Comhthreomhar leis sin, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil tomhaltóirí á gcosaint, agus gur féidir le daoine muinín a bheith acu as uimhreacha agus as SLG.

Ar an drochuair, tá an bonn bainte den mhuinín sin ag an líon ollmhór glaonna agus téacsteachtairachtaí camscéime atá faighte ag daoine le blianta beaga anuas. Mar a luadh sa mhír faoi Chumarsáid Chiapaireachta, tá díobháil shuntasach shochoaíoch agus eacnamaíoch á déanamh ag an gcaillteanas muiníne sin agus ag na glaonna neamhfhreagartha agus ag na téacsanna nach dtugtar aird orthu dá barr, agus tá sé ag méadú gach bliain.

Tá calaoiseoirí atá lonnaithe thar lear ag 'spúfáil' ALGanna Éireannacha chun an dallamullóg a chur ar shaoránaigh Éireannacha ionas go gcreidfídh siad go bhfuil a gcuid glaonna ag teacht ó uimhreacha línte talún Éireannacha nó ó línte uimhreacha fóin phóca Éireannacha, de bhrí go bhfuil níos mó seans ann go bhfreagróidh daoine glaonna mar sin. Ábhar dóchais is ea go bhfuil idirghabhálacha curtha chun feidhme ag oibritheoirí anois a shainordaigh ComReg in 2024 chun bac a chur ar a leithéid de ghlaonna nuair a thagann siad isteach sa tír.

Tá aird á díriú ag ComReg anois ar an úsáid a bhaineann calaoiseoirí as uimhreacha iontaofa chun glaonna a dhéanamh agus a fháil, agus tá béim á leagan ar an iarracht a chinntiú go bhfeabhsaíonn oibritheoirí a bpróisis “Bíodh Aithne Agat ar do Chustaiméirí” (AC) i láthair na huaire, níl mórán bac, más ann dóibh ar chor ar bith, ann ar chalaoiseoirí agus ar choirpigh eile más mian leo cárta SIM neamhchláraithe a cheannach agus a úsáid, nó uimhreacha geografacha nó neamhgeografacha a fháil d’úsáid choiriúil, de ghnáth ó sholáthraithe seirbhíse cumarsáide nach bhfuil bearta AC leordhóthanacha i bhfeidhm acu. B’fhéidir go mbeadh tacaíocht ó reachtaíocht nua ag teastáil ó aon cheanglas nua do bhearta AC éigeantacha.

Coinníollacha Úsáide Uimhrithe

Tá sonraí le fáil i gCoinníollacha Úsáide Uimhrithe ComReg maidir le rialacha úsáide uimhreacha agus critéir incháilitheachta do shealbhóirí uimhreach. Cosnaíonn na coinníollacha sin agus na critéir incháilitheachta tomhaltóirí agus tacaíonn siad le hiomaíocht trína chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag oibritheoirí ar acmhainní uimhrithe. Tá na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe á nuashonrú go rialta chun na forbairtí margaidh agus reachtach is déanaí a chur san áireamh. Cuireadh an t-athbhreithniú is déanaí i gcrích i mí Aibreáin 2024. Mar atá léirithe thuas, go minic baineann glaonna

camscéime mí-úsáid as nó ‘spúfálann’ siad ALG, agus threisigh na Coinníollacha Uimhrithe úsáide leasaithe (Doiciméad 15/136R4 ComReg) ceanglais i ndáil le ALG. Go háirithe, ní mór d’oibritheoirí a thionscnaíonn a nglaonna in Éirinn, bailíocht ALGanna a úsáideann a gcustaiméirí a chinntiú.

Lena chois sin, agus mar fhreagairt don mhéadú ar chamscéimeanna atá bunaithe ar SMS a úsáideann Aitheantas Seoltóra SMS bréagach, tá Aitheantas Seoltóra SMS curtha san áireamh sa Scéim Uimhrithe Náisiúnta ag ComReg anois. Leagtar amach sa Choinníoll Uimhrithe leasaithe na critéir incháilitheachta agus na coinníollacha úsáide a bhaineann le hAitheantas Seoltóra SMS, rud a éascaíonn an bealach chun Clár Aitheantais Seoltóra SMS náisiúnta a bhunú mar idirghabháil chun trácht SMS camscéime a chosc.

Clár Aitheantais Seoltóra SMS

In 2024, seoladh 2.3 billiún teachtaireacht SMS in Éirinn, agus measadh gur seoladh thart ar 615 milliún teachtaireacht ó Fheidhmchlár go Duine (A2P). Tá camscéimeanna SMS ag baint an bhoinn den mhuinín atá ag daoine as cumarsáid SMS. Measann comhairleoirí ComReg, Europe Economics, go bhfuil an díobháil inchainníochtaithe don tomhaltóir agus do ghnóthaí in Éirinn, mar thoradh ar théacsanna camscéime, cothrom le thart ar €115 milliún sa bhliain.

Chuaigh ComReg i mbun comhairliúcháin maidir le Clár Aitheantais Seoltóra SMS a bhunú in 2023, mar chuid de thacar de shé idirghabháil a raibh sé mar aidhm leo glaonna agus téacsanna camscéime a laghdú. Bhí an 31 freagróir ar fad ag tacú go ginearálta le Clár a bhunú. I ndiaidh an phróisis chomhairliúcháin a chur i gcrích i mí Aibreáin 2024, bhunaigh ComReg meitheal tionscail (Fóram Tionscail don Chumarsáid Núise – FTCN) chun dlús a chur le cur chun feidhme na n-idirghabhálacha.

Tá Foghrúpa SMS FTCN ag bualadh lena chéile gach coicís ó mhí an Mheithimh 2024, agus bhí thart ar 70 rannpháirtí i láthair go rialta, ionadaithe ó gach Soláthraí Seirbhísí Móibíleacha (SSManna) Éireannach agus formhór na gComhbhailitheoirí SMS a bhí ag cur seirbhísí A2P ar fáil. Tháinig an fóram tionscail seo ar chomhaontú maidir leis na prionsabail agus na pleananna feidhmithe a bheadh in úsáid chun an rud ar a dtugann ComReg agus an tionscal ‘Ciorcal Muiníne’ SSManna agus Comhbhailitheoirí Rannpháirteacha (CRanna) air a chruthú.

Ar iarratas ón tionscal, bhunaigh ComReg clár réamhchlárúcháin breise i Ráithe 1 2025 chun deis a thabhairt do CRanna ‘bulc-uaslódáil’ a dhéanamh ar shonraí a gcustaiméirí. É sin ráite, agus d’ainneoin an iarratais ón tionscal, níor bhain roinnt príomhimreoirí tionscail tairbhe as an tsaoráid seo, rud ba chúis le gan ach thart ar 50% de na clárúcháin iomlána do réamhchlárúchán a bheith faighte faoi dheireadh Mheitheamh 2025.

Sheol ComReg an Clár Aitheantais Seoltóra ag deireadh mhí na Bealtaine 2025 chun cead a thabhairt d’eagraíochtaí aonair (Úinéirí Aitheantais Seoltóra – ÚASanna) clárú ar bhonn tús freastail ar an gceann is túsce. Chomh maith leis sin, reáchtáil ComReg feachtas cumarsáide poiblí ón dáta seolta, agus rinneadh neart fógraíochta ar an raidió agus sa phreas náisiúnta agus reáchtáladh feachtas cumarsáide digití suntasach.

Sular cuireadh tús leis an idirghabháil, níor tharraing an tionscal aird ar aon agóid nó imní i rith chruinnithe démhíosúla na meithleacha nó níor tarraingíodh aird ComReg ar aon saincheist a bhain le hullmhacht. Meastar go mbeadh thart ar 90% de thrácht A2P ag teacht ó Aitheantas Seoltóra SMS a bhí cláraithe cheana féin, agus go mbeadh athrú na teachtaireachta go dtí ‘Camscéim Seans’ mar bhonn le dlús a chur leis an gcéatadán de ÚASanna a bhí fós le clárú.

Tá ról ComReg sa Chiorcal Muiníne teoranta d’iarratais a phróiseáil chun Aitheantas Seoltóra agus chun iarratais a phróiseáil ionas gur féidir feidhmiú mar Chomhbhailitheoirí Rannpháirteacha, agus tá ComReg freagrach as an AC riachtanach agus as seiceálacha díchill chuí eile a dhéanamh ar iarratasóirí. Cruthaíonn córas Chlár ComReg liostaí nuashonraithe d’Aitheantas Seoltóra Cláraithe agus de Chomhbhailitheoirí Rannpháirteacha atá ar fáil gach oíche chun deis a thabhairt do SSManna agus do Chomhbhailitheoirí Rannpháirteacha Aitheantas Seoltóra neamhchláraithe a athrú go dtí ‘Camscéim Seans’ ón 3 Iúil 2025 ar aghaidh.

Liostaí Uimhreacha Cosanta agus Ná Tionscain (NT)

I lár 2022, tháinig Tascfhórsa Tionscail na Cumarsáide Ciapaireachta (TTCC) ar chomhaontú maidir le sonraíochtaí le haghaidh idirghabhálacha tosaigh chun déileáil le glaonna camscéime a úsáideann ALGanna faoi bhréagrioct. Shainordaigh ComReg na hidirghabhálacha sin ina dhiaidh sin (Doiciméad 24/24).

Ceann de na chéad idirghabhálacha ab ea liosta Ná Tionscain (NT) a bheith á chur chun feidhme ag ComReg agus ag oibritheoirí. Go minic spúfálann calaoiseoirí uimhir ghnó dhlísteanach, mar shampla cuideachtaí Éireannacha a bhfuil muinín ag daoine astu cosúil le bainc agus le gníomhaireachtaí stáit, nuair a bhíonn glaoch á chur ar íospartaigh fhéideartha. Tagraíonn an liosta d'uimhreacha gutháin NT sannta d'eagraíochtaí nach n-úsáidtear do ghlaonna amach riamh. Dá bharr sin, tá aon ghlaao amach ó na huimhreacha sin spúfáilte agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bhlocáil.

Tá ComReg ag leanúint ar aghaidh le haird a tharraingt ar an liosta NT, le hiarratais ó eagraíochtaí chun a bheith curtha leis an liosta a bhainistiú agus dáileann sé an liosta NT leasaithe ar oibritheoirí ar bhonn míosúil. Chomh maith leis sin, bainistíonn ComReg tiomsú méadrachta blocála glaonna NT ó oibritheoirí.

An dara idirghabháil comhaontaithe ag TTCC agus arna sainordú freisin ag ComReg ina dhiaidh sin is ea liosta na nUimhreacha Cosanta (UC). Is éard atá i gceist le hUimhreacha Cosanta uimhreacha nach bhfuil sannta ag ComReg agus nach bhfuiltear ag súil a shannfar gan mhoill.

Dá réir sin, d'fhéadfaí glacadh le glaonna atá ag ligean orthu atá ag teacht ó na huimhreacha sin mar ghlaonna camscéime agus, dá bhrí sin, ní mór d'oibritheoirí iad a bhlocáil.

Chomh maith leis sin, bainistíonn Foireann Uimhrithe ComReg forbairt agus dáileadh leanúnach an liosta UC d'oibritheoirí, a chuireann méadracht blocála glaonna ar fáil do ComReg ar bhonn míosúil don idirghabháil seo.

Tá na liostaí NT agus UC, atá curtha chun feidhme go hiomlán, bunaithe ó Dheireadh Fómhair 2024, agus táthar ag leanúint ar aghaidh le tomhaltóirí a chosaint a d'fhéadfaí a spriocdhíriú ar na bealaí áirithe seo.



06

Anailís Margaidh
agus Praghsáil



Caibidil 06

Anailís Margaidh agus Praghsáil

Nascacht agus Rolladh Amach Líonraí An-Ardluais

Trasuíodh Treoir an Chóid Cumarsáide Leictreonaí ina leagtar amach an creat rialála coiteann Eorpach do rialú na cumarsáide leictreonaí, in Éirinn trí na Rialacháin ón Aontas Eorpach (Cód Cumarsáide Leictreonaí), 2022 (I.R. 444 de 2022) (Rialacháin CCLE). Bhunaigh na Rialacháin CCL, a tháinig i bhfeidhm i mí Meithimh 2023, an príomhchuspóir seo a leanas do ComReg – cur chun feidhme nascachta agus rochtain ar, agus glacadh le, líonraí an-ardluais, lena n-áirítear líonraí seasta, móibíleacha agus gan sreang, i measc na dtomhaltóirí agus na ngnóthaí uile sa Stát. Tá cuspóirí eile i bhfeidhm go leanúnach lena n-áirítear tacú le hiomaíocht i ndáil le soláthar líonraí cumarsáide leictreonaí agus saoraidí gaolmhara, lena n-áirítear iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar éifeachtach, agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. Bhí ról lárnach ag na cuspóirí sin i gcur chuige ComReg maidir le rialáil mhórdhíola.

Chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh, coimeádann na Rialacháin CCLE mar phríomhuirlis rialála prionsabal an rialacháin neamhshiméadraigh a chiallaíonn go bhfuil oibritheoir a aimsítear le cumhacht mhargaidh shuntasach (CMS) ar mhargadh ábhartha a léiríonn bacainní arda ar iontráil agus nach dtaispeánann aon chlaonadh d'iomaíocht éifeachtach ar bhonn cúig bliana, faoi réir oibleagáidí atá deartha chun iomaíochas a bunú, a chosaint agus a fheabhsú chun tairbhe úsáideoirí deiridh. Is treoirphrionsabal den chreat rialála coiteann atá ann go mbeadh oibleagáidí CMS á n-athbhreithniú ar bhonn rialta agus á bhforchur ag leibhéal mórdhíola, agus go bhfuil oibleagáidí á bhforchur díreach ag an leibhéal miondíola amháin sa chás nach leor oibleagáidí ag an leibhéal mórdhíola chun déileáil le fadhbanna iomaíochais ar mhargaí miondíola. Amhail ó mhí Meithimh 2025, bhí ceithre mhargadh faoi réir rialachán CMS in Éirinn (féach thíos). Níl aon mhargadh miondíola in Éirinn níos mó atá faoi réir rialachán CMS.

Chomh maith leis sin, bhunaigh na Rialacháin CCLE freisin, agus é mar aidhm iomaíocht éifeachtach a éascú agus a fheabhsú, coincheapa rialála nua lena n-áirítear go háirithe an fhéidearthacht na hoibleagáidí iomlána CMS nó cuid acu a ionadú le gealltanais dheonacha, rud a chiallaíonn go bhfuil ComReg ceangailteach, beag beann ar sheasamh CMS, chun rochtain a sholáthar ar shreangú agus ar cháblaí agus ar shaoráidí gaolmhara laistigh d'fhoirgnimh nó go pointe áirithe arna chinneadh ag ComReg. I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh ComReg treoirlínte maidir le gealltanais dheonacha oibritheora CMS ina leagtar amach na nósanna imeachta a bheadh i bhfeidhm i ndáil le tairiscint agus le hathbhreithniú ar ghealltanais i ndáil le coinníollacha do rochtain, do chomhinfheistíocht, nó don dá rud, atá infheidhme maidir le líonra oibritheora CMS, lena n-áirítear gealltanais i gcomhthéacs deighilt dheonach a ghnó.⁷⁹

I mí na Samhna 2024, d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán⁸⁰ bunaithe ar an anailís a rinne sé ar iomaíocht sna margaí Acmhainne Tiomnaithe Mórdhíola (ATM), agus tá freagraí air seo á mbreithniú anois, agus táthar ag súil le cinneadh ag tús 2026.

Lena chois sin, i mí Feabhra 2025, d'fhoilsigh ComReg comhairliúchán⁸¹ bunaithe ar an anailís a rinne sé ar iomaíocht sna margaí Tarchurtha Craolta Mórdhíola (TCM), agus tá freagraí air seo á mbreithniú anois, agus táthar ag súil le cinneadh ag tús 2026.

I Márta 2025, d'fhoilsigh ComReg a thuarascáil mhonatóireachta bhliantúil⁸² maidir le forbairtí sna margaí leathanbhanda seasta miondola agus mórdhíola agus gaolmhara ó rinneadh an t-athbhreithniú deiridh orthu in 2024 faoi Chinneadh D05/2024 agus Cinneadh D03/2024 ComReg.

Bhí ComReg i mbun rannpháirtíochta gníomhaí le RCCS agus le cruinniú stiúrtha tionscail RCCS, i mbun ullmhúcháin do theacht i bhfeidhm céimnithe an Gnímh um Bonneagar Gigighiotáin sa chéad tréimhse tuairiscithe eile. Ceann d'aidhmeanna GBG is ea imlonnú líonraí acmhainne an-ard a éascú trí fhorbairt a dhéanamh ar an mbonneagar poiblí agus príobháideach is féidir a úsáid chun líonraí leathanbhanda a imlonnú agus chun an rochtain sin a dhéanamh níos éifeachtúla.

⁷⁹ [Cáipéis ComReg 24/74](#)

⁸⁰ [Cáipéis ComReg 24/92](#)

⁸¹ [Cáipéis ComReg 25/08](#)

⁸² [Cáipéis ComReg 25/15](#)

Mapáil agus Sonraí

Chomh maith leis sin, tá freagrachtaí agus cumhachtaí nua ag ComReg faoi na Rialacháin CCLE i ndáil le suirbhéanna geografacha a dhéanamh ar imlonnú líonraí leathanbhanda. Úsáidtear na sonraí a fhaightear chun na críche sin chun bonn eolais a chur ar fáil do raon feidhmeanna rialála, lena n-áirítear anailísí margaidh a dhéanamh, oibleagáidí seirbhíse uilíche agus uirlisí cumarsáide a sholáthar do thomhaltóirí chun infhaighteacht leathanbhanda a sheiceáil. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ComReg torthaí an tsuirbhé gheografaigh a chur ar fáil don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Len a chois sin foilsíonn ComReg staitisticí ar leibhéal geografach (cosúil le clúdach leathanbhanda snáthoptaice agus úsáid) ar a mhol léarscáile sonraí oscailte.⁸³ Ó tháinig an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, i bhfeidhm, féadfaidh an tAire iarraidh ar ComReg comhairle a thabhairt maidir leis an margadh cumarsáide leictreonáil agus maidir le nithe a bhaineann le feidhmeanna an Choimisiúin, agus freisin chun faisnéis a chur ar fáil a mheasann an tAire a d'fhéadfadh a bheith cabhrach chun beartas a fhorbairt a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonáil agus le saoráidí gaolmhara.

Chun críche a athbhreithnithe margaí agus feidhmeanna rialála eile, bailíonn ComReg faisnéis ó sholáthraithe seirbhíse trí úsáid a bhaint as a cumhachtaí bailithe faisnéise reachtúla. Bhí tionscadal aistrithe bailithe faisnéise ilbhliantúil ComReg mar bhonn le tuilleadh feabhsuithe ar chórais agus ar nósanna imeachta a chumasaíonn bailiú éifeachtach agus éifeachtúil faisnéise gráinní lena n-áirítear, le bliain anuas, faisnéis bailithe i ndáil le faisnéis ioncaim agus táscairí eile le haghaidh seirbhísí líne agus leathanbhanda léasaithe. D'ainneoin cuid de na deacrachtaí a bhain le cruinneas sonraí na soláthraithe seirbhíse ba chúis leis an bhfaisnéis foilsithe a leasú, go ginearálta, bhí an leibhéal rannpháirtíochta sásúil. Chun aitheantas a thabhairt don obair a rinneadh sa réimse seo, i mí Meithimh 2025, bhronn an Institiúid Anailísíochta an Gradam Luacha Gnó ar ComReg.

⁸³ [Léarscáileanna Sonraí ComReg](#)

Rialáil CMS Margaí Mórdhíola

Sular forchuireadh oibleagáidí CMS-bhunaithe, ar dtús, ní mór do ComReg na margaí a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon feidhme an rialacháin a shainiú ag féachaint do Mholadh 2020 an Choimisiúin Eorpaigh maidir le margaí ábhartha atá soghabhálach i leith rialacháin ex ante. I ndiaidh an margadh ábhartha a shainiú, ní mór do ComReg measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil Cumhacht Mhargaidh Shuntasach (CMS) ag aon chuideachta faoin margadh sin, coincheap atá cosúil le ceannas faoi dhlí na hiomaíochta. Má tá CMS ag cuideachta, ní mór do ComReg leigheas (nó oibleagáid) amháin ar a laghad a fhorchur chun éifeacht dhóchúil na bhfadhbanna iomaíochta sainaitheanta a fheabhsú ag féachaint dá dtionchar ar iomaíocht agus ar thomhaltóirí. Mar shampla, d'fhéadfadh ComReg a cheangal ar oibritheoir CMS rochtain ar a líonra a oscailt d'iomaítheoirí ag an leibhéal mórdhíola, agus a chinntiú go mbeadh a leithéid de rochtain faoi réir rialuithe praghsanna. Ceanglaítear ar ComReg faoin dlí Eorpach fógra maidir lena dhréachtchinntí i ndáil lena anailís margaidh a fhógairt don Choimisiún Eorpach, agus féadfaidh an Coimisiún Eorpach a bharúil a roinnt maidir lena leithéid de dhréachtbhearta, agus i gcásanna áirithe, a gcur chun feidhme a bhlocáil. Déantar athbhreithniú ar mhargaí rialaithe ó am go ham faoin bpróiseas anailíse margaidh sin.

Amhail ó mhí Meithimh 2025, tá na margaí seo a leanas faoi réir rialachán CMS.

- a) Margadh Rochtain an Bhonneagair Fhisiciúil (RBF)
- b) Margadh Rochtain Áitiúil Mórdhíola (RÁM)
- c) Margaí Acmhainne Tiomnaithe Mórdhíola (ciorcaid ghnó ard-acmhainne) (ATM), agus
- d) Na Margaí Tarchurtha Craolta Mórdhíola (TCM)

Amhail ag mí Meithimh 2025, bhíothas ag leanúint ar aghaidh le hathbhreithnithe ar mhargaí TCM agus ar mhargaí Tarchurtha Craolta Mórdhíola.

Margadh Rochtain an Bhonneagair Fhisiciúil (RBF)

Baineann sé seo le bonneagar duchtá agus cuaille sonracha teileachumarsáide a sholáthar is fíidir le soláthraithe seirbhíse a úsáid chun tacú le líonraí snáthoptaice ardluais a rolladh amach, agus i ndeireadh na dála, soláthar raon seirbhísí mórdhíola agus miondhíola iartheachtach a éascú, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais.

I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh ComReg Cinneadh D03/24 inar ainmníodh Eircom Teoranta ag trádáil mar Eir agus Open eir (Eircom) mar ghnó ag a raibh CMS sa mhargadh RBF ar bhonn náisiúnta agus forchuireadh oibleagáidí éagsúla.⁸⁴

Nuair a bhí margadh ar leithligh le haghaidh RBF á sainiú den chéad uair, bhí ComReg airdeallach ar cé chomh hinmhianaithe is a bhí sé rialachán CMS a chur i bhfeidhm chomh fada suas sa slabhra breisluacha teileachumarsáide agus ab fhéidir agus, nuair a bheadh sé iomchuí, an gá atá le rialachán CMS i margaí iartheachacha a laghdú nó deireadh a chur leis b'fhéidir. Go dtí an tráth sin, bhí rochtain ar dhuchtaí agus ar chuailí Eircom arna rialú ag cinneadh 2018 ComReg i ndáil le RÁM, Cinneadh D10/18.

Ceanglaíonn Cinneadh D03/24 ar Eircom rochtain a sholáthar ar a dhuchtaí agus ar a chuailí go náisiúnta ar bhonn neamh-idirdhealaitheach ag praghsanna costasbhunaithe éifeachtúla.

Athrú suntasach sa chur chuige i gcomparáid le Cinneadh D10/18 roimhe seo é an oibleagáid atá ar Eircom roinnt roghanna a sholáthar chun rochtain a fháil ar iarrthóirí i ndáil le huainiú íocaíochtaí le haghaidh rochtain. Anois is féidir le hiarrthóirí rochtana íoc as cineálacha áirithe rochtain agus tairbhe a bhaint as laghdú ar chíosanna leanúnacha dá bharr.

D'fhéadfadh sé sin a bheith cabhrach don chás infheistíochta i gcomhthéacs Eircom agus iarrthóirí rochtana. Chomh maith leis sin, thacaigh ComReg le roinnt bealaí nua chun rochtain a fháil ar líonra duchtaí Eircom, rud a bhí riachtanach i bhfianaise a thaithí ó rinneadh an cinneadh deiridh in 2018. Ábhar suntasach ina measc seo ná oibleagáid atá ar Eircom cead a thabhairt do Chuardaitheoirí Rochtana, nuair a bhíonn fodhucht á shuiteáil acu féin i nducht Eircom chun críche dhucht Eircom a dhíbhacadh agus/nó a dheisiú chun imlonnú éifeachtach a éascú.

I measc na n-oibleagáidí freisin bhí faisnéis fíor-ama a chur ar fáil do chustaiméirí mórdhíola Eircom maidir lena líonra duchtanna agus cuailí, comhionannas dian i ndáil leis an tslí a ordáíonn Eircom agus Cuardaitheoirí Rochtana soláthar agus deisiú bonneagair agus oibleagáidí nuashonraithe i ndáil leis na hamlínte atá sonraithe d'idirbheartaíocht agus do shonraíocht CLSanna.

Ceanglaíonn cinneadh ar leithligh, Cinneadh D04/24⁸⁵ ar Eircom monatóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht i ndáil le RBF a sholáthar trí thagairt a dhéanamh do thacar príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) comhionannais agus chun iad a fhoilsiú, agus d'fhoilsigh Eircom an chéad tuarascáil faoin gCinneadh i mí na Nollag 2024.

Cabhraíonn sé sin le ComReg, inter alia, a chinntiú go bhfuil rochtain á tairiscint ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

Tá na leigheasanna RBF seo deartha chun cur ar chumas iarrthóirí rochtana dréimire na hinfheistíochta a dhreapadh trí úsáid a bhaint as a líonra féin trí athúsáid a bhaint as an mbonneagar atá ar fáil do Eircom cheana féin. Is é an aidhm atá leis sin a chinntiú go mbeidh rolladh amach líonra níos éifeachtúla, rud a fheabhsóidh iomaíochas agus a chuirfidh dlús le luas agus le fairsinge imlonnú cábla snáthoptaice chuig an mbaile (CSB) in Éirinn.

Margadh Rochtain Áitiúil Mhórdhíola (RÁM)

Is margadh mórdhíola é an margadh RÁM trínar féidir le soláthraí seirbhíse miondíola (SSM) acmhainn leathanbhanda a fháil ar cíós ó oibritheoir líonra agus glacadh le freagracht as an trácht gaolmhar ag nó in aice leis an malartán áitiúil (i.e. go háitiúil). Cumasaíonn sé sin SSM, tríd an tseirbhís seo a nascadh lena líonra féin, seirbhís

leathanbhanda, ceann go ceann, a thairiscint do thomhaltóirí, do ghnóthaí nó d'oibritheoirí eile. I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh ComReg Cinneadh D05/24⁸⁶ inar cinneadh gur lean Eircom ar aghaidh le CMS a bheith aige sa mhargadh seo agus a cheanglaíonn ar Eircom rochtain a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse eile ar sheirbhísí leathanbhanda mórdhíola den chéad ghlúin eile ag praghsanna rialaithe.

Áirítear ar na príomhoibleagáidí rochtain a sholáthar ar Rochtain Díchuachta Fhíorúil Mhórdhíola thar chumraíochtaí líonraí Cábla Snáthoptaice go Colbha agus Cábla Snáthoptaice chuig an mBaile ar bhonn neamh-idirdhealaitheach. Chomh maith leis sin, forchuireadh oibleagáidí tacaíochta éagsúla lena n-áirítear oibleagáid chun CLSanna a sholáthar d'iarrthóirí rochtana agus chun PTFanna áirithe a chur ar fáil do ComReg.

Chun cabhrú le ComReg agus le Cuardaitheoirí Rochtana monatóireacht a dhéanamh ar neamh-idirdhealú a bhfeidhmíochta i ndáil le Rochtain Áitiúil Mhórdhíola a sholáthar, tugadh sainordú do Eircom chun tacar príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) comhionannais a fhoilsiú mar aon le rialacha chun an méid sin a phróiseáil.

⁸⁶ [Cinneadh ComReg D05/24](#)

D'fhoilsigh Eircom an chéad tuarascáil ráithiúil faoin gCinneadh nua i mí Iúil 2024, agus tá tuilleadh tuarascálacha á bhfoilsiú ar bhonn ráithiúil. Agus é airdeallach ar a oibleagáidí tacú le hiomaíochas fad is atá rolladh amach LAAL á spreagadh, dhear ComReg leigheasanna praghais chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh.

Dá réir sin, cuireadh méid áirithe solúbthachta praghais ar fáil do sheirbhísí CSB díreach chun cosc a chur ar Eircom ó phraghsanna a shocrú chomh híseal sin go mbeadh infheistíocht iomaíoch (bonnphraghas) á foriamh agus ag an am céanna a chinntiú nach raibh praghsanna á socrú chomh hard sin nach bhféadfadh SSManna dul in iomaíocht i margaí miondíola (cúngach corrlaigh).⁸⁷

Tháinig deireadh le toirmeasc ar lascaíní mórdhíola⁸⁸ a forchuireadh in 2018 faoi Chinneadh D05/24 rud a cheadaigh do Eircom lascaíní agus promóisin CBS a bhunú faoi réir cead a fháil roimh ré le haghaidh aon scéim dá leithéid ó ComReg.

I rith na tréimhse, bhreithnigh ComReg roinnt tograí do scéimeanna lascaine mórdhíola CSB dá leithéid a bheith á dtairiscint ag Eircom. I mí Lúnasa 2024, d'fhoilsigh ComReg Cinneadh D20/24 ag coimeád siar cead a thabhairt do Eircom leanúint ar aghaidh le scéim lascaine CBS (Fógra Mórdhíola Uimh. 2024-010) bunaithe ar imní maidir leis an tionchar is dócha a bheadh ag an scéim ar iomaíocht. Foilsíodh Cinneadh D21/24 ComReg lena gceadaítear scéim promóisin CBS Mórdhíola (Fógra Mórdhíola Uimh. 2024-021) i mí Lúnasa 2024. I mí na Bealtaine 2025 ceadaíodh scéim promóisin CBS Mórdhíola eile (Fógra Mórdhíola Uimh. 2025-002) nuair a d'fhoilsigh ComReg Cinneadh D05/25.⁸⁹

I mí Márta 2025, d'fhoilsigh ComReg a chéad tuarascáil mhonatóireachta bhliantúil freisin i ndáil le margaí a bhain le leathanbhanda mórdhíola (Doiciméad 25/15 ComReg) agus cinneadh go raibh treochtaí agus forbairtí ag dul chun cinn de réir, go ginearálta, na dtreochtaí agus na bhforbairtí a bhí leagtha amach i gCinneadh D03/24 a bhain le RAP agus Cinneadh D05/24 a bhain le RÁM.

⁸⁷ Chuir an rialú praghsanna a forchuireadh i gCinneadh D05/24 le [Cinneadh D11/21 ComReg](#) (Cinneadh ANM) trínar ghlac ComReg le Samhail Líonra Rochtana chun praghsanna mórdhíola áirithe a shocrú. D'achomharc Eircom Cinneadh ANM chuig an Ard-Chúirt (Eircom v ComReg, Ard-Chúirt, Uimh. Taifid 2022/12 MCA). Éisteadh an t-achomharc i mí Iúil 2022 agus táthar ag feitheamh ar bhreithiúnas.

⁸⁸ [Cinneadh ComReg D11/18](#)

⁸⁹ Cinneadh ComReg D05/25

Margadh Acmhainne Tiomnaithe Mórdhíola (ATM)

Is ionann ATM agus soláthar, ar bhonn mórdhíola, bandaleithead ardacmhainne ar ardchaighdeán d'úsáid ghnó. Go hiondúil, bíonn an tseirbhís siméadrach, i bhfocal eile, bíonn na luasanna céanna ar fáil sa dá threo (i gcomparáid le formhór na dtáirgí leathanbhanda tomhaltóra a thairgeann luasanna íoslódála níos airde ná luasanna uaslódála de ghnáth). Bíonn acmhainn ráthaithe de ghnáth agus dírithe ar chustaiméir amháin agus go hiondúil bíonn comhaontuithe leibhéal seirbhíse ar ardchaighdeán mar bhonn leo.

Amhail ó Mheitheamh 2025, tá an margadh seo á rialú faoi chinneadh 2020 ComReg, Cinneadh D03/20⁹⁰ inar taifeadadh go raibh CMS ag Eircom i gceantair réigiúnacha áirithe. Áirítear ar na hoibleagáidí oibleagáidí chun rochtain mhórdhíola a sholáthar do sheirbhísí áirithe ar bhonn neamh-idirdhealaitheach a léiríonn a gcostas éifeachtach soláthair.

Bhíothas ag obair ar athbhreithniú nua ar an margadh seo i mí an Mheithimh 2025 agus eisíodh comhairliúchán i mí na Samhna 2024 agus táthar ag súil go n-eiseofar cinneadh deiridh sa chéad tréimhse thuairiscithe eile.

Tarchur Leathanbhanda Mórdhíola (TCM)

Is éard atá i gceist le TCM soláthar, ar bhonn mórdhíola, acmhainn chraolta chun críocha seirbhísí raidió agus teilifíse. I mí an Mheithimh 2025, tá an margadh seo á rialú faoi chinneadh 2021 ComReg, Cinneadh D02/21 inar shainaithin ComReg dhá fho-mhargadh inarb iad RTÉ, agus a fochuideachta, 2RN, na soláthraithe aonair in Éirinn⁹¹ Is ionann iad sin agus rochtain ar líonra fisiciúil túr agus crann faoi úinéireacht 2RN ("Margadh A TCM"), agus rochtain ar ilphictiúrlanna TDT faoi úinéireacht RTÉ ("Margadh B TCM"). Sa dá chás, áirítear ar na hoibleagáidí atá 2RN agus ar RTÉ rochtain mhórdhíola a sholáthar ar bhonn neamh-idirdhealaitheach a léiríonn a gcostas éifeachtach soláthair.

Bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an margadh seo i mí an Mheithimh 2025 freisin agus eisíodh comhairliúchán i mí Feabhra 2025 agus táthar ag súil go n-eiseofar cinneadh sa chéad tréimhse thuairiscithe eile. Wholesale Broadband Transmission (WBT).

⁹⁰ [Cinneadh ComReg D03/20](#)

⁹¹ [Cinneadh ComReg D02/21](#)

Múchadh Copair

I mí an Mhárta 2022, d’eisigh ComReg comhairliúchán maidir leis an ascnamh ó líonraí copair go dtí bonneagar nua-aimseartha (CSO). Forbairt thábhachtach chomh fada is a bhaineann leis an mbonneagar teileachumarsáide sa Stát é nuachóiriú líonra rochtana rialaithe Eircom ó chopar go dtí snáithín. I mí na Samhna 2023, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí maidir leis an ascnamh seo go dtí bonneagar nua-aimseartha, d’eisigh ComReg Cinneadh D09/23 ina leagtar amach an creat atá le comhlíonadh ag Eircom sular féidir le Eircom seirbhísí teileachumarsáide coparbhunaithe a aistarraingt agus a líonra copair a mhúchadh, ar bhonn malartaithe.⁹² Is í an chéad chéim an próiseas sainordaithe agus tá Togra Múchta le cur faoi bhráid ComReg ag Eircom lena cheadú. I mí Iúil 2025, chuir Eircom in iúl don tionscal go raibh tús curtha aige le tionscadal a chuirfidh an Creat MC i bhfeidhm agus a bhainfidh seirbhísí rialaithe coparbhunaithe óna líonra. I láthair na huaire, tá ComReg ag feitheamh ar thogra múchta Eircom ón tionscadal inmheánach seo.

Meánchostas Ualaithe an Chaipitil

Sa chás go ndéanann ComReg idirghabháil chun praghsanna a shocrú bunaithe ar chostas, ní mór dó cead a thabhairt don oibritheoir i

gceist toradh réasúnach a fháil ionas gur féidir leis a chuid gníomhaíochtaí a mhaoiniú. Déantar é sin trí ráta toraidh éifeachtúil a shonrú i gcoibhneas leis méid an chaipitil leithdháilte ar mhargadh áirithe ar a dtugtar cóimheas toraidh ar chaipiteal a úsáidtear. Déantar é sin a mheas trí Mheánchostas Caipitil Ualaithe (MCUC) a ríomh arb ionann é agus an meánchostas a bhaineann le gnó a mhaoiniú ag cur a struchtúr fiachais / chothromais san áireamh.

I mí Dheireadh Fómhair 2020 d’fhoilsigh ComReg Cinneadh D10/20 maidir le MCUC sna hearnálacha móibíleacha, líne seasta agus craoltóireachta, atá le húsáid chun críche oibleagáidí rialaithe praghsanna a fhorchuirtear ar oibritheoirí CMS.⁹³ Mar atá leagtha amach i gCinneadh D10/20 (Cinneadh MCUC), athríomhann ComReg an MCUC do gach earnáil go bliantúil agus, gach bliain ar nó i ndiaidh an 30 Meitheamh, foilsíonn sé, trí Fhógra Faisnéise, luachanna MCUC nuashonraithe. Foilsíodh Fógra Faisnéise i mí Meithimh 2025 i dteannta le Nuashonrú Bliantúil 2025 MCUC⁹⁴ agus cuirfear na luachanna nuashonraithe i bhfeidhm ar aon athbhreithniú ar phraghas a dhéanamh amach anseo. Tá athbhreithniú ar mhodheolaíocht agus ar phróiseas MCUC á dhéanamh i mí an Mheithimh 2025 agus tá sé beartaithe comhairliúchán a reáchtáil sa chéad tréimhse thuairiscithe eile agus cinneadh deiridh a eisiúint ina dhiaidh sin.

⁹² [Cinneadh ComReg D09/23](#)

⁹³ [Cinneadh ComReg D10/20](#)

⁹⁴ [Cáipéis ComReg 25/35](#)

Monatóireacht agus Comhlíonadh Margaidh

Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh Eircom lena oibleagáidí CMS ar roinnt bealaí lena n-áirítear trí cheanglais fógra roimhe ré a bhaineann le gach athrú a chuir Eircom i bhfeidhm ar dhoiciméadacht foilsithe do Tháirgí Rochtana Rialaithe (RAPanna), agus d'athruithe ar chórais agus ar nósanna imeachta. Tugann ComReg aird ar leith ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach líonraí snáthoptaice mórdhíola a bhfuil Eircom, Siro, Virgin Media agus NBI freagrach aisti, a úsáideann RAPanna RBF ó Eircom.

I rith na tréimhse, lean ComReg ar aghaidh le páirt a ghlacadh i gCeardlann Forbartha Táirgí mhíosúil atá á hóstáil ag Eircom agus leis an bhFóram Rannpháirtíochta Tionscail (IEF) a óstáil agus athsheoladh é in 2020 á stiúradh ag Cathaoirleach seachtrach. In 2023/24 bhí an fóram ag díriú ar RAPanna a bhain le RBF, rud a bhí ag teacht le treocht a tugadh faoi deara le roinnt blianta. In 2024, cuireadh síneadh leis an gconradh seo nuair a bhí próiseas soláthair phoiblí curtha i gcrích a bhain le bainistíocht an Fhórait Rannpháirtíochta Tionscail. Tá FRT ag leanúint ar aghaidh le ról tábhachtach a chomhlíonadh i ndáil le rannpháirtíocht Eircom leis an tionscal a éascú a bhaineann le táirgí rochtana rialaithe agus ag an am céanna tá iomaíocht á cosaint trí chreat de dhlí iomaíochta.

Forfheidhmiú Mórdhíola

Rinneadh 21 imscrúdú comhlíonta gníomhach i rith na tréimhse 1 Iúil 2024–31 Meitheamh 2025, a raibh péire oscailte i rith na tréimhse. Ar leithligh, rinneadh 4 imscrúdú a bhain le mí-úsáid uimhreacha Éireannacha.

Ar an 3 Aibreán 2025, tugadh gníomh forfheidhmithe ComReg i gcoinne Eircom Teoranta (2022/211 MCA: An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide v Eircom Teoranta) chun críche nuair a scriosadh an ní go foirmiúil i ndiaidh do Eircom suim €3 milliún a íoc le ComReg.

Tharla sé sin i ndiaidh comhaontaithe socraíochta idir ComReg agus Eircom i mí na Samhna 2024 inar admhaigh Eircom sáruithe rialála a bhain le rochtain, neamh-idirdhealú agus trédhearcacht i ndáil le Taifid Rochtana Éighníomhacha a chur ar fáil do Bhonneagar Innealtóireachta Sibhialta d'oibritheoirí teileachumarsáide eile agus chomhaontaigh sé €2.8 milliún a íoc i bpionóis agus ranníocaíocht luach €200,000 i ndáil le costais dlí ComReg (féach doiciméad 24/93 ComReg).



07

Straitéis agus
Eacnamaíocht



Caibidil 07

Straitéis agus Eacnamaíocht

Ráiteas Straitéise ComReg 2025–2027

I mí an Mheithimh 2025, d'fhoilsigh ComReg a Ráiteas Straitéise i gcomhair 2025–2027. Tá ComReg ag dul isteach i dtréimhse athraithe shuntasach agus sciobtha. Leagadh freagrachtaí nua ar ComReg le déanaí – agus táthar ag súil go leagfar thar shaolré an Ráitis Straitéise seo – i réimsí mar Acht Inrochtaineachta na hEorpa, an tAcht Sonraí, an dara Treoir um Chórais Líonra agus Faisnéise (NIS2), an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (CER), agus an tAcht um Intleacht Shaorga (AI).

I bhfianaise an méid sin, rinneadh dhá chinneadh. Ar an gcéad dul síos, chinn ComReg Ráiteas Straitéise níos giorra, bunaithe ar phrionsabal, a fhoilsiú chun freastal ar an timpeallacht dhinimiciúil a bhfuilimid páirteach inti. Ar an dara dul síos, chinn ComReg Ráiteas Straitéise aonair ina gcuimsítear a chuid feidhmeanna ar fad. Roimhe seo, d'fhoilsigh ComReg trí ráiteas ar leithligh a bhain le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, speictream agus post. Sa Ráiteas Straitéise leagtar amach cúig thosaíocht straitéiseacha do na blianta amach romhainn mar aon le 15 sprioc thionlacain ina leagtar amach ár gcur chuige maidir lenár bhfreagrachtaí sa tréimhse amach romhainn.

Comhdháil ComReg 2025: An Todhchaí Dhigiteach a Choinneáil Slán

Ar an 18 Meitheamh 2025, reáchtáil ComReg a chomhdháil débhlíantúil i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath, dar teideal “An Todhchaí Dhigiteach a Choinneáil Slán”. Ba é an tAire Patrick O'Donovan a thug an t-aitheasc tosaigh agus labhair sé faoin tábhachta a bhain le teileachumarsáid i saol laethúil na ndaoine atá ina gcónaí in Éirinn agus faoin tábhacht a bhain le hathléimneacht i ndiaidh Stoirm Éowyn. Reáchtáladh dhá dhíospóireacht phainéil ar an lá.

Dhírigh an chéad phainéal ar fhorbairtí i dtimpeallacht rialála teileachumarsáide na hEorpa i ndiaidh fhoilsiú an Pháipéir Bháin dar teideal “Conas máistreacht a fháil ar riachtanais bhonneagair dhigitigh na hEorpa?”, Tuarascáil Letta agus Tuarascáil Draghi. I measc na bpríomhthéamaí bhí:

- Dúshlán a bheidh le sárú ag oibritheoirí sa mhargadh Eorpach reatha
- Deiseanna agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le scála agus comhdhlúthú

Ionadaíocht agus rannpháirtíocht sheachtrach

- An tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil guth ag tomhaltóirí agus go bhfuil siad á gcosaint in aon athrú amach anseo ar an gcreat rialála

Dhírigh an dara painéal ar chibearshlándáil agus ar NIS2. I measc na bpríomhthéamaí bhí:

- Todhchaí na mbagairtí cibearshlándála ó ghníomhaithe stáit agus príobháideacha
- Tionchar IS ar an timpeallacht bagartha
- Na dúshláin a chruthaíonn athléimneacht agus iomarcaíocht d'imreoirí móra sa timpeallacht dhigiteach

I measc na bpainéalaithe a ghlac páirt sa dá sheisiún bhí daoine atá ag obair sa tionscal, ón saol acadúil, ón rialtas agus rialtóirí náisiúnta, sin raon leathan páirtithe leasmhara, sean agus nua, a mbeidh ComReg ag idirghníomhú leo i ndáil leis na freagrachtaí atá air anois agus a bheidh air amach anseo.

Le bliain anuas, rinne Straitéis & Eacnamaíocht cur i láthair ag agus d'fhreastail sé ar roinnt ceardlann agus comhdhálacha i gcomhpháirt le rialtóirí agus acadóirí eacnamaíocha eile chun dlús a chur le cleachtas eacnamaíochta in Éirinn agus chun tacú le comhoibriú idir rialtóirí agus lucht acadúil. I measc na bpointí suntais, tá:

- Glacadh páirt i ndíospóireacht phainéil maidir le 'Cumaisc, Cumhacht Mhargaidh agus Dúshlán an Fhorfheidhmithe' ag an gcéad cheardlann a d'eagraigh Iomaíocht agus Rialachán Eacnamaíocht Thionsclaíoch Éireann (IRETÉ)
- Cur i láthair maidir le páipéar comhscríofa le ITES maidir le saincheisteanna clúdaigh fóin phóca sa bhaile agus rátálacha fuinnimh foirgnimh (RFF) ag comhdháil bhliantúil Chumann Eacnamaíochta na hÉireann
- Cur i láthair maidir le tuiscint tomhaltóirí ar leathanbhanda i margadh na hÉireann ag comhdháil bhliantúil an Líonra Rialtóirí Eacnamaíocha (LRE).



08

Idirnáisiúnta



Caibidil 8

Idirnáisiúnta

Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC)

Le linn na bliana seo, lean ComReg de bheith rannpháirteach go gníomhach i gComhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC), a fheidhmíonn mar ardán tábhachtach chun cur chun feidhme comhsheasmhach an chreata rialála don chumarsáid leictreonach san Aontas Eorpach a áirithiú agus lena gceadaítear malartú rialála idir údaráis rialála náisiúnta (ÚNRanna). Páirteach i mballraíocht BEREC tá ÚRNanna ó 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh, tíortha ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), na tíortha oifigiúla is iarrthóra agus na tíortha féideartha is iarrthóra ón Aontas Eorpach, lena n-áirítear an Úcráin, an Mholdóiv, na tíortha ó na Balcáin Thiar, agus ionadaithe ardleibhéil ón gCoimisiún Eorpach.

I rith na tréimhse tuairiscithe seo, d'fheidhmigh Coimisinéir (agus Cathaoirleach go dtí mí Eanáir 2025) ComReg, Robert Mourik, mar ionadaí ComReg ar Bhord Rialtóirí BEREC, bhí sé ina Leas-Chathaoirleach ar BEREC (2024) agus ina Chathaoirleach ina dhiaidh sin (2025).

I measc ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta ComReg bhí táirgí insoláthartha poiblí a chomhlíonadh a bhí leagtha amach sna Cláir Oibre BEREC ábhartha in 2024 agus 2025. Ghlac saineolaithe ComReg páirt ghníomhach i ngach ceann de 12 Mheitheal BEREC, agus lean ComReg ar aghaidh le Comhchathaoirleach a chur ar fáil do Mheitheal Éabhlóid an Líonra Gan Sreang (LGS).

Cuirtear obair BEREC i gcrích faoi thrí thosaíocht straitéiseach, mar seo a leanas: (1) tacú le nascacht iomlán, (2) tacú le margaí digiteacha inbhuanaithe agus oscailte, agus (3) úsáideoirí deiridh a chumhachtú. Tá an liosta iomlán de na tionscadail a cuireadh i gcrích le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2024–2025 BEREC agus tugtar léargas ann ar dhoimhneacht agus ar éagsúlacht mhór oibre, cosúil le tuairisciú maidir le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí satailíte i gcumarsáid mhóibíleach, Tuairim a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Cearta Úsáideoirí Deiridh mar atá leagtha amach in Airteagal 123 de Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (CCLE), agus déantar anailís ar an éiceachóras idirnáisc Prótacail Idirlín i measc rudaí eile.

Chomh maith leis sin, d'idirghníomhaigh BEREC le comhlachtaí inniúla eile, cosúil le GPSR maidir le Piar-athbhreithniú faoi Airteagal 35 de CCLE, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus le grúpaí institiúideacha eile agus brateagraíochtaí ábhartha eile, go suntasach, an ghníomhaireacht Eorpach tomhaltóirí (BEUC).

Lena chois sin, chabhraigh ComReg agus baill eile de BEREC le hionchur BEREC i gcomhairliúchán poiblí CE maidir leis an bPáipéar Bán dar teideal “Conas máistreacht a fháil ar riachtanais bhonneagair dhigitigh na hEorpa?” (Meitheamh 2024), a bhí ag feidhmiú mar cheann de na céimeanna tosaigh a rinne an Coimisiún Eorpaigh i ndáil le creat rialála nua.

Lena chois sin, bhain ComReg tairbhe as feidhm chomhroinnte faisnéise GRN chun tuairimí Bhaill GRN a lorg maidir le hábhair cosúil leis na rialacha a leagadh síos i mBallstáit a bhain le húsáideoirí deiridh a chúiteamh do choinní seirbhíse agus suiteála caillte agus maidir le táirgí rochtana rialaithe sna margaí Bonneagair Innealtóireachta Sibhialta agus Rochtana Áitiúil Mórdhíola. Chomh maith leis sin, rinne saineolaithe ComReg machnamh ar agus d'fhreagair siad 83 iarratas ó Bhaill eile GRN a bhain le hábhair spéise faisnéise rialála.

Is gníomhaíocht thábhachtach í rannpháirtíocht leanúnach ComReg in IRG, de bhrí go gcabhraíonn sí chun tacú le comhroinnt faisnéise agus le piarfhoghlaim idir ÚRNanna, a fheabhsaíonn leibhéil chomhchuibhithe rialacháin ar fud na hEorpa.

An Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha

Lean ComReg ar aghaidh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa Ghrúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG), a oibríonn i ndlúthchomhar le BEREC. Bhunaigh grúpa de ÚRNanna Eorpacha IRG i 1997. Cabhraíonn GRN le ÚRNanna le hacmhainn a fhorbairt, le heispéiris a roinnt agus le faisnéis a bhailiú maidir le ceisteanna tábhachtacha a bhaineann ní hamháin le rialacháin teileachumarsáide ach le gnéithe de rialachán Sonraí, Intleachta Saorga agus Ardáin Dhigitigh.

An Coiste Cumarsáide (CoCom)

Is coiste comhairle ardleibhéil atá ag freastal ar an gCoimisiún Eorpach é an Coiste Cumarsáide (CoCom) a bunaíodh in 2002 faoin gCreat-Treoir (Treoir 2002/21/CE, arna leasú). Páirteach in CoCom tá ionadaithe Ballstáit agus is é an príomhról atá aige roghanna a sholáthar maidir le dréachtbhearta a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún glacadh leo. Ghlac ComReg páirt in, mar chuid de thoscaireacht na hÉireann do CoCom, chun tacú le hionadaithe ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Dualgais chláir á gcur i gcrích ag an Aonad Idirnáisiúnta

Lena chois sin, lean an tAonad Idirnáisiúnta ar aghaidh le páirt a ghlacadh i sruthanna oibre cláir ad-hoc agus seachtracha eile a bhfuil tionchar acu ar ComReg.

Lean aonaid gnóthaí idirnáisiúnta ComReg agus Ofcom (rialtóir cumarsáide na Ríochta Aontaithe) ag obair ar bhonn déthaobhach ar ábhair chomhleasa, i ndiaidh don Ríocht Aontaithe a ballraíocht a aistarraingt go foirmiúil ón Aontas Eorpach agus BEREC a fhágáil ina dhiaidh sin i dtéarmaí rannpháirtíochta ag cruinnithe Mheitheal agus ag cruinnithe Ardleibhéil BEREC.

An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)

Is ball é ComReg de Líonra na Rialtóirí Eacnamaíochta (NER), fochomhlacht de Choiste Beartais Rialála ECFE, an Mheitheal um Beartas Bonneagar agus Seirbhísí Cumarsáide (WPCISP), meitheal de chuid Choiste um Beartas Geilleagair Dhigitigh ECFE (CDEP), agus rannpháirtí i nGrúpa Saineolaithe Rialáil Níos Fearr san Aois Dhigiteach (BRIDGE) ECFE.

An tIonad um Rialáil san Eoraip (CERRE)

Is ball de CERRE é ComReg agus bhí sé páirteach i roinnt coistí stiúrtha tionscadail i mbliana. Orthu seo bhí: 'Ideas for the Future of European Telecommunications Regulations' (2024), agus 'Better Law-Making and Evaluation for the EU Digital Rulebook' (2025).



09

Seirbhísí
Corparáideacha



Caibidil 9

Seirbhísí Corparáideacha

Rialachas Corparáideach

Is é cuspóir ComReg comhlíonadh a chinntiú, i gcónaí, le dea-chleachtas i Rialachas Corparáideach. Is é beartas ComReg Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chomhlíonadh agus thuairiscigh sé ar chomhlíonadh rannóg ábhartha den Chód sa Tuarascáil Bhliantúil seo nó ar leithligh trí litir a sheoladh chuig an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Tá clár iniúchta fairsing bunaithe ag ComReg, a bhfuil a Choiste Iniúcháireachta & Rioscaí i mbun maoirseachta a dhéanamh air, agus bhuail baill an Choiste Iniúchta sin le chéile ceithre huaire i rith na bliana. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe. Chomh maith leis sin, tá iontaobhaí neamhspleách na scéime pinsin ceaptha, d'fhonn cloí le dea-chleachtas.

Mar chomhlacht poiblí atá ag feidhmiú i dtimpeallacht chasta, dúshlán leanúnach is ea leanúint ar aghaidh le breisluach a chur leis fad is a atáthar ag obair laistigh de shrianta acmhainní. Déanaimid athbhreithniú leanúnach agus leasaímid beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le caiteachas, le soláthar agus le bainistíocht riosca. Tá ComReg cuntasach don Oireachtas trí Choistí Oireachtais.

Tá sé mar aidhm le cur chun feidhme leanúnach ár bPlean Chorporáidigh Soláthair luach ar airgead a chinntiú, seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal agus soláthar a eagrú ar bhealach comhlíontach. I rith na bliana, d'eagraíomar tairiscint iomaíoch i ndáil le seirbhísí seachfhoinsithe. Leanamar Treoracha Soláthair Eorpacha do chonarthaí níos mó. Bhaineamar úsáid as Creat-Chomhaontuithe na hOifige Oifig um Sholáthar Rialtais nuair ab fhéidir.

Tá sé mar aidhm againn gach sonrasc bailí a íoc laistigh de 15 lá agus foilsímid ar ár suíomh gréasáin líon agus luach na n-íocaíochtaí a dhéantar gach ráithe. Táimid ag leanúint ar aghaidh le hamanna timthrialla próiseála oibre a fheabhsú, trí chomhoibriú na mball foirne ar fad agus trí thionscnaimh theicneolaíocha nua a forbraíodh go himmheánach chun próiseáil a fheabhsú. Sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2025, bhí 96% d'íocaíochtaí déanta laistigh den tréimhse ama riachtanach.

Cumarsáid agus Gnóthaí Poiblí

Ar aon dul le ráiteas straitéise ComReg 2025–2027, príomhspríoc de chuid ComReg é oibriú ar bhonn réamhghníomhach le go leor dá pháirtithe leasmhara. Tá raon leathan páirtithe leasmhara ag ComReg lena n-áirítear tomhaltóirí agus a ngrúpaí ionadaíocha, oibritheoirí údaráithe, grúpaí ionadaíocha tionscadail mar aon le comhlachtaí agus le ranna rialtais baile agus idirnáisiúnta eile, agus páirtithe leasmhara eile nach iad freisin.

Úsáidimid cainéil éagsúla, lena n-áirítear suíomh gréasáin ComReg, na meáin, na meáin shóisialta, chun a theachtaireacht a roinnt.

Creidimid go gcabhraíonn rannpháirtíocht oscailte le gach páirtí leasmhara le ComReg lena chuid oibre mar údarás rialála náisiúnta. I rith na tréimhse atá á hathbhreithniú, d'eisíomar 149 foilseachán ar shuíomh gréasáin ComReg.

Ina theannta sin, d'oibríomar i gcomhpháirt leis an Aonad Straitéise agus Eacnamaíochta chun Comhdháil Dhébhlíantúil ComReg a eagrú. Ba é téama na comhdhála ná an todhchaí dhigiteach a shlánú. D'oscail an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Patrick O'Donovan TD, an chomhdháil i ndiaidh dó spreagaitheasc a thabhairt.



Fíor 25. Cathaoirleach ComReg Garrett Blaney, an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt Patrick O'Donovan TD agus an Coimisinéir Robert Mourik ag Comhdháil ComReg 2025

An Ghaeilge

I rith na tréimhse atá á hathbhreithniú, lean ComReg ar aghaidh le ceanglais reachtúla a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003).

Cúram Thomhaltóirí

- Cuireadh seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil do thomhaltóirí, agus bhí baill foirne a bhí ag obair sa lárionad glaonna Cúraim Thomhaltóirí ar fáil chun fiosrúcháin as Gaeilge a phlé.

Fógraíocht

- Baineadh amach spriocanna fógraíochta Gaeilge na hearnála poiblí.
- Cuireadh tuarascáil ina raibh sonraí maidir le méadracht fógraíochta Gaeilge faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Teanga i mí an Mhárta 2025.

Foilseacháin

- Foilsíodh príomhdhoiciméid cosúil le Tuarascáil Bhliantúil 2023–2024 agus Ráiteas Straitéise 2025–2027 trí Ghaeilge de réir na gceanglas reachtúil.

Suíomh Gréasáin

- Tá ComReg tiomanta d'ábhar ar an suíomh gréasáin a chur ar fáil go dátheangach. I rith na tréimhse ábhartha, cuireadh ábhar a bhain le príomhréimsí cosúil le Gairmeacha, Billeáil, Fánaíocht agus faisnéis maidir le Clár Aitheantais Seoltóra SMS ar fáil trí Ghaeilge. Aistríodh Uirlis Chomparáide ComReg chomh maith.

Rannpháirtíocht Foirne

- Eagraíodh ciorcal comhrá rialta, Cupán Caife, chun úsáid na Gaeilge san eagraíocht a chur chun cinn.
- Bhunaigh Acmhainní Daonna córas nua chun tacú le baill foirne a bhí ag iarraidh ranganna Gaeilge a dhéanamh.
- Baineadh úsáid as cainéil inmheánacha cosúil leis an inlíon foirne agus nuachtlitir mhíosúil na heagraíochta chun faisnéis maidir leis an nGaeilge a roinnt, cosúil le rannpháirtíocht i nGréasán Gaeilge na hEarnála Poiblí.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil agus Oiriúnú Athléimneach in ainneoin an Athraithe Aeráide

Comhoibríonn ComReg leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS) chun freagairt don athbhreithniú scórchárta oiriúnaithe bliantúil don Earnáil Cumarsáide. Bíonn ComReg i mbun teagmhála leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) i ndáil le foilseacháin agus ceardlanna a bhaineann le gné TFC an bhonneagair chriticiúil.

I mí Meithimh 2025, d'fhoilsigh an GCC an chéad Mheasúnú Riosca Náisiúnta um Athrú Aeráide (MRNAA). Ba é an aidhm a bhí le tionscadal MRNAA, ar cuireadh tús leis i mí Eanáir 2024, rioscaí a bhí á gcruthú ag an athrú aeráide d'Éirinn a shainaithint. Sholáthair an tionscadal seo léargas luachmhar don Phlean Oiriúnaithe Earnála leasaithe faoin gCreat Oiriúnaithe Náisiúnta (CON).

Chabhraigh ComReg le MRNAA a fhorbairt mar chuid den mheitheal saineolaithe. Chuir saineolaithe ComReg faisnéis chruinn maidir leis na rioscaí a bhain leis an earnáil Cumarsáide ar fáil.

Gníomhú ar son na hAeráide

Mar chuid de Shainordú um Gníomhú ar son na hAeráide na Seirbhíse Poiblí, bhunaigh ComReg 'Foireann Ghlas', atá ag tuairisciú don fhoireann bainistíochta shinsearach. Lena chois sin, tá Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide forbartha againn. Bunaíodh an ceanglas go mbunódh comhlachtaí earnála poiblí Foirne Glasa agus Treochlár um Gníomhú ar son na hAeráide i bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide 2023 agus rinneadh tuilleadh forbartha air i bPlean um Gníomhú ar son na hAeráide 2024.

Tá ár dTreochlár dírithe ar phleananna ComReg chun astaíochtaí iomlána a bhaineann le fuinneamh agus chun astaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise ónár n-oibríochtaí a laghdú. Leagtar amach pleananna ComReg chun Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí a chur chun feidhme, trí ghníomhartha an tSainordaithe a chur i gcrích agus tuairisciú maidir leo. Táimid tiomanta don ghníomhú ar son na haeráide agus don oiliúint inbhuanaitheachta a chomhtháthú i straitéisí foghlama agus forbartha.

Tá ComReg tiomanta do ról a imirt tríd an ngníomhaíocht athraithe aeráide chuí a dhéanamh chun astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GHG) na hÉireann a laghdú 51% faoin mbliain 2030.

Tá ceanglais na gcomhlachtaí earnála poiblí á gcomhlíonadh ag ComReg trí thuairisciú go bliantúil (ar bhonn bliain féilire) maidir lena éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ). Tá eolas le fáil thíos maidir le feidhmíocht ComReg i mbliain féilire 2024:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa: bhí CO₂ iontaise 15.9% faoin mbonnlíne. Chun an sprioc a chomhlíonadh, ní mór do ComReg CO₂ iontaise a laghdú 41.7% i gcomparáid le leibhéal 2024 laistigh de 6 bliana. Bhí iomlán CO₂ 175.8% os cionn na bonnlíne Chun an sprioc seo a chomhlíonadh, ní mór an CO₂ iomlán a laghdú 89.3% laistigh de 6 bliana.
- Dul chun cinn i ndáil le sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 2030: D'fheabhsaigh feidhmíocht fuinnimh 51.2% i gcomparáid leis an mbonnlíne Má choimeádtar ár bhfeidhmíocht fuinnimh ag an leibhéal seo i gcomhair 6 bliana eile, cuirfear an sprioc éifeachtúlachta i gcrích.

Tá ról lárnach ag oibriú le daoine atá ag obair in ComReg inár gcumas ár spriocanna athraithe aeráide a chomhlíonadh. Tá an bonneagar inmheánach bunaithe againn maidir le conas a mbainistimid ár dtionscnaimh inbhuanaithe. Tá ár bhFoireann Ghlas ag feidhmiú mar thiománaí comhtháite inbhuanaitheachta in ComReg. Is é an príomhchuspóir atá acu díriú ar bhainistíocht fuinnimh agus dlús a chur le héifeachtúlacht a bhaineann lenár n-úsáid fuinnimh.

Is é an cuspóir tánaisteach atá acu dlús a chur le feasacht trí thionscnaimh inbhuanaitheachta san eagraíocht. Tá tionscnaimh inbhuanaitheachta bunaithe againn chun an Sainordú a chur chun feidhme.

Lena chois sin, úsáideann ComReg an próiseas Soláthair Phoiblí Ghlais (GPP) chun earraí, seirbhísí nó oibreacha lena mbaineann tionchar comhshaoil laghdaithe a fhoinsiú. Úsáidtear an treoír agus na critéir tionlacain GPP, atá foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), chun tacú lenár nósanna imeachta soláthair agus chun tacú le huaillmhianta um ghníomhú ar son na haeráide lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe. Tá sonraí a bhaineann le GPP le fáil inár bPlean Soláthair Chorpóraidigh (CPP). Clúdaítear soláthar glas in oiliúint soláthair freisin.

De réir fhorálacha Imlitir 01/2020, taifeadann ComReg, déanann sé monatóireacht air agus luachálann sé na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le húsáid oifigiúil aerthaistil agus cuireann sé íocaíocht ar fáil do Bhainisteoir Cistí an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide reachtúil a bhaineann leis na hastaíochtaí sin don bhliain roimhe sin. Chuir ComReg a Thuairisceán Bliantúil 2024 agus íocaíocht €3,056 a bhain leis na hastaíochtaí fritháirithe a bhain le haerthaisteal oifigiúil faoi bhráid an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Feabhra 2025.

Teicneolaíocht Faisnéise

De réir bheartas Rialtais, lean ComReg ar aghaidh le córais, le bonneagar agus le feidhmchláir TF a fhorbairt agus a choinneáil slán.

Táimid ag leanúint ar aghaidh lenár dtairiscint seirbhíse ar líne a fheabhsú don tomhaltóir agus don tionscal, le huirlisí agus acmhainní cosúil le Seiceálaí Leathanbhanda agus Léarscáil an Chlúdaigh Mhóibíligh.

Tá tuilleadh éifeachtúlachtaí agus feabhsuithe tugtha faoi deara i ndáil le bailiú agus le hanailís sonraí margaidh.

Tacaíonn ComReg le samhail tús áite do shlándáil, agus leagtar béim ar ardáin nua-aimseartha, shlána, chomhoibritheacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

De réir mar a bheidh ár sainordú is déanaí á leathnú, beidh lorg digiteach ComReg ag méadú, ach táimid ag leanúint ar aghaidh le béim a leagan ar chórais TF atá slán agus inscálaithe a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo ar aon dul le riachtanais eagraíochta atá ag dul i méid.

Acmhainní Daonna

Tréimhse fáis a bhí sa tréimhse athbheithnithe seo do ComReg, le fócas ar fhorbairt talainne agus earcú don fhoireann Acmhainní Daonna (AD). Mar eagraíocht, tá méadú tagtha ó 162 (157.5 CLA) ball foirne i mí an Mheithimh go dtí 202 (198.2 CLA) ball foirne i mí an Mheithimh 2025 agus táimid ag súil go leanfaimid ar aghaidh ag fás sna blianta amach romhainn, rud a bheidh mar bhonn lenár dtionscnaimh leanúnacha AD.

In 2024, chuireamar cleachtadh scóipeála i gcrích chun Clár Forbartha Ceannaireachta ComReg, clár saincheaptha, a chruthú don 28 bainisteoir sinsearach san eagraíocht. Is é aidhm an chlár seo leanúnachas seachadta seirbhíse a chinntiú do thodhchaí na heagraíochta agus tacú le deiseanna forbartha dár mbaill foirne. San áireamh sa chlár deiridh tá modúil maidir le meantóireacht, ceannaireacht iompraíochta, smainteoireacht straitéisí agus athrú a bhainistiú.

Beidh deis ag gach rannpháirtí tairbhe a bhaint as meantóireacht ó choimisinéir nó stiúrthóir agus cuirfear seisiúin chóitseála ghairmiúla ar fáil. Cuireadh an clár i gcrích agus cuireadh soláthar i gcrích, agus cuireadh tús le rolladh amach i mí Iúil 2025.

I bhfianaise na forbartha atá ag teacht ar an eagraíocht, tá béim ar leith á leagan ar shruthanna tallainne éagsúla a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais a bheidh againn amach anseo.

D'oibríomar le Back to Work Connect chun ár ról a fhógairt go díreach d'iarrthóirí a bhí ag filleadh ar an áit oibre i ndiaidh tréimhse neamhláithreachta. Tá margadh d'iarrthóirí inmheánacha cumasacha ar fáil do ComReg freisin agus tá tionscnaimh seolta aige chun baill foirne a spreagadh chun smaoineamh ar aistrithe inmheánacha, cosúil le seisiúin chóitseála gairme agus cúrsaí oiliúna bunaithe ar scileanna agallaimh.

Tháinig deireadh lenár gclár céime 2 bhliain i mí Lúnasa 2025 agus d'éirigh le 50% dár gcéimithe ról nua a fháil laistigh de ComReg. Cuireadh tús leis an bpróiseas earcaíochta dár gclár céime 2025–2027 ag tús 2025 agus leathnaíodh an clár chun fáilte a chur roimh chéimithe dlí den chéad uair. Thosaigh 12 chéimí i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Tá ComReg tiomanta do thacú le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú (CÉI) san áit oibre agus cúis áthais dúinn gur bhronn lonad um Éagsúlacht na hÉireann Creidiúnú Boinn Airgid orainn in 2024. D'fhoilsíomar ár gcéad dTuairisc ar an mBearna Phá idir na hInscní i mí Eanáir 2025 freisin.

Agus béim ar leith á leagan ar dhéileáil leis an mbearna phá idir na hinscní, d'oibríomar leis an gClub 30% trí 2 bhall foirne a cheapadh ar an gcomhairle agus trí thacú le bainisteoir sinsearach chun páirt a ghlacadh i gClár Ceannaireachta na mBan Sinsearach. Eagraíodh imeacht ar éirigh go breá leis ar Lá Idirnáisiúnta na mBan freisin mar aon le díospóireacht phainéil maidir

leis na dúshláin atá le sárú ag mná a bhaineann leis an ualach oibre sa bhaile nach bhfeiceann aon duine. Rolladh cúrsaí oiliúna maidir le claontacht neamh-chomhfhiúrach amach ar fud na heagraíochta arís agus ní mór do gach bainisteoir earcaíochta cúrsaí oiliúna a chur i gcrích sula nglacann siad páirt i bhfeachtas earcaíochta.

Éagsúlacht agus Ionchuimsiú a Chur Chun Cinn

Is iad Éagsúlacht agus Ionchuimsiú bunchlocha ár bpleanála fála tallainne agus d'oibríomar le Back to Work Connect chun ár ról a fhógairt, agus leagamar béim ar an tsolúbthacht a bhaineann lenár dTimpeallacht Oibre Cumaisc agus leis na tacaíochtaí iontacha atá ar fáil laistigh dár soláthar ComWell do dhaoine atá ag filleadh ar an obair i ndiaidh tréimhse fhada. Mar chuid den obair atá á déanamh againn chun creidiúnú Boinn Airgid a fháil tá athbhreithniú á dhéanamh againn freisin ar ár bhfógraíocht earcaíochta agus ar ár bpróisis inrochtaineachta.

Tá dualgas reachtúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn idirdhealú a dhíothú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a mball foirne, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a bhfuil tionchar ag a mbeartais agus a bpleananna orthu a chosaint. Is oibleagáid é seo agus a bhfuil a bhunús in Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Tá measúnú déanta ag ComReg ar shaincheistean a bhaineann le comhionannas agus cearta an duine atá ábhartha dá chuspóir agus feidhmeanna (foilsithe i mí Feabhra 2025) agus tá comhaontú déanta maidir le sraith beart chun déileáil leis na bearnaí a sainaithníodh mar thoradh ar an measúnú sin.

Tá an fhoireann Acmhainní Daonna tiomanta d'eispéireas fostaí den chéad scoth a chur ar fáil. Tá athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár gcórais Acmhainní Daonna, tá tascanna riaracháin á n-uathobriú againn chun rioscaí cosanta sonraí a laghdú agus chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú. Tá tionscadal á chur i gcrích againn chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach beartas agus nós imeachta Acmhainní Daonna, L&D agus H&S, obair atá le cur i gcrích in 2025. Is é cuspóir an athbhreithnithe sin a chinntiú go bhfuilimid cothrom le dáta agus comhlíontach le reachtaíocht mar aon leis an deis a thapú chun uathobriú a dhéanamh, éifeachtúlachtaí a aimsiú agus a chinntiú go bhfuil ár mbeartais ábhartha agus go gcuirtear gach duine san áireamh iontu.

Ceanglaítear ar ComReg alt 25, alt 26, alt 27 agus alt 28 d'Acht um Míchumas, 2005, a chomhlíonadh. Faoi Acht, cinntíonn ComReg go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar na limistéir phoiblí dár bhfoirgneamh agus go bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar ár seirbhísí poiblí freisin.

Breithniú

Bhunaigh an tAcht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023, a tháinig i bhfeidhm ar an 9 Meitheamh 2023, córas breithniúcháin chun cumarsáid leictreonach a rialú. Faoi gcóras seo, breithníonn Breithneoirí neamhspleácha, atá ceaptha ag an Aire, i ndiaidh dóibh a bheith ainmnithe ag ComReg, cásanna arna n-atreorú ag Oifigigh Údaraithe an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide agus déanann siad cinntí maidir le cibé acu ar sháraigh nó nár sháraigh oibritheoir líonraí nó seirbhísí cumarsáide leictreonaí foráil rialála ábhartha. Má chinneann na Breithneoirí gur tharla a leithéid sin de shárú, déanfaidh siad cinneadh, más cuí, maidir le haon smachtbhanna ba cheart a fhorchur ar an oibritheoir atá i gceist.

I measc na smachtbhannaí atá ar fáil do Bhreithneoirí tá treoracha chun sárú rialála a fhoirceannadh, orduithe chun aisíocaíochtaí a íoc i ndáil le róthaillí, orduithe chun cúiteamh a íoc le híospartaigh nó sáruithe rialála, forchur smachtbhannaí airgeadais, agus fionraí nó aistarraingt údaráithe ghinearálta nó ceart úsáide do speictream raidió nó uimhriú. Ní bhíonn éifeacht le cinneadh Breithneora (nó Rannán Breithneoirí) go dtí go mbíonn a leithéid deimhnithe ag an Ard-Chúirt (i gcás nuair nach ndéanann an páirtí ceadaithe achomharc maidir le cinneadh an Bhreithnithe) nó sa chás go seastar le hachomharc a cuireadh faoi bhráid na hArd-Chúirte.

Ar an 23 Feabhra 2024, cheap an tAire 15 dhuine chun feidhmeanna mar Bhreithneoirí a chur i gcrích faoi Acht 2023. Ceapadh gach duine i gcomhair téarma 5 bliana agus is féidir an téarma sin a athnuachan. As measc na mBreithneoirí seo, cheap ComReg Maureen O'Neill mar Phríomhbhreithneoir, don tréimhse go dtí an 22 Feabhra 2027, agus is féidir an ceapachán seo a athnuachan.⁹⁵

Bhunaigh ComReg na rialacha agus treoirlínte Breithniúcháin seo a leanas i mí Eanáir 2025:

- Rialacha ComReg d'Éisteachtaí Breithniúcháin ó Bhéal
- Treoirlínte ComReg maidir le hImeachtaí Breithniúcháin

Ní dhearnadh aon atreorú i rith na tréimhse ábhartha den tuarascáil bhliantúil seo dar críoch an 30 Meitheamh 2025.

⁹⁵ [Pearsanra | An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide](#)



10

Ráitis Airgeadais



Ráitis Airgeadais

an Choimisiún um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar
críoch an 30 Meitheamh 2025.

Clár na nÁbhar

Comhaltaí an Choimisiúin agus Eolas Eile	116
Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin	117
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	126
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	129
An Rádioas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Leithghabhála	131
Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh	132
An Rádioas ar an Staid Airgeadais	133
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	134
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	135

Ráitis Airgeadais

Comhaltaí an Choimisiúin agus eolas eile don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

An Coimisiún

Amhail ar an 30 Meitheamh 2025, bhí beirt
Choimisinéirí ag obair don Choimisiún:

Garrett Blaney – **Cathaoirleach**

Robert Mourik – **Coimisinéir**

Oifigí

1 Lárcheantar na nDugaí,
Sráid na nGildeanna,
Baile Átha Cliath 1

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí

Banc na hÉireann,
6–7 Sráid Uí Chonaill Íochtair,
Baile Átha Cliath 1

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

Rialachas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) a bunaíodh ar an 1 Nollaig 2022 faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Tá sé freagrach as rialú na Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí (“SCL”) agus na Líonraí Cumarsáide Leictreonaí (“LCL”), ar a dtugtar “an earnáil SCL” i dteannta a chéile, lena n-áirítear Teileachumarsáid, cumarsáid raidió, tarchur craolacháin agus seirbhísí ardráta in Éirinn agus Seirbhísí Poist sa Stát, an tSeirbhís Uilíoch Poist go háirithe.

Tá raon leathan freagrachtaí ar ComReg sna hearnálacha atá á rialú aige agus tá sé ag feidhmiú faoi reachtaíocht na hÉireann agus an AE sna réimsí seo. Tá ComReg freagrach freisin, in éineacht leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, as forfheidhmiú dhlí iomaíochta baile agus AE (seachas i ndáil le rialú cumaisc) san earnáil cumarsáide leictreonaí. Ag mí Dheireadh Fómhair 2024, bhí ComReg ainmnithe mar Údarás Inniúil Náisiúnta d’athléimneacht eintiteas criticiúil san earnáil bonneagair dhigitigh, ach gan a bheith teoranta do, líonraí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí, seirbhísí néalríomhaireachta agus ionaid sonraí faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athléimneacht Eintiteas Criticiúil), 2024.

Lena cois sin, tugadh freagrachtaí breise do ComReg faoi Acht um Rialáil Cumarsáide agus um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach (Leasú), 2023.

Sonraítear in Alt 11 d’Acht 2002, faoi réir Acht 2002, go mbeidh an Coimisiún ag feidhmiú go neamhspleách nuair a bheidh a fheidhmeanna á bhfeidhmiú aige. Sonraítear in Alt 14 den Acht go gcuimseofar sa Choimisiún Coimisinéir amháin agus nach mó ná triúr Coimisinéirí agus faoi réir an Achta seo, féadfaidh an Coimisiún a nós imeachta féin a rialú. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shonrú agus trí chinntí straitéiseacha maidir le gach príomhcheist ghnó a dhéanamh. Is é an Coimisiún agus an Fhoireann Ceannaireachta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil, rialta ComReg. Ní mór don fhoireann Ceannaireachta an treoir straitéiseach ghinearálta atá sonraithe ag an gCoimisiún a leanúint, agus ní mór dó a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag baill uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon riosca suntasach a d’fhéadfadh a bheith ann.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagadh obair agus freagrachtaí an Choimisiúin amach in Acht 2002 ar dtús. Tá ár gcuspóirí leagtha amach de réir na reachtaíochta príomhúla agus tánaistí, agus tá an creat reachtach seo á fhorbairt ó ritheadh Acht 2002 agus Acht um Rialáil Cumarsáide (Rialachán), 2007. In 2007, chuir an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007 le freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg, maraon le bearta forfheidhmiúcháin atá ar fáil.

Foráiltear in Alt 21 d'Acht 2002 'gur féidir feidhmiú fheidhmeanna an Choimisiúin a bheith á gcur i gcrích ag nó trí aon bhall foirne nó oifigeach údaráithe den Choimisiún de réir mar mheasfaidh an Coimisiún atá cuí'. Tharmlig an Coimisiún feidhmeanna áirithe ach tá nithe eile forchoimeáda go sonrach don Choimisiún chun cinneadh a dhéanamh. Áirítear ar na míreanna a bhíonn faoi bhráid an Choimisiúin

- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta & Riosca / meithleacha
- tuairiscí airgeadais / cuntais bhainistíochta
- tuairiscí feidhmíochta, agus
- nithe forchoimeáda.

Ceanglaíonn Alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún, i gcibé foirm a bheidh ceadaithe ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, gach cuntas fíorcheart ar an airgead ar fad faighte aige nó caite aige a choimeád, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe, agus idirdhealú a dhéanamh idir:

- a) a fheidhmeanna i ndáil le cumarsáid leictreonach,
- b) a fheidhmeanna i ndáil le cúrsaí poist agus
- c) a fheidhmeanna i ndáil le seirbhísí ardráta.

Nuair a bhíonn na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura féidir glacadh leis go leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag obair.
- sonraí cibé acu ar cloíodh le nó nár cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna mhíniú sna ráitis airgeadais.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Freagrachtaí an Choimisiúin (ar lean)

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnach ag am ar bith, staid airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go bhfuil Alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide á chomhlíonadh ag na ráitis airgeadais. Is é an Coimisiún atá freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach as an bplean gníomhaíochta agus as an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh meastóireacht ar fheidhmíocht an Choimisiúin trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil i mí Meithimh 2025.

Tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Coimisiún den tuairim go dtugtar léargas fíorchheart ina ráitis airgeadais ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin ag an 30 Meitheamh 2025.

Struchtúr an Choimisiúin

Sonraítear in Alt 14 d'Acht um Rialú Cumarsáide, 2002, go gcuimseofar sa Choimisiún Coimisinéir amháin agus nach mó ná triúr

Coimisinéirí. Sonraítear in Alt 15 den Acht go gceapfar Coimisinéir ar bhonn lánaimseartha i gcomhair tréimhse de nach lú ná trí bliana agus nach mó ná cúig bliana. Foráiltear san Acht freisin sa chás go mbíonn níos mó ná Coimisinéir amháin ann, go gceapfaidh an tAire duine acu chun feidhmiú mar chathaoirleach ar an gCoimisiún.

Faoi Alt 17 d'Acht um Rialú Cumarsáide, 2002, ainmneoidh an Coimisiún, sa chás nach bhfuil níos mó ná Coimisinéir amháin ceaptha faoi Alt 15, ball dá fhoireann mar leasbhall den Choimisiún ("leaschoimisinéir") a ghlacfaidh le freagracht as agus a chomhlíonfaidh, le húdarás an Choimisiúin, gach feidhm de chuid an Choimisiúin nuair a bhíonn an Coimisinéir as láthair.

Amhail ar an 30 Meitheamh 2025, bhí beirt Choimisinéirí ag obair don Choimisiún agus ba é an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a cheap iad. Tá sonraí le fáil sa tábla thíos faoi bhaill an Choimisiúin agus faoina ndátaí ceapacháin, nó athcheapacháin (ní féidir le baill den Choimisiún níos mó ná dhá théarma oifige mar Choimisinéir a chur isteach). Buaileann baill an Choimisiúin le chéile go rialta chun ceisteanna rialála agus oibriúcháin a phlé.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Struchtúr an Choimisiúin (ar lean)

Garrett Blaney Cathaoirleach	7 Eanáir 2024 (dáta athcheaptha)
Robert Mourik Coimisinéir	7 Eanáir 2024 (dáta athcheaptha) seasadh
Helen Dixon Coimisinéir	siar 28 Feabhra 2025

Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí (CIR) bunaithe ag an gCoimisiún. Ceapann an Coimisiún baill an CIR agus ní bhíonn níos mó ná seisear páirteach ann:

- beirt Choimisinéirí (Nóta: Is é an Cathaoirleach an tOifigeach Cuntasaíochta agus mar sin ní cheaptar ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Rioscaí é);
- suas le ceathrar comhaltaí seachtracha neamhspleácha.

Déanann duine de na comhaltaí seachtracha cathaoirleacht ar an CIR.

Is é ról an CIR tacú leis an gCoimisiún lena fhreagrachtaí as fadhbanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR ag feidhmiú neamhspleách ar fheidhm bhainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn CIR go bhfuil na córais rialaithe inmheánacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta á monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách.

Tuairiscíonn an CIR go foirmiúil i scríbhinn don Choimisiún Bhí na Coimisinéirí ina mbaill den CIR sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025. Bhí Garrett Blaney ina bhall de CIR go dtí gur ceapadh é mar Chathaoirleach ar an 7 Eanáir 2025 agus ba é Robert Mourik a ainmníodh ina áit.

Bhí Helen Dixon ag feidhmiú mar bhall go dtí gur éirigh sí as a cúraimí ar an 28 Feabhra 2025. Is iad seo a leanas baill sheachtracha an Choiste Iniúchta agus Riosca ar an 30 Meitheamh 2025: Michael Tutty (Cathaoirleach), an Dr Celine McInerney agus Martin Kelly. Reáchtáladh ceithre chruinniú den CIR sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Choiste Iniúchta & Riosca i gcomhair 2025 leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach ball.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Rioscaí

Ainm	Ról	Líon Cruinnithe ar freastalaíodh orthu	Táillí 2025 €	Costais 2025 €
Michael Tutty Cathaoirleach	Comhalta Seachtrach	3	6,000	Náid
An Dr Celine McInerney*	Comhalta Seachtrach	4	2,400	149
Martin Kelly	Comhalta Seachtrach	4	4,800	Náid
Garrett Blaney	Cathaoirleach	2	N/A	Náid
Helen Dixon	Coimisinéir	2	N/A	Náid
Robert Mourik	Coimisinéir	2	N/A	Náid

* Níl táillí íoctha ó mhí na Nollag 2024 de réir an phrionsabail 'Tuarastal Amháin, Duine Amháin'.

Nochtaí arna gceangal ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú gur chomhlíon ComReg ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i mí Lúnasa 2016. Ceanglaíonn an Cód go ndéanfar na nochtuithe seo a leanas.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Miondealú ar Shochair Fostaithe
Ghearrthéarmacha

Tá sochair fostaithe gearrthéarmacha sa bhreis ar €60,000 catagóirithe sna bandaí seo a leanas:

Raon (€'000)	30 Meitheamh 2025 <i>Líon</i>	30 Meitheamh 2024 <i>Líon</i>
60–70	29	19
70–80	13	9
80–90	10	13
90–100	22	23
100–110	18	18
110–120	12	9
120–130	11	10
130–140	6	4
140–150	6	6
150–160	8	7
160–170	4	2
170–180	2	1
180–190	1	1
190–200	0	0
200–210	0	0
210–220	0	0
220–230	0	0
230 +	4	4

Nóta:
Chun críche an nochtá seo, cuimsítear i sochair fostaithe gearrthéarmacha i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus sochar comhchineáil i ndáil le híocaíochtaí árachais sláinte déanta thar ceann an fhostaí ach níl ÁSPC fostóra san áireamh.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Costais Chomhairle Theicniúil

Áirítear ar chostais Chomhairle Theicniúil an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don fhoireann bainistíochta agus cuimsítear ann feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’. Costais Chomhairle Díl Taispeántar €1.5m (2024: €1.3m) ar leithligh mar chuid de na Costais Díl thíos.

	2025 €'000	2024 €'000
Comhairle Ghairmiúil & Theicniúil	12,229	10,495
Bainistíocht Teagmhála	681	605
Taighde Margaidh	310	432
Monatóireacht ar Chaighdeán na Seirbhíse	700	490
	13,920	12,022

Costais Dhlíthiúla

Tá miondealú le fáil sa tábla thíos ar na méideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí.

	2025 €'000	2024 €'000
Comhairle Díl	1,513	1,318
Costais Díl a bhaineann le hlmeachtaí Díl	(626)	2,521
	887	3,839

Bhí Costais Díl a bhain le hlmeachtaí Díl cothrom le €874,000 agus bhí na costais dlí aisghafa cothrom le €1,500,000, rud a chiallaigh go raibh an tsuim glan aisghafa cothrom le €626,000. Ní dhearna ComReg aon íocaíocht idir-réitigh agus eadrána nó íocaíochtaí socraíochta i rith na bliana.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Tá caiteachas taistil agus cothabhála catagóirithe mar seo a leanas:

	2025 €'000	2024 €'000
Taisteal Intíre	15	26
Taisteal Idirnáisiúnta	216	207
	231	233

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2025 €'000	2024 €'000
Costais Fáilteachais Foirne	24	18
Ranníocaíocht don Chlub Spóirt agus Sóisialta	16	8
	40	26

Ní glacann ComReg páirt i bhFáilteachas Cliaint. Ní chuimsítear sna méideanna thuasluaite caiteachas ar shólaistí/ ar fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó cosúil le comhdhálacha, imeachtaí agus cruinnithe a óstáil.

Ráiteas Rialachais agus Tuairisc Chomhaltaí an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Ráiteas Comhlíonta

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chothabháil. Is ionann an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus an mbonnchloch ar a bhfuil ár mbeartais rialachais chorparáidigh bunaithe.

Ceanglaíonn Alt 33 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún glacadh le, le cead ón Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, cód de bhainistíocht airgeadais a ghlacadh agus foilsiú an chóid sin a eagrú i ndiaidh é a cheadú. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chóid bainistíochta airgeadais agus an cód a athfhoilsiú de réir mar is cuí. Tá ceanglas ar an gCoimisiún freisin nóta tráchta a scríobh sa tuarascáil bhliantúil maidir leis an tslí a bhfuiltear ag cloí leis an gcód.

Tá ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin) ceadaithe ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Foilsítear an cód ar ár suíomh gréasáin. Is é beartas an Choimisiúin comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney

Cathaoirleach

Dáta: 16 Nollaig 2025

Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

Freagracht as Rialú Inmheánach

Thar ceann ComReg admhaím freagracht an Choimisiúin as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach á chothabháil agus á oibriú. Cuirtear san áireamh sa fhreagracht seo na ceanglais don Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

An Cuspóir atá leis an gCóras um Rialú Inmheánach

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ar leibhéal inseasta seachas é a chur ar neamhní ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus arna dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an córas de rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i bhfeidhm in ComReg don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Acmhainn Láimhseála Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) bunaithe ag ComReg ar a bhfuil uasmhéid de bheirt bhall ón gCoimisiún agus uasmhéid de cheathrar ball seachtracha, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta, agus tá duine de na baill sin ag feidhmiú mar Chathaoirleach. Bhuaill an CIR le chéile ceithre huaire sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025.

Tá feidhm iniúcha sheachtraigh sheachfhoinsithe bunaithe ag ComReg freisin a bhfuil dóthain acmhainní curtha ar fáil lena haghaidh agus a chuireann clár oibre atá comhaontaithe le CIR i gcrích. Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoimisiún ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Tá an beartas seo curtha ar fáil do na baill foirne ar fad a mheastar a bheidh ag obair de réir bheartais bhainistíochta riosca ComReg, chun foláireamh a thabhairt don fhoireann bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag ComReg ina sainaitheann agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun déileáil leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí bunaithe ina sainaitheann na príomhrioscaí a mbeidh ar ComReg déileáil leo agus tá siad sin sainaitheanta, measta agus grádaithe bunaithe ar a suntas. Athbhreithnítear an clár go rialta agus déanann an Coimisiún é a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá sonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe oiriúnach ann le buiséad bliantúil a bhfuil athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach air,

- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais bunaithe chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe do phróisis rialaithe monatóireachta agus roinntear eolas maidir le heasnamh rialaithe leo siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus d'fhoireann bainistíochta an Choimisiúin, más cuí, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha bunaithe:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

Ráiteas Rialaithe Inmheánaigh don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

Soláthar

Foilsíonn ComReg a Phlean Soláthair Corparáideach gach dhá bhliain, atá ceadaithe ag an gCoimisiún (Plean Soláthair Corparáideach 2024–25 i láthair na huaire). Lena chois sin, tá nósanna imeachta agus beartais bunaithe chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte nós imeachta reatha á gcomhlíonadh. Ciallaíonn nádúr ghníomhaíochtaí ComReg, i líon beag cásanna, go mb'fhéidir nach mbeadh sé indéanta nó oiriúnach rialacha agus treoirlínte soláthair chuí a chomhlíonadh. Tá beartas rialachais oiriúnach bunaithe ag an gCoimisiún atá le leanúint ina leithéid sin d'imthosca. Le linn 2025, b'ionann luach iomlán an tsoláthair neamhchomhlíontaigh agus Náid (2024: €29,000).

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag ComReg chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann ComReg ar éifeachtacht an chórais de rialú airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair atá á déanamh ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre agus an fhoireann bainistíochta shinsearach laistigh de ComReg atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 a cuireadh i gcrích ar an 10 Meitheamh 2025.

Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí le nochtadh sna ráitis airgeadais maidir le 2025.

Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney

Cathaoirleach

Dáta: 16 Nollaig 2025

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair thithe an Oireachtais



Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais - An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. San áireamh sna ráitis airgeadais tá:

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cuntas leithghabhála
- an ráiteas ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas sreabhaidh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar sna ráitis airgeadais léargas cothrom agus fíor ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin ar an 30 Meitheamh 2025 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 - *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá i gceist don Ríocht Aontaithe agus do Phoblacht na hÉireann*.

Bunús leis an tuairim

Thug mé faoin iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchta (CIIanna) mar a mholann an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí de réir na gcaighdeán sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mise neamhspleách ón gCoimisiún agus tá na freagrachtaí eile eiticíúla comhlíonta atá orm comhlíonta de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam chun bunús a thabhairt don tuairim seo.

Tuairisc ar an eolas taobh amuigh de na ráitis airgeadais, agus ar cheisteanna eile

Tá eolas áirithe eile curtha i láthair ag an gCoimisiún chomh maith leis na ráitis airgeadais. Is éard atá i gceist leis sin ná an tuarascáil bhliantúil, ráiteas rialachais agus tuairisc chomhaltaí an Choimisiúin, agus ráiteas ar chúrsaí smachta inmheánaigh. Leagtar amach san aguisín leis an tuairisc seo mo chuidse freagrachtaí mar a bhaineann lena leithéid d'eolas agus ar cheisteanna faoi leith eile a ndéanaimh tuairisciú orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam óna thaobh sin.

Andrew Harkness
Don an Ard-Reachtair Cuntas
agus Ciste agus thar a cheann

Aguisín le Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair thithe an Oireachtais

Aguisín leis an tuairisc

Freagrachtaí an Choimisiúin

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc chomhaltaí an Choimisiúin, tá an Coimisiún freagrach as

- tá ullmhúir na ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002
- a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais cothrom agus fíor de réir CTA102
- rialtacht na n-idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht bhunús cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- an méid smacht inmheánach atá ag teastáil, dar leo, le gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sé sin mar chalaiois nó mar bhotún.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin agus tuairisciú maidir leis an méid sin do Thithe an Oireachtais.

Is é an aidhm atá agam agus mé ag tabhairt faoin iniúchadh ná cinnteacht réasúnta a fháil maidir leis na ráitis airgeadais ina n-iomlána a bheith saor ó mhíráiteas ábharach, bíodh sé sin mar chalaiois nó mar bhotún. Leibhéal ard cinnteachta is ea an chinnteacht réasúnta, ach ní deimhniú iomlán é go n-aithneofar aon mhíráiteas ábharach atá ann i gcónaí má dhéantar iniúchadh de réir na gCllanna. Is féidir le míráitis a bheith mar thoradh ar chalaiois nó ar bhotún agus meastar ábharach iad má mheastar go bhféadfaidís, astu féin nó le chéile, tionchar a imirt ar na cinntiú eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCllanna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus amhras gairmiúil tríd an iniúchadh. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithníim agus déanaim measúnú ar na baol míráiteas ábharach sna ráitis airgeadais, bíodh sé sin mar chalaiois nó mar bhotún; déanaim cur chuige iniúchta a dhearadh agus a úsáid mar fhreagairt ar na baol sin; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó baol atá ann nach n-aithneofar míráiteas de thoradh calaiois ná míráiteas de thoradh botúin, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, dearmaid d'aon turas, bréagléiriú nó sárú smachta inmheánaigh a bheith i gceist le calaiois.
- Faighim tuiscint ar an smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun cur chuige iniúchta a dhearadh atá oiriúnach don chomhthéacs, ach ní faighim an t-eolas sin ar mhaithe le tuairim a léiriú ar éifeacht an smachta inmheánaigh.
- Déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus nochtuithe gaolmhara a mheas.

- Déanaim conclúidí maidir le hoiriúnacht bhunús cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábharach ann mar a bhaineann le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh cumas an Choimisiúin leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a chur in amhras. Má bhím den tuairim go bhfuil éiginnteacht ábharach ann, tá dualgas orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, murar leor na nochtuithe sin, mo thuairim a leasú. Bunaítear mo chuid conclúidí ar an bhfianaise iniúchta atá faighte go dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh an Coimisiún gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais a mheas, na nochtuithe san áireamh, agus déanaim measúnú ar cé acu an dtugtar nó nach dtugtar sna ráitis airgeadais léargas ar bhun-idirbhearta agus ar bhun-imeachtaí ar bhealach a chinntíonn cur i láthair cothrom.

Bím i dteagmháil leo siúd a bhíonn ag plé le rialachas maidir le scóip agus am an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon bhearna shuntasach i gcúrsaí smachta inmheánaigh a aithníim le linn m'iniúchta, i measc ceisteanna eile.

Déanaim tuairisciú, go heisceachtúil, má bhím den tuairim

- Nach bhfuil an t-eolas nó na mínithe ar fad a theastaíonn uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasáiochta chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Eolas taobh amuigh de na ráitis airgeadais

Ní áirítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní déanaim aon chonclúid deimhniú ar a leithéid.

Mar a bhaineann le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá ceangal orm faoi na Cllanna an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus, agus mé á dhéanamh sin, machnamh a dhéanamh ar an eolas eile agus an ea nach bhfuil sé ag teacht, ar bhealach ábharach, leis na ráitis airgeadais ná leis an eolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó má bhíonn an chuma air go bhfuil míráiteas ábharach de chineál eile ann. Má mheasaim, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích agam, go mbeineann míráiteas leis an eolas eile seo, is gá dom é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar cheisteanna eile

Tugaim faoin iniúchadh faoi réir na gcoinníollacha faoi leith a bhaineann le gnóthais Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriocht. Déanaim tuairisciú maidir le ceisteanna ábharacha a thugaim faoi deara a bhaineann leis an gcaoi a dtugtar faoi ghnó poiblí.

Déanaim iarracht teacht ar fhianaise maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisciú ar aon chás ábharach a aithníim nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcricíoch a leagadh amach dó nó nuair nár tháinig idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cuntas Leithghabhála don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

	Bliain go 30 Meitheamh 2025						Bliain go 30 Mei 2024
	Nótaí	Cumarsáid Leictreonach		Postas	Seirbhísí Ardráta	Iomlán	Iomlán
		Tobhach €'000	Eile €'000	Tobhach €'000	Tobhach €'000	€'000	€'000
Ioncam							
Tobhach		7,411		1,821	705	9,937	9,196
Táillí Ceadúnaithe	2	–	58,765	–	–	58,765	57,472
Ioncam Eile	2	–	7,037	–	–	7,037	3,719
Ioncam Iomlán		7,411	65,802	1,821	705	75,739	70,387
Caiteachas							
Costais Foirne	3	11,640	7,168	794	249	19,851	17,724
Costais Sochair Scoir	17(b)	2,000	1,249	136	43	3,428	2,890
Comhairle Theicniúil	4	6,899	5,720	1,018	283	13,920	12,022
Costais Dhlíthiúla	5	1,112	(317)	79	13	887	3,839
Fógraíocht		1,008	16	–	–	1,024	355
Costais Riaracháin	6	2,771	2,142	145	80	5,138	4,148
Íocaíocht do na hIníúcháirí		19	12	1	1	33	30
Costais Áitribh agus Ghaolmhara		1,449	963	74	44	2,530	2,548
Dímheas agus amúchadh	7, 8	902	568	46	27	1,543	1,883
Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	15	895	–	–	–	895	811
Caiteachas Iomlán		28,695	17,521	2,293	740	49,249	46,250
Barrachas/ (Easnamh) roimh Leithghabhálacha		(21,284)	48,281	(472)	(35)	26,490	24,137
Lúide: Leithghabhálacha							
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil	12					(335)	(1)
Iníochta leis an Lárchiste	13					(24,997)	(22,831)
Coigeartú an Chúlchiste Pinsin	13					(1,158)	(1,305)
Barrachas i ndiaidh Leithghabhálacha						–	–

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus Nóta 1–23. Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney

Dáta: 16 Nollaig 2025

Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

		Bliain go 30 Meí 2025	Bliain go 30 Meí 2024
	Nótaí	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Barrachas i ndiaidh Leithghabhálacha			
Scéim le Sochar Sainithe ComReg			
Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	17(f)	(5,027)	813
Gnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	17(f)	8,208	(1,828)
Athruithe ar thiomhdí atá mar bhonn le luach láithreach Oibleagáidí sochair scoir don bhliain reatha		–	–
Aistrithe a bhain le seirbhís roimhe seo	17(g)	–	–
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach sa bhliain		3,181	(1,015)
Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair			
Gnóthachain/(Caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir		1,141	(403)
Athruithe ar thiomhdí atá mar bhonn le luach láithreach Oibleagáidí sochair scoir		–	–
Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha		(1,141)	403
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach sa bhliain		–	–
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain		3,181	(1,015)
Gluaiseacht sa Chúlchiste Sochair Scoir			
Iarmhéid ar an 1 Iúil		5,045	4,755
Gnóthachain/(Caillteanais) Aitheanta Iomlána sa bhliain		3,181	(1,015)
Coigeartú an Chúlchiste Pinsin	13	1,158	1,305
Iarmhéid ar an 30 Meitheamh		9,384	5,045

Seasann an Cúlchiste Pinsin Sochair Scoir don difríocht idir costas carnach na sochar scoir lúide na méideanna a íocadh go dtí seo.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus Nóta 1–23.

Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney

Dáta: 16 Nollaig 2025

Ráiteas ar an Staid Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

		Bliain go 30 Meí 2025	Bliain go 30 Meí 2024
	Nótaí	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Sócmhainní Neamhreatha			
Réadmhaoín, Innealra & Trealamh	7	4,171	3,857
Sócmhainní Doláimhsithe	8	509	488
		4,680	4,345
Sócmhainní Reatha			
Infháiltais	9	2,095	3,969
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	10	128,643	103,386
Airgead agus Coibhéis Airgid		3,738	3,074
		134,476	110,429
Dlíteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Míreanna Iníoctha	11	(134,476)	(110,429)
Glansócmhainní Reatha		-	-
Sócmhainní Iomlána Iúide Dlíteanais Reatha		4,680	4,345
Glansócmhainní Iomlána Iúide Sócmhainn Sochar Scoir		4,680	4,345
Sochar Scoir			
Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin SPSPA	17c(i)	7,900	7,322
Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Dlíteanas)	17c(iv)	(7,900)	(7,322)
Sócmhainn Scéim ComReg	17c(i)	9,384	5,045
Glansócmhainní Iomlána lena n-áirítear Sócmhainn Sochair Scoir		14,064	9,390
Ag léiriú			
Cúlchistí Caipitil	12	4,680	4,345
Cúlchiste Sochair Scoir		9,384	5,045
		14,064	9,390

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus Nóta 1–23.

Thar ceann an Choimisiúin



Garrett Blaney
Dáta: 16 Nollaig 2025

Ráiteas Sreabhaidh Airgid
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

		Bliain go 30 Mei 2025	Bliain go 30 Mei 2024
	Nótaí	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas loncaim thar Caiteachas (roimh Leithghabhálacha)		26,155	24,136
An difríocht idir an táille agus na ranníocaíochtaí pinsin		(1,158)	(1,305)
Dímheas agus amúchadh	7, 8	1,543	1,883
Ús Bainc	2	(1,147)	(850)
Aistriú cúlchiste caipitil	12	335	1
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais		1,874	(339)
(Laghdú)/Méadú ar Mhíreanna Iníoctha (seachas an Lárchiste)		(950)	(524)
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		26,652	23,002
Toradh ar Infheistíochtaí			
Ús Bainc		1,147	850
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra, Trealamh & Sócmhainní Doláimshithe a fháil	7, 8	(1,878)	(1,884)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Fáltas ó dhíol Sócmhainní		–	–
Íocaíocht leis an Lárchiste		–	–
(Glanlaghdú)/Glanmhéadú ar Airgead agus Coibhéis Airgid		25,921	21,968
Airgead agus Coibhéisí Airgid Oscailte		106,460	84,492
Airgead agus Coibhéisí Airgid Deiridh		132,381	106,460

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a bhfuil glactha ag an gCoimisiún leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus i rith na bliana roimh ré.

a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Coimisiún faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus tá oifigí aige ag 1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1.

Tá feidhmeanna an Choimisiúin sonraithe in Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus in Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna seo le rialú agus le ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craolacháin), rialú seirbhísí poist, rialú seirbhísí ardráta agus rialú an ainm fearainn .ie. Tá freagrachtaí breise ar ComReg freisin a bhaineann le hathléimneacht eintiteas criticiúil sa earnáil bonneagair dhigitigh.

Is Eintiteas Sochair Phoiblí (ESP) é an Coimisiún.

b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don Choimisiún don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 de réir na reachtaíochta infheidhme, FRS 102, an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

Bhí an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) éifeachtach i ndáil le tréimhsí tuairiscithe airgeadais a thosaigh ar nó i ndiaidh an 1 Meán Fómhair 2016 agus tá glactha leis na Ráitis Airgeadais seo.

c) Bunús Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe atá á dtomhas ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha chun feidhme go comhsheasmhach nuair a bhítear ag déileáil le míreanna a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

1. Beartais Chuntasáíochta (ar lean)

1.1 Aithint Ioncaim

Faigheann an Coimisiún ioncam ó roinnt foinsí

- Tobhaigh ar sholáthraithe áirithe chun costais an rialacháin a mhaoiniú. Seo a leanas na tobhaigh ábhartha:
 - i) An Tobhach Cumarsáide Leictreonaí – Forchuirtear an Tobhach ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Ríomhtar an íocaíocht tobhaigh atá dlite ó sholáthraí seirbhíse aonair d’aon bhliain ar leith bunaithe ar a láimhdeachas bliantúil i rith na bliana airgeadais dar críoch bliain an tobhaigh agus tá sí iníoctha i gceithre thráthchuid. Aithnítear ioncam ar bhonn infhála.
 - ii) Tobhach Poist – An Tobhach a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhíse poist a bhfuil seirbhísí poist á gcur ar fáil acu laistigh de raon feidhme na seirbhíse poist uilíoch. Aithnítear ioncam ar bhonn infhála.
 - iii) Is éard atá i gceist le Seirbhísí Ardráta (SAR) earraí agus seirbhísí is féidir leat a cheannach trí do líne thalún, fón póca, an tIdirlíon, teilifís nó facs digiteach idirghníomhach. Ar an gcuma chéanna, íocann soláthraithe seirbhísí SAR agus oibritheoirí líonra an Tobhach SAR. Déantar an tobhach a shonrascadh i riaráiste mí amháin agus aithnítear ioncam ar bhonn infhála.
- Táillí Ceadúnaithe – Is é an príomhréimse a chlúdaítear anseo ceadúnú Cumarsáide Raidió.
- Ioncam Speictrim – Is ionann ioncam agus an t-ioncam táille a íocadh leis an gCoimisiún don cheart chun speictream raidió a úsáid. Cuirtear an t-ioncam seo san áireamh sa chuntas i rith na tréimhse ina mbíonn sé dlite. In imthosca ina bhfuil moill ar thús a chur leis na ceadúnais ghaolmhara, déanann ComReg foráil don mhéid a d’fhéadfadh a bheith iníoctha bunaithe ar a mheastachán maidir le fad na moille. Ní aithnítear é seo mar ioncam agus cuirtear san áireamh mar chreidiúnaí é (féach Nóta 11). Tá athmheasúnú á dhéanamh ar mhéid na forála ag deireadh gach tréimhse chuntasáíochta.
- Ioncam eile – Áirítear ar ioncam eile ús bainc agus GBCN ar thaiscí agus ar mhéideanna iníoctha leis an gCoimisiún de bhua gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe.

1.2 Leithghabháil an Bharrachais Oibriúcháin

Tá an barrachas ginte sa bhliain, gan coigeartú an chúlchiste pinsin a chur san áireamh, iníoctha leis an Státchiste. Méideanna íoctha leis an Lárchiste faoi threoir an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (Féach Nóta 13).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

1. Beartais Chuntasaíochta
(ar lean)

1.3 Sócmhainní Neamhreatha
agus Dímheas

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear innealra agus trealamh maoine ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe d’aon fhoráil do bhearnúchán. Foráiltear do dhímheas ar gach maoín, innealra agus trealamh ag rátaí measta chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchais mheasta, mar seo a leanas:

Trealamh teicniúil	15% sa bhliain
Bogearraí ríomhaire	15% sa bhliain
Trealamh ríomhaire	33.33% sa bhliain
Daingneáin & feistis	9% sa bhliain
Troscán Oifige & trealamh oifige	15% sa bhliain
Mótarfheithicilí	20% sa bhliain

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a bheadh á fháil faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costas measta diúscartha a asbhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus ag an mbail a rabhtas ag súil leis ag deireadh a saolré ionchais. Glacann an Coimisiún le tairseach chaipitlithe íosta de €2,000.

Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le bearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais sa bhliain.

Sócmhainní Doláimhsithe

Aithnítear costais forbartha a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí inaitheanta agus uathúil arna rialú ag ComReg, agus a chruthóidh, seans, sochair eacnamaíocha a sháraíonn costais i ndiaidh bliain amháin, mar shócmhainní doláimhsithe nuair a chomhlíontar na critéir seo a leanas:

- tá sé beartaithe ag an bhfoireann bainistíochta na bogearraí a chomhlánú agus a úsáid
- tá cumas ann chun na bogearraí a úsáid
- is féidir a léiriú conas a ghinfidh na bogearraí sochair eacnamaíocha dhóchúla sa todhchaí
- tá acmhainní teicniúla, airgeadais agus eile leordhóthanacha ann Troscán Oifige & trealamh oifige 15% sa bhliain chun an fhorbairt a chur i gcrích agus a úsáid
- is féidir an caiteachas a bhaineann leis na bogearraí i rith a bhforbartha a thomhas go hiontaofa.

Sonraítear sócmhainní ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe d’aon fhoráil do bhearnúchán. Soláthraítear dímheas ag rátaí measta chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchais mheasta mar seo a leanas:

Forbairt bogearraí 15% sa bhliain

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

1.4 Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún in ann na méideanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

1.5 Cúlchiste Caipitil

In ionann an cúlchiste caipitil agus méid gan amúchadh ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

1.6 Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a bhaineann le hioncam agus le costais go dtí euro ag na rátaí malairt atá i bhfeidhm ar na dátaí a ndearnadh na hidirbhearta.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go dtí euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais.

1.7 Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Míreanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

1.8 Sochar Scoir

a) An Phríomhscéim

Tá Coimisinéirí ag obair don Choimisiún agus fostaithe a earcaíodh go díreach. Tá scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe do Choimisinéirí agus d'fhostaithe an Choimisiúin.

Baineann an scéim le daoine a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 nó leo siúd a ceapadh i ndiaidh an dáta seo a thug seirbhís cháilitheach leanúnach roimh ré roimh an 1 Eanáir 2013 i gcomhlacht seirbhíse poiblí eile. Tá an scéim á maoiniú ag ranníocaíochtaí ó Choimisinéirí, fostaithe agus ón gCoimisiún, a aistrítear chuig ciste ar leithligh atá á riar ag iontaobhaithe.

Ghlac an Coimisiún le FRS 102 a raibh tionchar aige ar ríomh Sochar Scoir. Tomhaistear sócmhainní scéime pinsin ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Tá barrachas dliteanas scéime thar sócmhainní scéime curtha i láthair sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais mar dhliteanas.

Cuimsítear sa táille phinsin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha móide an difríocht idir an toradh iarbhír ar an scéim le sochar sainithe agus costas úis dhliteanais na scéime.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

1.8 Sochair Scoir (ar lean)

b) Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Ina theannta sin, soláthraíonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”), ar scéim le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (RCPBASPD). Lena chois sin, tá an Coimisiún faoi dhliteanas ranníocaíocht fostóra a íoc le RCPBASPD de réir Imlitir 28/2016 RCPBASPD.

A mhéad a mbíonn dliteanas ábhartha i gceist, tá an dliteanas i ndáil le baill na Scéime Aonair á mheaitseáil ag sócmhainn mhaoinithe iarchurtha ar bhonn fhorálacha Alt 44 d’Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Cuimsítear sa táille phinsin sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais an ranníocaíocht fostóra. Tá an costas seirbhíse reatha móide ús ar an dliteanas SPSPA fritháirithe ag méid coibhéiseach de mhaoiniú iarchurtha. Ríomhtar an dliteanas SPSPA ar an mbonn céanna leis an bpríomhscéim atá leagtha amach thuas.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ó athruithe sna toimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas loncaim Chuimsithigh don bhliain ina dtarlaíonn siad.

Léirítear sna ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais atá ag eascairt as oibleagáidí pinsin le sochar sainithe an Choimisiúin agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear an costas a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sa tréimhse chuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad.

Tomhaistear dliteanais scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

1.9 Cánachas

Níl an Coimisiún faoi dhliteanas Cáin Chorparáide a íoc. Níl ioncam cruinnithe ag an gCoimisiún faoi réir CBL. Déantar foráil do chánachas ar ús ar thaiscí faighte.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

1. Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

1.10 Leithdháileadh Costas

Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoi Alt 32 d'Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, idirdhealú a dhéanamh idir a fheidhmeanna i ndáil le cumarsáid leictreonach, a fheidhmeanna i ndáil le nithe poist agus a fheidhmeanna i ndáil leis na seirbhísí ardráta. Sainaitnítear ioncam agus costais a bhaineann go díreach le gach feidhm ar leithligh sna cuntais. Leithdháiltear forchostais chomhroinnte ar gach feidhm i gcomhréir le líon na mball foirne a bhfuil baint acu le gach feidhm.

1.11 Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an bhfoireann bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a bhfuil tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna a tuairiscíodh maidir le hioncam agus le costais i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin agus go bhféadfaidís a bheith ábhartha. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na breithniúcháin seo a leanas ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

a) Dímhéas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar an saolré sócmhainne agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne neamhreacha, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistis, agus forbairt bogearraí, agus chinn sé go bhfuil na saolréanna sócmhainne agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

b) Oibleagáid Sochair Scoi

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha le haghaidh na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar na leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an tsochair scoir agus na bpleananna iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar thoirimhdí:

- i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh saothair amach anseo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

2. Aonair Neamhthobhaigh

	Bliain go 30 Mei 2025	Bliain go 30 Mei 2024
	Iomlán €'000	Iomlán €'000
Táille Cheadúnaithe na Cumarsáide Leictreonaí		
Táillí Cheadúnaithe Raidió 3G	1,905	1,905
Táillí Cheadúnaithe Úsáide Liobrálaithe 4G	26,934	26,233
Táillí Cheadúnaithe Raidió Eile	29,926	29,334
	58,765	57,472
Ioncam Eile		
Ús Bainc	1,147	850
Ioncam Ilghnéitheach	5,890	2,869
	7,037	3,719

In 2025, cuimsíodh in Ioncam Iearraí €5.7m faighte ó oibritheoirí i ndiaidh na gcomhaontuithe socraíochta ar thángthas orthu i ndiaidh na n-íniúchtaí a rinne ComReg ar nithe comhlíonta áirithe.

Cuimsítear in Ioncam Ilghnéitheach méideanna éagsúla atá iníoctha leis an gCoimisiún de bhua gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe a cuireadh i gcrích i rith na tréimhse. Sa chás gur cuireadh a leithéid sin de ghníomhaíochtaí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

3. Costais Foirne

Sochair Fostaithe ghearrthéarmacha	10,619	6,539	724	227	18,109	16,168
Ranníocaíocht fostóra le Leas Sóisialach	1,021	629	70	22	1,742	1,556
Tá sonraí le fáil thíos maidir le meánlíon na foirne fostaithe ag an gCoimisiún i rith na bliana, anailísithe de réir na catagóire:	102	61	5	3	171	149
Sochair Fostaithe Ghearrthéarmacha						
Bunphá					16,973	15,050
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht					1,117	1,099
Líuntas an Chathaoirligh					19	19

Tá scéim luacha saothair i gcoibhneas le feidhmíocht bunaithe ag an gCoimisiún (a bhunaigh Oifig an Stiúrthóra Rialála Teileachumarsáide ar dtús). Tá an scéim bunaithe ar fheidhmíocht aonair agus ceadaíonn an Coimisiún gach íocaíocht a dhéantar faoin scéim. As costas iomlán na Sochar Gearrthéarmach fostaí, bhain €1,117,000 (nó 6%) den fhigiúr iomlán le híocaíochtaí le baill foirne de réir fhorálacha scéim luacha saothair a bhaineann le feidhmíocht agus le téarmaí a gconarthaí fostaíochta (2024: €1,099,000 (7%)).

Príomhphearsanra Bainistíochta

Áirítear ar an bPríomhphearsanra Bainistíochta in ComReg baill an Choimisiúin. Tá mionsonraí maidir le luach saothair bhaill an Choimisiúin (seachas luach na sochar scoir tuillte i rith na tréimhse) le fáil thíos. Is baill iad den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nó den shamhail na scéime pinsean seirbhíse poiblí agus ní théann a dteidlíochtaí sa chomhthéacs sin thar théarmaí shamhail na scéime pinsean seirbhíse poiblí

	Luach Saothair Iomlán €'000
Garrett Blaney – Cathaoirleach	204
Robert Mourik – Coimisinéir	204
Helen Dixon – Coimisinéir (a d’éirigh as 28 Feabhra 2025)	134

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

4. Comhairle Theicniúil

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Comhairle Ghairmiúil/Theicniúil	13,920	12,022

5. Costais Dhlíthiúla

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Sonraítear costais dlí gan costais aisghafa ó thríú páirtithe a chur san áireamh	887	3,839

6. Costais Riaracháin

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Cothabháil Trealamh agus TF	2,549	2,082
Síntiúis le haghaidh Bunachar Sonraí/Tuarascálacha Taighde	556	490
Taisteal agus Cothabháil	231	233
Comhdhálacha/Cruinnithe	235	151
Post agus Teileachumarsáid	112	103
Stáiseanóireacht	14	45
Foilseachán	20	22
Earcaíocht	396	162
Solas, Teas agus Glanadh	189	147
Árachas	60	68
Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Foirne	562	469
Costais Riaracháin Eile	214	176
	5,138	4,148

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

7. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamhalamh

	Trealamh Teicniúil €'000	Trealamh Ríomhaireachta €'000	Bogearraí Ríomhaireachta €'000	Troscán & Oiriúnaithe €'000	Mótarf- heithic €'000	Iomlán €'000
Costas						
Ar an 30 Meitheamh 2024	4,125	14,454	903	4,660	114	24,256
Breiseanna	–	399	1,280	–	–	1,679
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–
Ar an 30 Meitheamh 2025	4,125	14,853	2,183	4,660	114	25,935
Dímheas Carntha						
Ar an 30 Meitheamh 2024	3,116	13,679	268	3,242	94	20,399
Diúscairtí	–	–	–	–	–	–
Táille don tréimhse	193	486	311	366	9	1,365
Ar an 30 Meitheamh 2025	3,309	14,165	579	3,608	103	21,764
Glanluach de réir na Leabhar						
30 Meitheamh 2025	816	688	1,604	1,052	11	4,171
30 Meitheamh 2024	1,009	775	635	1,418	20	3,857

8. Sócmhainní Doláimhsithe

	Forbairt Bhogearraí €'000	Iomlán €'000
Costas		
Ar an 30 Meitheamh 2024	745	745
Breiseanna	199	199
Diúscairtí	–	–
Ar an 30 Meitheamh 2025	944	944
Dímheas Carntha		
Ar an 30 Meitheamh 2024	257	257
Diúscairtí	–	–
Táille don tréimhse	178	178
Ar an 30 Meitheamh 2025	435	435
Glanluach de réir na Leabhar		
30 Meitheamh 2025	509	509
30 Meitheamh 2024	488	488

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

9. Infháltais

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Dlíte laistigh de bhliain amháin:		
Tobhach Riaracháin na Cumarsáide Leictreonáí	158	1,258
Ioncam Ceadúnais Raidió	774	952
Ioncam Fabhráithe	616	617
Réamhíocaíochtaí & Costais inghnóthaithe	547	1,142
	2,095	3,969

10. Short Term Investments

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	128,643	103,386

Cuimsítear in Infheistíochtaí Gearrthéarmacha Nótaí Státchiste ceannaithe ó Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Teoranta. Cuireann an Coimisiún sealúchais airgid bhreis in infheistíochtaí gearrthéarmacha. Is éard atá i gceist, den chuid is mó, leis na sealúchais airgid sin, barrachas ginte ag an gCoimisiún atá iníoctha leis an Státchiste (arna nochtadh i Nóta 13), airgead in iontaobhas i ndáil le gealltanais tugtha ag tríú páirtithe don Choimisiún, aisíocaíochtaí poitéinsiúla i ndáil le moill a bheith ar thús a chur le ceadúnais áirithe (arna nochtadh i Nóta 11 freisin) agus taiscí faighte i ndáil le Dámhachtain Speictrim Ilbhanda.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

11. Suimeanna Iníoctha

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Suimeanna Iníoctha		
Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin		
Creidiúnaithe Trádála	985	2,400
Creidiúnaithe Eile	5,736	5,725
Cáin bhreisluacha	108	140
Fabhruithe	1,988	1,457
Ioncam iarchurtha (féach ar an anailís thíos)	36,854	36,919
Párolla	1,643	1,623
Iníoctha leis an Lárchiste (féach Nóta 13)	87,162	62,165
	134,476	110,429

Áirítear ar Chreidiúnaithe Eile
aisíocaíochtaí poitéinsiúla de €5.4m
(2024: €5.4) i ndáil le moill a bheith
ar thosú na gceadúnas Úsáide
Liobrálaithe Banda 3.6GHz.

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Anailís ar ioncam iarchurtha		
Ioncam Ceadúnais Raidió	36,714	36,779
Eile	140	140
	36,854	36,919

Sa chás go n-athnuaitear ceadúnais
do thréimhse a shíneann níos faide
ná deireadh na bliana airgeadais,
iarchuirtear céatadán den ioncam sin
chun caiteachas a chomhlíonadh sa
bhliain dár gcionn.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

12. Cúlchiste Caipitil

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Iarmhéid Tosaigh	4,345	4,344
Aistriú (chuig)/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Breiseanna le sócmhainní seasta	1,878	1,884
Amúchta de réir dímhéas sócmhainní seasta	(1,543)	(1,883)
Méid curtha ar fáil mar thoradh ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	–	–
Glanmhéid (chuig) an (g)Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	335	1
Iarmhéid Deiridh	4,680	4,345

13. Leithghabháil Barrachais

Forálann Alt 30 d’Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, gur féidir leis an Aire, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin treoir a thabhairt don Choimisiún chun suimeanna a íoc leis an Státschiste. Déanann an tAire cinneadh maidir leis an méid atá le híoc i ndiaidh dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

Tá an Coimisiún ag feitheamh ar threoir ón Roinn i ndáil leis an gcinneadh deiridh maidir leis an méid atá iníoctha don Lárchiste do na blianta dar críoch an 30 Meitheamh 2024 agus an 30 Meitheamh 2025. I mí Lúnasa 2024, dheimhnigh an Roinn go bhféadfadh ComReg €39.854m a choinneáil i ndáil lena bharrachas don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2023 mar mhaoiniú eatramhach chun tacú lena fheidhmeanna nua.

Tá an méid atá dlite don Státschiste á chinneadh trí thagairt a dhéanamh don bharrachas a thaifead an Coimisiún sa tréimhse, coigeartaithe le haghaidh líon míreanna atá leagtha amach thíos.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

13. Leithghabháil Barrachais
(ar lean)

	Ollmhéid Dlite €'000	Coigeartú pinsin(b) €'000	Glanmhéid Dlite €'000
Iarmhéid dlite don Státchiste amhail ar an 30 Meitheamh 2024	62,685	(520)	62,165
Barrachas i gcomhair 2025 lena n-áirítear Aistriú ó Chúlchiste Caipitil	26,155	–	26,155
Íoctha in 2025	–	–	–
Coigeartú an chúlchiste pinsin (a)	(1,158)	–	(1,158)
Aisghlámadh na híocaíochta ciste pinsin (b)	–	–	–
	87,682	(520)	87,162

Tá na figiúirí comparáideacha a bhaineann leis an méid atá dlite don Státchiste amhail ar an 30 Meitheamh 2024 á thaispeáint thíos.

	Ollmhéid Dlite €'000	Coigeartú pinsin(b) €'000	Glanmhéid Dlite €'000
Iarmhéid dlite don Státchiste amhail ar an 30 Meitheamh 2023	40,174	(840)	39,334
Barrachas i gcomhair 2024 lena n-áirítear Aistriú ó Chúlchiste Caipitil	24,136	–	24,136
Íoctha in 2024	–	–	–
Coigeartú an chúlchiste pinsin (a)	(1,305)	–	(1,305)
Aisghlámadh na híocaíochta ciste pinsin (b)	(320)	320	–
Iarmhéid ar an 30 Meitheamh 2024	62,685	(520)	62,165

a) Is ionann coigeartú an chúlchiste pinsin agus an difríocht idir an méid pinsin gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais in 2025, suime de €3,428,000 (2024: €2,890,000), agus na ranníocaíochtaí fostóra sa tréimhse a bhí cothrom le €4,586,000 (2024: €4,194,000).

b) Chuir an Coimisiún ranníocaíocht iomlán de €5m ar fáil dá chiste pinsin (€2.5m in 2008 agus €2.5m in 2009, sin €5m ar fad). Taispeántar an méid atá dlite don Státchiste gan an ranníocaíocht seo a chur san áireamh atá á haisghabháil ag ráta €320,000 sa bhliain, fad is atá íocaíochtaí chuig an Státchiste á ndéanamh. In 2025 rinneadh aisghlámadh luach Náid (2024: €320,000).

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

14. Áitreabh agus Cóiríocht

Bhog foireann an Choimisiúin chuig áitreabh nua-léasaithe ag 1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, Baile Átha Cliath 1 ar an 6 Meitheamh 2017. Tá an t-áitreabh ligthe ar cíos ar chostas €1.6M (CBL san áireamh) sa bhliain.

Tá eolas le fáil thíos maidir le líon na n-íocaíochtaí léasa oibriúcháin íosta todhchaíocha (seachas CBL) faoi léasanna oibriúcháin neamh-incheallaithe i ndáil le háitribh atá áitithe ag an gCoimisiún mar seo a leanas:

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Iníoctha:		
Taobh istigh de bhliain amháin	1,634	2,189
Idir bliain amháin agus cúig bliana	6,423	3,390
Níos mó ná cúig bliana	133	–
	8,190	5,579

15. Ballraíocht in Eagraíochtaí
Teileachumarsáide
Idirnáisiúnta

Íocann an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (RCCS) íocaíochtaí áirithe le hEagraíochtaí Teileachumarsáide Idirnáisiúnta as fáлтаis Thobhach Riaracháin na Cumarsáide Leictreonáí. Áirítear ar an táille don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais €895,000 (2024: €811,000) don chuspóir sin. Seoltar a leithéid de tháillí i bhfoirm sonraisc chuig RCCS agus aisíocann ComReg na táillí leis an Roinn ina dhiaidh sin.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

16. Coimisinéirí, Baill Foirne agus Comhairleoirí/Comhairligh – Nochtadh Leasanna

Chomhlíon na Coimisinéirí agus an fhoireann ceanglais Alt 25 (Nochtadh Leasanna) d’Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Ní dhearnadh aon idirbheart sa bhliain a bhain le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh leas ag na Coimisinéirí nó ag aon chomhairleoir nó sainchomhairleoir.

17. Sochar Scoir

a) Cur Síos ar an Scéim

Is údarás rialála náisiúnta é an Coimisiún a bunaíodh faoi Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Forálann Alt 26 agus Alt 27 den Acht go ndéanfaidh an Coimisiún scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do agus i ndáil le Coimisinéirí agus le baill foirne, faoi réir cead a fháil ón Aire.

Tá scéim mhaoinithe le sochar sainithe bunaithe d’fhostaithe an Choimisiúin. Sainítear na sochair trí thagairt a dhéanamh do rialacháin ‘samhail’ reatha scéim na hearnála poiblí. Socraítear rátaí ranníocaíochtaí fostóra ag féachaint do chomhairle achtúireach agus d’athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta maoinithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim sochar scoir (an t-ochtódú cuid do gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú do gach bliain seirbhíse) agus sochair scoir céilí agus leanaí.

Is í an ghnáthaois scoir 65ú breithlá an bhaill. De ghnáth méadaíonn sochair scoir atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) do na baill foirne sin a ghlac páirt sa Scéim Aonair ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (RCPBASPD). Anuas air sin, tá an Coimisiún faoi dhliteanas ranníocaíocht fostóra a íoc le RCPBASPD de réir Imlitir 28/2020 RCPBASPD. Tá cuntas déanta ag an gCoimisiún ar a chostais agus ar a dhliteanas faoin scéim pinsean seirbhíse poiblí aonair (ón 1 Iúil 2017) ar bhonn fabhraithe.

Chun críche tuairiscithe de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – (FRS 102), cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach (i ndáil leis an scéim le sochar sainithe mhaoinithe) i gcrích ar an 30 Meitheamh 2025.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
b) Costais Sochair Scoir		
Comhdhéanta de: Scéim le Sochar Sainithe		
Costas reatha seirbhíse	2,751	2,546
Costas úis	2,898	2,707
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	(3,170)	(2,973)
Lúide: Ranníocaíochtaí Fostaithe	(481)	(470)
	1,998	1,810
Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPA)		
Ranníocaíocht Fostóra	1,430	1,080
Costas Seirbhíse Reatha*	1,426	976
Costas Úis	293	229
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha Pinsin Stáitchiste	(1,719)	(1,205)
	1,430	1,080
Costais Sochair Scoir Iomlána	3,428	2,890
*Tá ranníocaíochtaí fostóra luach €472,000 (2024: €360,000) aisíoctha le RCPBASPD, curtha san áireamh i ríomh an chostais seirbhíse reatha		
c) Glandliteanas Sochair Scoir (Scéim le Sochar Sainithe)		
i) Comhdhéanta de:		
Luach cóir Sócmhainní Scéime	78,851	77,817
Luach Láithreach Oibleagáidí sochair scoir	(69,467)	(72,772)
Glansócmhainn	9,384	5,045
Tabhair faoi deara: Cuimsítear i nDliteanas an Chláir Chomhardaithe i ndáil le Sochair Scoir na Scéime Aonair in 2025 Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha de €7.900m (2024: €7.322m) chun Dliteanas na Scéime Aonair de €7.900m (2024: €7.322m) a mheaitseáil rud is cúis le Glandliteanas nialasach.		

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
ii) Luach Láithreach Oibleagáidí Sochair Scoir ag tús na bliana (Scéim le Sochar Sainithe)	72,772	66,257
Costas Reatha Seirbhíse	2,751	2,546
Costas Úis	2,898	2,707
(Gnóthachan) Achtúireach	(8,208)	1,828
Sochair Íoctha	(627)	(478)
Préimheanna Íoctha	(119)	(88)
Luach Láithreach Oibleagáidí Sochair Scoir ag deireadh na bliana (Scéim le Sochar Sainithe)	69,467	72,772
iii) Athrú ar Shócmhainní Scéime (Scéim le Sochar Sainithe)		
Luach Cóir Sócmhainní Scéime ag tús na bliana	77,817	71,012
Toradh ionchais ar Shócmhainní Scéime	3,170	2,973
Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach	(5,027)	813
Ranníocaíochtaí Fostóra	3,156	3,115
Ranníocaíochtaí Ball	481	470
Sochair Íoctha	(627)	(478)
Préimheanna Íoctha	(119)	(88)
Luach Cóir Sócmhainní Scéime ag deireadh na bliana	78,851	77,817
Cuirtear an cleachtas reatha a bhaineann le sochair scoir a mhéadú de réir bhoilsciú tuarastail na hearnála poiblí san áireamh nuair a bhíonn an oibleagáid maidir le sochar scoir shainithe á tomhas.		
iv) Dílteanas Sochar Scoir (SPSPA)		
Luach Láithreach amhail ar an 1 Iúil 2024	7,322	5,583
Costas Reatha Seirbhíse	1,426	1,107
Costas Úis	293	229
(Gnóthachan) Achtúireach	(1,141)	403
Sochair Íoctha	–	–
Luach Láithreach amhail ar an 30 Meitheamh 2025	7,900	7,322

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
d) Comhdhéanamh Sócmhainní Scéime (Scéim le Sochar Sainithe)		
Bhí an méid seo a leanas san áireamh i sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana:		
Gnáthscaireanna	19,395	24,757
Bannaí	55,055	46,490
Maoin	–	626
Airgead agus Sócmhainní leachtacha eile	4,401	5,944
	78,851	77,817
Páirteach i sócmhainní na scéime ag deireadh na bliana agus arna léiriú i dtéarmaí %		
	%	%
Gnáthscaireanna	24.6%	31.8%
Bannaí	69.8%	59.7%
Maoin	–	0.8%
Airgead agus Sócmhainní leachtacha eile*	5.6%	7.7%
	100.0%	100.0%
*tá straitéisí malartacha agus cistí toraidh feabhsaithe san áireamh ann		
Meántoimhdí ualaithe úsáidte chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoibleagáidí sochair (Scéim le Sochar Sainithe)		
Ráta Lascaine	4.25%	4.00%
Ráta an mhéadaithe cúitimh	3.80%	4.10%
Meántoimhdí ualaithe úsáidte chun cinneadh a dhéanamh maidir le costas pinsin (Scéim le Sochar Sainithe)		
Ráta Lascaine	4.00%	4.10%
Toradh fadtéarmach ionchais ar shócmhainní scéime	4.25%	4.00%

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

17. Sochair Scoir (ar lean)

e) Príomhthoimhdí Achtúireacha, Airgeadais & Déimeagrafacha (Scéim le Sochar Sainithe)

	30 Meitheamh 2025 €'000	30 Meitheamh 2024 €'000
Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh:		
Ráta lascaine	4.25%	4.00%
Méaduithe tuarastail	3.80%	4.10%
Méaduithe pinsin	3.30%	3.60%
Méaduithe boilscithe	2.30%	2.60%
Seo a leanas na toimhdí Déimeagrafacha a úsáideadh		
	2025	2024
Mortlaíocht Réamhscoir & Iarscoir	S3PNA le IML 2019 (1.5%) feabhsuithe do gach ball (fritháireamh aoise -1 bhliain)	S3PNA le IML 2019 (1.5%) feabhsuithe do gach ball (fitháireamh aoise -1 bhliain)
Scor Meastar go dtéann gach	ball atá páirteach ó roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor nuair a bhíonn siad 60 bliain d'aois agus go dtéann gach ball eile ar scor nuair a bhíonn siad 65 bliain d'aois	Glactar leis go dtéann gach ball a ghlac páirt sa scéim roimh an 1 Aibreán 2004 ar scor nuair a bhíonn siad 60 bliain d'aois agus go dtéann gach ball eile ar scor nuair a bhíonn siad 65 bliain d'aois
Scor mar gheall ar Dhrochshláinte	Níl aon liúntas	Níl aon liúntas
Luathscor	Níl aon liúntas	Níl aon liúntas
Aistarraingtí	Níl aon liúntas	Níl aon liúntas
Céatadán pósta	Glactar leis go bhfuil 90% de na baill pósta.	Glactar leis go bhfuil 90% de na baill pósta.
Dífríocht Aoise idir céilí	Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fear 3 bliana níos sine ná a chéile
* Tá na toimhdí mortlaíochta roghnaithe bunaithe ar ghnáth-tháblaí ina léirítear gnáthmhortlaíocht phinsinéara agus ceadaíonn siad d'ionchas saoil a mhéadú le himeacht ama.		

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha le haghaidh na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar na leibhéil chúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha

- an tsochair scoir agus na bpleananna iarscoir. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar thoimhdí:
- a) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin
 - b) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh saothair amach anseo.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

17. Sochair Scoir (ar lean)

	30 Mei 2025 €'000	30 Mei 2024 €'000	30 Mei 2023 €'000	30 Mei 2022 €'000	30 Mei 2021 €'000
f) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí					
Oibleagáidí sochair shainithe	69,467	72,772	66,257	63,786	78,060
Luach cóir Sócmhainní Scéime	(78,851)	(77,817)	(71,012)	(64,905)	(69,724)
(Barrachas)/Easnamh don Scéim mhaoinithe	(9,384)	(5,045)	(4,755)	(1,119)	8,336
Coigeartú ó Thaithí ar Shócmhainní Scéime	(5,027)	813	745	(7,824)	8,284
céatadán na sócmhainní scéime	6.3%	1.0%	1.0%	12.1%	11.9%
(Caillteanais)/gnóthachain ó thaithí ar Dhliteanais Scéim ComReg					
Méid	8,208	(1,828)	(2,131)	(2,688)	(14)
céatadán na nDliteanas Scéime	11.8%	2.5%	3.2%	4.2%	0.0%
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar Ioncam Dliteanais Scéime Pinsin na hEarnála Poiblí					
Méid	1,141	(403)	(2)	311	(72)
céatadán na nDliteanas Scéime	14.4%	0.5%	0.0%	6.9%	1.4%

g) Seirbhís Inphinsin Roimh Ré

Baineann dliteanais na scéime pinsin le sochair scoir a eascraíonn as seirbhís leis an gCoimisiún agus seirbhís le comhlachtaí poiblí eile sula raibh baint acu leis an gCoimisiún sa chás go bhfuil an Coimisiún ar an eolas faoina leithéid sin de sheirbhís. Tá an Coimisiún i dteideal iarracht a dhéanamh costas mhaoiniú na seirbhíse roimhe sin a aisghabháil ó chomhlachtaí poiblí eile faoi théarmaí a bhallraíochta sa Líonra Aistrithe don Earnáil Phoiblí.

Le haghaidh seirbhís a d’aistrigh baill roimh an 30 Meitheamh 2025, bhí luach iomlán a leithéid sin d’íocaíochtaí a fuarthas sa bhliain go dtí an 30 Meitheamh 2025 cothrom le Náid (2024: Náid).

Taispeántar íocaíochtaí i ndáil le haistrithe i seirbhís (nuair a fhaightear iad) mar mhór ar leithligh sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

17. Sochair Scoir (ar lean)

h) Maoiniú sochar scoir

Rinneadh luacháil achtúireach thríbhliantúil ar an scéim amhail ar an 1 Eanáir 2025 agus comhaontaíodh ar an ráta ranníocaíochta molta ina dhiaidh sin. Tá an chéad luacháil achtúireach thríbhliantúil eile le déanamh amhail ar an 1 Eanáir 2028.

i) Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha do Phinsin (An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair)

Chun Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, a chomhlíonadh, ríomh an Coimisiún, mar “an tÚdarás Iomchuí”, an sochar scoir a bheidh infheidhme don Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí aonair ag an 30 Meitheamh 2025.

Baineann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin le sócmhainn a chruthú atá cothrom le dliteanas sochair sainithe na scéime seo. Tá an dliteanas i ndáil le baill na Scéime Aonair á mheaitseáil ag sócmhainn mhaoinithe iarchurtha ar bhonn fhorálacha Alt 44 d’Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

18. Dliteanais Theagmhasacha

Tá foráil iomlán déanta do chostais dlí tabhaithe go dáta sna ráitis airgeadais seo. Tá baint ag an gCoimisiún le roinnt cásanna dlí, áfach, agus tá éiginnteacht ag baint le toradh na gcásanna sin. Níor foráladh do chostais phoitéinsiúla amach anseo i ndáil leis na cásanna seo mar gheall ar éiginnteacht a bhaineann leis an toradh agus na costais a d’fhéadfaí a thabhtú.

19. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Sa ghnáthchúrsa gnó, ghlac an Coimisiún páirt in idirbhearta eile le ranna rialtais agus le comhlachtaí stáit eile. Tá eolas maidir le Luach Saothair na Príomhfhoirne Bainistíochta le fáil i Nóta 3.

20. Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Asbhaineadh €715,367 (2024: €652,929) de thuarastail i ndáil leis an Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide sa bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meitheamh 2025 (ar lean)

21. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhas idir dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo atá le heisiúint a cheanglaíonn na ráitis airgeadais a choigeartú.

22. Gnóthas Leantach

Measann an Coimisiún, de bhrí go bhfuil fáltais tobhaigh agus táillí dá bhforáiltear dóibh in Ionstraimí Reachtúla á mbailiú de réir réamh-mheastachán, gur cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

23. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh Garrett Blaney,
Cathaoirleach, na ráitis airgeadais seo
don Choimisiún ar an 16 Nollaig 2025.

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel +353 1 804 9600

Rphost | Email strategy@comreg.ie

Suíomh | Website www.comreg.ie



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide
Commission for
Communications Regulation

ComReg.ie